


An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

# Tuarascáil an Uachtaráin

Meán Fómhair 2015 - Lúnasa 2016



## Tuarascáil an Uachtaráin
## An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
## Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

Meán Fómhair 2015 - Lúnasa 2016

Le cur faoi bhráid Údarás Rialaithe an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath ag a chruinniú an 20 Nollaig 2016.

ISBN: 978-1-910963-08-01

# Clár


| | |
|---|---|
| Forléargas ón Ollamh Andrew J. Deeks, Uachtarán UCD | 2 |
| UCD de réir Uimhreacha | 8 |
| Oideachas | 12 |
| Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar | 22 |
| Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD | 34 |
| Coláiste an Ghnó UCD | 38 |
| Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD | 42 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte agus Talmhaíochta UCD | 46 |
| Coláiste na hEolaíochta UCD | 50 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD | 54 |
| Forbairt Airgeadais agus Chaipitil | 58 |
| Rannpháirteachas Domhanda | 64 |
| Gnóthaí Sláinte | 68 |
| Acmhainní Daonna | 70 |
| Dámhachtainí Ollscoile | 72 |
| Ceapacháin | 78 |
| Scor d'Oifig | 79 |

# Forléargas ó Uachtarán UCD





Cuairteoirí ar an gcampas le haghaidh Fhéile Thionscnaimh UCD sa Mheitheamh.



**An tOllamh Andrew J. Deeks, Uachtarán**

Agus an tríú tuairisc á foilsiú agam mar Uachtarán ar an Ollscoil iontach seo, tá áthas orm a rá go bhfuil éacht as cuimse déanta ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath sa tír seo agus ar fud an domhain chun cur le bláthú na sochaí trí chéile.

Is é an ghéarchéim mhaoinithe an dúshlán is mó atá romhainn i gcónaí. Tá gearradh 28% déanta ar mhaoiniú an státchiste d'earnáil an tríú leibhéal le 7 mbliana, agus méadú 18% tagtha ar líon na mac léinn sa tréimhse chéanna.

I mí Iúil, chuir an tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton, TD, fáilte roimh Thuairisc an Ghrúpa Saineolaithe ar Mhaoiniú na hEarnála Ardoideachais Don Aimsir Amach Anseo. Ba é Peter Cassells a bhí ina Chathaoirleach ar an ngrúpa, a bunaíodh chun riachtanais mhaoinithe a bheidh in earnáil an ardoideachais amach anseo a scrúdú agus chun roghanna a chur i láthair maidir le straitéis mhaoinithe fhadtéarmach inmharthana a fhorbairt don earnáil.

Ba é conclúid na tuairisce sin nach leor na socruithe atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le maoiniú agus áitítear sa tuairisc gur gá straitéis mhaoinithe shoiléir don earnáil a chur i dtoll a chéile agus a chur i bhfeidhm, straitéis a fhágfaidh bonn láidir, seasmhach a bheith faoin maoiniú chun an córas a chothú agus a choinneáil beo san am atá le teacht. Cuirtear roinnt roghanna maoinithe ar fáil sa tuairisc chun an méid sin a bhaint amach.

Tá ag éirí thar cionn linn in ainneoin córas náisiúnta maoinithe briste a bheith ann, ach is i ndeireadh na feide atáimid anois de bharr nach bhfuil dóthain infheistíochta déanta san earnáil le blianta. Leanfaidh mé orm ag obair le comhghleacaithe san earnáil tríú leibhéal chun tacaíocht pholaitíochta a fháil i dtreo is go ndéanfar dóthain infheistíochta san earnáil.

In ainneoin nár éirigh go hiontach linn i gcuid de na ranguithe idirnáisiúnta, tá dul chun cinn á dhéanamh againn ó thaobh líon na sleachta athfhriotail a bhaineann lenár gcuid rann agus bearta intomhaiste eile. Is féidir linn a bheith san iomaíocht leis na hollscoileanna is fearr ar domhan nuair a bhíonn ár ndóthain maoinithe againn agus bímid san iomaíocht leo nuair a bhíonn an scéal amhlaidh.

## Straitéis 2015-2020

Táimid beagnach bliain curtha dínn againn de Straitéis 2015-2020. Tá obair á déanamh ar fud na hOllscoile mar chuid den phróiseas pleanála straitéisí agus déanaimid cinntí dá réir d'fhonn is gur féidir linn ár gcuid cuspóirí a bhaint amach. Foireann Bhainistíochta na hOllscoile.

## Foireann Bhainistíochta na hOllscoile

Fógraíodh i rith na bliana gur ceapadh an tOllamh Dolores O'Riordan ina Leas-Uachtarán um Idirchaidreamh Domhanda. Tá sí freagrach as Mór-Thionscnamh Straitéiseach 4 - Engaging Globally - a bhrú chun cinn. Tá glactha ag an Ollamh O'Riordan leis an bpost seo ar bhonn páirtaimseartha agus leanfaidh sí uirthi ina Stiúrthóir ar Institiúid Bia agus Sláinte UCD.

Ceapadh Tristan Aitken, a bhí le Diageo roimhe seo, ina Stiúrthóir ar Acmhainní Daonna i mí na Samhna 2015. Chríochnaigh Príomhoide Choláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí, an tOllamh Maeve Conrick, a téarma ag deireadh mhí Lúnasa 2016. Is mian liom buíochas a ghabháil le Maeve as a cuid díograise agus as an tseirbhís a thug sí le linn di a bheith ag obair anseo. Chuireamar fáilte, i mí Mheán Fómhair 2016, roimh a comharba, an tOllamh Sarah Prescott, a tháinig chugainn ó Ollscoil Aberystwyth.

## Straitéis Dhomhanda UCD

Tá an domhandú ar cheann de bhuntionscnaimh straitéiseacha UCD. Tar éis cheapachán an Ollaimh O'Riordan, sheolamar Straitéis Dhomhanda UCD, a bhfuil cúig bhunchuspóir ann:

1. Cultúr domhanda ar leith a fhorbairt a chuimseoidh an uile ghné de shaol na hOllscoile
2. Caidrimh straitéiseacha a leathnú agus a fhorbairt chun cur lenár gcuid idirchaidrimh dhomhanda
3. Cur lenár gcáil ar fud an domhain maidir le feabhas an oideachais, an taighde agus na hinniúlachta, agus maidir le méid an tionchair a imrímid ar chúrsaí
4. Cur leis an tionchar domhanda atá againn ó thaobh na scoláireachta, an taighde, agus na hinniúlachta
5. Timpeallacht a fhorbairt le haghaidh ghníomhaíochtaí domhanda UCD

Cuirfidh an straitéis uaillmhianach seo lenár gcultúr idirnáisiúnta, déanfaidh sí ár gcáil dhomhanda a leathnú amach agus méadófar an tionchar atá againn ó thaobh fheabhas na scoláireachta, an taighde agus na hinniúlachta i dtaca le ceisteanna tábhachtacha domhanda dá barr. Féachann ranna agus baill foirne na hOllscoile leis na cuspóirí seo a chur i bhfeidhm i gcaitheamh an ama.

## Oideachas

Is iad na mic léinn croí an Choláiste. Is chun oideachas a chur orthu atáimid anseo. Trínár gcur chuige múinteoireachta agus foghlama féin, féachaimid lena n-intinn a oscailt agus fáilte a chur roimh smaointe nua, smaointeoireacht níos doimhne a dhéanamh agus dúshlán na gcoinbhinsiún a thabhairt. Lena chois sin, tá súil againn go spreagfaimid iad le tionchar a bheith acu ar an tsochaí agus le bheith ina saoránaigh dhomhanda. Is mar gheall orthusan a oibríonn baill foirne agus baill roinne as lámha a chéile chun pobal a chothú ina n-aithnítear feabhas, comhar agus saothar.

I mbliana, sheolamar agus chríochnaíomar an chéad chéim d'athbhreithniú cuimsitheach curaclaim agus tionscadal feabhais, áit ar scrúdaíodh breis agus 550 clár fochéime agus clár céime múinte. Tá machnamh déanta againn ar struchtúir na modúl atá i bhfeidhm le 10 mbliana agus tá athruithe a mheasaimid atá riachtanach á mbeartú againn chun cur leis an méid atá le tairiscint againn. Tá caint déanta ar an méid sin agus ar thionscnaimh eile ag Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir na hOllscoile, an tOllamh Mark Rogers, ina thuairisc.

Is sinn an Chéad Rogha ag beagnach 9,000 mac léinn agus tagann níos mó ná 7,000 mac léinn idirnáisiúnta thar tairseach againn, rud a chuireann go mór le saol an champais. Féachaimid i gcónaí le mic léinn as an uile chúlra a mhealladh chun an Choláiste le go mbeidh sé ina scáthán ar an tsochaí trí chéile. Is mór is cás linn oideachas a chur ar fáil do chách agus féachaimid i gcónaí le deiseanna oideachais a sholáthar do ghrúpaí agus do phobail neamhthraidisiúnta.

## Taighde, Inniúlacht agus Tionchar

Súil siar leis an Ollamh Orla Feely ar thaighde, ar inniúlacht agus ar thionchar UCD le bliain. Ba bhliain í seo inar léirigh taighdeoirí UCD an stuif atá iontu agus conarthaí ar fiú €93.7 iad, a maoiníodh ón taobh amuigh, cláraithe acu.

Tá UCD fós an-tiomanta do thaighde den scoth sna disciplíní ar fad agus ar gach leibhéal. Tá an-mheas againn ar bhuniniúchadh domhain agus ar thaighde as a ngineann iarratais ghearrthéarmacha, agus tuigimid go neartaíonn ceann ceann eile. Cothaímid caidreamh le lucht tionscail, le heagraíochtaí sóisialta agus cultúir, leis an rialtas agus le páirtnéirí eile chun fadhbanna a aithint agus a réiteach sa chás gur cabhair é ár gcuid saineolais. Bímid i mbun oibre ar fud an domhain, ag dul i mbun taighde le 2,775 institiúid i 146 tír.

Is ceannródaí é UCD i réimsí na hinniúlachta agus na fiontraíochta chomh maith. Tá caoga comhlacht againn ar an gcampas, idir NovaUCD, Ionad na hOllscoile um Fiontair agus Fiontraithe Nua, agus NexusUCD, an tIonad Páirtnéireachta Tionscail.

Foilsíodh níos túisce i mbliana Innovation 2020: Excellence, Talent, Impact, Ireland's national strategy for research and development, science and technology. Cuid lárnach den straitéis ná tiomantas infheistíocht phoiblí agus phríobháideach sa taighde a mhéadú, agus 2.5% den GNP a bheith mar sprioc faoin mbliain 2020. Tá tuilleadh infheistíochta le déanamh agus le díriú ar mhéaduithe substaintiúla a bhaint amach i gcúrsaí máistreachta taighde agus i líon na ndaoine a chláraíonn chun PhD a dhéanamh, a dhéantar i ndiaidh an Chláir Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal. Fágann seo go mbeifear ábalta infheistiú in áiseanna agus i dtrealamh nua, clár nua chun tacú le taighde atá beag beann ar theorainneacha, níos mó rannpháirtíochta a bheith in eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus tionscnaimh eile. Tagaimid leis an méid uaillmhianach atá sa straitéis náisiúnta agus táimid ag súil le bheith ag obair leis an rialtas agus le páirtnéirí eile chun é a fhíorú.

## Deich mBliana na gCuimhneachán - 1916 a Chomóradh

Táimid anois i lár Dheich mBliana na gCuimhneachán, a théann siar go dtí an bhliain 1912, tráth ar tugadh tríú Bille Home Rule isteach, agus uaidh sin go dtí an Chéad Chogadh Domhanda (1914-1918), Éirí Amach na Cásca (1916), agus uaidh sin arís go dtí Cogadh na Saoirse (1919-1921) agus Cogadh na gCarad (1922-1923). Cé go bhfuil tábhacht leis na himeachtaí seo ar bhonn áitiúil, bhí tionchar ag an méid a bhí ag tarlú ar fud an domhain orthu agus bhí tionchar acu féin ar chúrsaí polaitíochta ina lán tíortha.



*Meascán dathanna le feiceáil ag Féile Thionscnaimh UCD sa Mheitheamh.*



*Tar éis Phlé na gCeannairí, 'After Empire' ag seimineár na mac léinn (ó chlé go deas) Salman Khurshid, iar-Aire Dlíthe agus Aire Gnóthaí Eachtracha na hIndia; HE Thabo Mbeki, iar-Uachtarán na hAfraice Theas; agus HE Benjamin Mkapa, iar-Uachtarán na Tansáine.*

Toisc a oiread scoláirí breátha a bheith anseo sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, go mór mór i réimse na daonnachta agus na n-eolaíochtaí sóisialta, bheartaíomar tabhairt faoi chlár cuimsitheach a thabharfadh comhthéacs don tréimhse staire seo.

Mar chuid den chlár sin, chuir an tOllamh Orla Feely coiste ar bun a raibh sí ina Cathaoirleach air agus thionscnain babhta síolchiste chun comhghleacaithe na hOllscoile a spreagadh leis an gcuid is fearr dá gcuid scoláireachta a thabhairt chun barra agus cur ar chumas UCD déanamh de réir an chirt agus an chomhionannais, mar aon le féiniúlacht chultúir na hOllscoile a cheiliúradh, féiniúlacht a mhúnlaíonn ár gcuid smaointeoireachta agus a spreagann díospóireacht inár measc.

Tá cartlann ollmhór inár seilbh anseo a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta leis a bhaineann leis an tréimhse 1912 to 1923. Ba í an fhís a bhí

| Príomhiarratasóir | Teideal | Coláiste | Scoil |
|---|---|---|---|
| Anne C Fogarty | Reading James Joyce's Portrait of the Artist as a Young Man 1916-2016 | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta |
| Ben Tonra | The State of the State | Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí | Scoil na Polaitíochta agus na gCaidreamh Idirnáisiúnta |
| Caoimhín Mac Giolla Leith | Seacht mBua an Eirí Amach / The Seven Qualities of the Rising | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis |
| Conor Mulvagh | Globalising the Rising: 1916 in context [Conference: 5 & 6 February 2016, Decade of Centenaries] | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil na Staire |
| Conor Mulvagh | Universities in revolution and state formation: cross-national comparisons [Conference: 5 & 6 February 2015, Decade of Centenaries] | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil na Staire |
| Criostóir Mac Carthaigh | Remembering 1916: an online exhibition of audio and manuscript material from the National Folklore Collection, UCD | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Cnuasach Bhéaloideas Éireann |
| Elizabeth Mullins | Fevered archivists: Outreach strategies and the documentation of archival activity in the Decade of Centenaries | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil na Staire |
| Emilie Pine | 1916: Home: 2016 Silenced Histories, Silent Voices | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta |
| Emilie Pine | After the War: Commemorating the Great War in Ireland Symposium & Project Workshop | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta |
| Finola O'Kane Crimmins | Conflict and Concrete: Reconstruction architecture in post-1916 Dublin, and the metaphoric role of concrete | Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta | Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil |
| Finola O'Kane Crimmins | Pearse's Landscape | Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta | Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil |
| Katherine O'Donnell | Revolting Women: Women in the Suffrage, Nationalist & Workers' Movements | Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí | Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta |
| Lucy Collins | Reading 1916: An Exhibition at UCD Special Collections | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta |
| Margaret Kelleher | Global Yeats: UCD Yeats 2015 Commemoration | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta |
| Margaret Kelleher | Studies Irish and Anglo-Irish (1916, 1966, 2016) | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta |
| Mark Jones | Globalizing early twentieth century Revolutionary History | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil na Staire |
| Paul Rouse | Historyhub.ie Centenary Content | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil na Staire |
| Regina Uí Chollatáin | Torthaí na Réabhlóide [Revolution: Results and Reappraisal] | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis |
| Robert Gerwath | 1916 as a global event: A public lecture series | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil na Staire |
| Stephen Mulhall | The Citizen and the City; Disseminating Architecture at the City Assembly House (Dublin Civic Exhibition 1914) | Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta | Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil |
| Tadhg O'hAnnracháin | Tom Kettle 100, one day symposium, Friday 9 September 2016 | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil na Staire |

**Deich mBliana na gCuimhneachán**

Ba in 2014 a reáchtáladh an chéad chlár síolchiste a bhain le Deich mBliana na gCuimhneachán. Fuarthas dhá thogra agus tríocha ar bhonn iomaíochta agus tar éis próiseas iomaíochta meastóireachta a bheith ann, rinneadh aon dámhachtain is fiche a bhronnadh san Ollscoil. Cuireadh tús le bronnadh na ndámhachtainí i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus tabharfar chun críche é i mí na Nollag 2016.

againn, dá réir sin, i dtaobh an chomórtha ná go gcuirfimis leis an díospóireacht náisiúnta agus le tuiscint an phobail trí bhíthin na scoláireachta oibiachtúla, ar bhealach a thugann oideachas agus peirspictíochtaí nua chun barra.

Thugamar faoi chlár for-rochtana freisin, faoi stiúir Eilis O'Brien, Stiúrthóir na Cumarsáide agus na Margaíochta. B'éard a bhí i gceist leis an gclár ná coimisiúnú a dhéanamh ar mhórshaothar ealaíne, ar dhráma nua amharclainne, ar mhórfhóram poiblí agus ar shraith chuimsitheach forlíontaí nuachtáin. Seo a leanas achoimre ar na tionscadail seo:

1. Signatories: Toisc gur Ollamh Cúnta le Béarla ab ea duine de shínitheoirí Fhorógra na Poblachta, Tomás Mac Donnchadha, agus toisc go bhfuil oidhreacht iontach litríochta ag roinnt le UCD, bheartaigh an drámadóir Frank McGuinness, Ollamh le Scríbhneoireacht Chruthaitheach in UCD, agus Éilís Ní Dhuibhne, scríbhneoir cónaitheach, mar aon le alumni Marina Carr, Thomas Kilroy, Emma Donoghue, Joseph O'Connor, Rachel Fehily agus Hugo Hamilton, dráma sraith monalóg a scríobh, áit a gcloisfí gach duine de na sínitheoirí ag caint ina nduine is ina nduine. Páirt na banaltra Elizabeth O'Farrell a rinne Emma Donoghue. Cuireadh an chéad léiriú ar stáitse i bPríosún Chill Mhaighneann an 22 Aibreán agus ina dhiaidh sin, sa Pavilion i nDún Laoghaire, sa Civic i dTamhlacht agus sa Cheoláras Náisiúnta. Bhí lán tí daoine ann ag na léirithe ar fad. Léiríodh an dráma in Amharclann an Olympia i mí Dheireadh Fómhair agus léadh os comhair an phobail é sa Chultúrlann i mBéal Feirste. D'fhoilsigh UCD Press an saothar agus réamhrá ann leis an stiúrthóir, Patrick Mason. Fágtar Signatories le huacht ag mic léinn litríochta agus drámaíochta a bheidh ann amach anseo a mbeidh sé de phribhléid acu blaiseadh a fháil ar conas a tháinig ochtar scríbhneoirí le chéile agus aon dráma amháin a scríobh i gcomhar - d'fhonn beocht a thabhairt dá gcarachtair agus an bás ag druidim leo.


2. Sraith forlíonta 1916 UCD san Irish Independent: Ó Dheireadh Fómhair 2015 go Márta 2016, chuireamar deich gcinn d'fhorlíontaí i dtoll a chéile a foilsíodh san Irish Independent, ag tarraingt ar scoláireacht tríocha taighdeoir roinne agus céime as an iliomad disciplíní, ina measc: Stair, Gaeilge, Béarla, Ceol, Tíreolaíocht, Eolaíocht Shóisialta, Dlí, Stair na hEalaíne, an Leabharlann, na Cartlanna agus Béaloideas. Uair sa choicís a d'fhoilsítí an forlíonadh agus scaipeadh ar scoileanna ar fud na tíre é. Thug sé comhthéacs don Éirí Amach i dtéarmaí na tréimse agus na n-imeachtaí a bhí ag tarlú ar fud an domhain. Bhí ocht gcinn de na forlíontaí ag teacht le croineolaíocht na n-imeachtaí a ndearna siad cur síos orthu, agus bhain an dá cheann eile le ról na mban agus le comhthéacs cultúrtha an Éirí Amach. Is feidir na forlíontaí a léamh ar an láithreán gréasáin Deich mBliana na gCuimhneachán.

3. After Empire: Le tacaíocht na Roinne Gnóthaí Eachtracha, go háirithe an tArd-Rúnaí, Niall Burgess, d'eagraíomar ócáid ar leith do thriúr ceannairí d'iarchóilíneachtaí de chuid Impireacht na Breataine i Halla O'Reilly in UCD an 4 Feabhra. Bhí iar-Uachtarán na hAfraice Theas, Thebo Mkebi, iar-Uachtarán Tanzania, Benjamin Mkapa, iar-Aire san India, Salman Khurshid, ar aon stáitse le hUachtarán Emeritus UCD, an tOllamh Art Cosgrove, Uachtarán Acadamh Ríoga na hÉireann, an tOllamh Mary Daly, agus an Dr Conor Mulvagh. Agus iad ag caint os comhair 1,200 duine, phléigh siad go hoscailte ceist an fhoréigin san éirí amach, friotal, críochdheighilt, neamhspleáchas agus idirspleáchas agus an ról lárnach a bhí ag gach ceann acu sin maidir le forbairt dhaonlathach na saorstát. Rinneamar agallaimh le gach duine de na ceannairí sin a thaifead freisin agus is féidir breathnú orthu sin ar chainéal YouTube UCD.

4. Ba í Fuinneog Kevin Barry, a dhear Richard King ó Harry Clarke Studios i 1934, a spreag an smaoineamh saothar ealaíne comhaimseartha faoi ghloine a choimisiúnú chun an mac léinn leighis, Kevin Barry, a cuireadh chun báis, a chomóradh. Tá sé ar cheann de na saothair ealaíne is mó san Ollscoil a thaitníonn le daoine agus é thar a bheith luachmhar. Socraíodh gur saothar ealaíne gloine atá ina scáthán ar an saol nua-aimseartha is mó a bheadh feiliúnach le mic léinn UCD a spreagadh anois agus feasta de réir spiorad agus bhrí Fhorógra 1916. Tá an t-ealaíontóir, Killian Schurmann (a rugadh i 1963), a roghnaíodh tar éis comórtais, ar an ealíontóir is iomráití in Éirinn agus bronnadh an coimisiún air tar éis próiseas oscailte roghnaithe a bheith ann. Críochnóidh sé a phíosa íocónach Thaw i nDeireadh Fómhair 2016. Is i slí dála Newman atá an píosa.

*Shane O'Reilly mar Joseph Mary Plunkett ag chéad taibhsiú domhanda Signatories i bPríosún Chill Mhaighneann san Aibreán.*
*Signatories - eagrán ar leith den fhoilseachán, arna fhoilsiú ag UCD Press, á sheoladh ag an premiere domhanda.*
*Barbara Brennan ag glacadh pháirt an Altra Elizabeth O'Farrell le linn an chéad taibhsiú de Signatories i bPríosún Chill Mhaighneann san Aibreán.*










Cór UCD ag canadh i Séipéal na hOllscoile ar Fhaiche Stiabhna.

Leanfaimid orainn ag tarraingt as tobar an eolais agus na tallainne atá ag baill foirne anseo agus á dtabhairt chun barra, agus tá méid áirithe tionscadal nua beartaithe againn le haghaidh na ndeich mbliana amach romhainn.

## Teagmháil an Athuair le Alumni - Ár Lorg Domhanda

Ábhar mór bróid dom féin agus don Ollscoil, agus rud lárnach maidir le rath leanúnach UCD sa tréimhse 2015/2016, is ea an pobal ar síormhéadaitheach alumni agus an tionchar atá acu san oiread sin áiteanna sa domhan.

I rith na bliana seo caite, bhí méadú an chaidrimh atá againn lenár gcuid alumni, ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus forbairt agus neartú ionad ár gcuid céimithe i bpobal UCD, i measc na bpríomhchuspóirí a bhí agam. Tá níos mó ná 239,000 alumnus ann i 165 tír ar fud an domhain - agus leanann líonra alumni UCD de thionchar a imirt, de bheith rathúil agus gníomhach agus de bheith ina chomhlacht daoine fíordhomhanda. I rith an 12 mhí seo caite, tháinig méadú 50% ar an líon alumni a choinníonn i dteagmháil lena chéile agus le UCD trí ardán rannpháirteachais alumni, is é sin, ucdalumninetworl.com

I rith na bliana seo caite freisin, bhí cuid mhór dár alumni go mór sa nuacht agus, ina measc, bhí buaiteoirí Oscar, lúthchleasaithe Oilimpeacha, taiscéalaithe NASA, taighdeoirí agus nuálaithe Teicneolaíochta Faisnéise ann, agus bhí cur síos ar chuid mhór acu sin in eagrán mhí Mheán Fómhair den iris *Connections*. Léann 250,00 duine ar fud an domhan an iris sin agus, in eagrán na bliana seo, ceiliúradh lorg domhanda ar gcuid alumni, ar grúpa daoine dinimiciúil, idircheangailte agus uaillmhianach iad agus arb ionann a rath agus buntaca do na luachanna ar mór ag UCD iad - ionracas, sármhaitheas, coláisteacht, rannpháirteachas agus éagsúlacht.

Ceiliúradh cuid dár alumni eisceachtúla, a sheasann leis na luachanna sin, le linn Ghradam Alumni UCD i mí na Samhna tráth ar tháinig níos mó ná 400 duine de na céimithe is mó le rá de chuid UCD, le chéile in éineacht lena gcairde agus leis an bhfoireann i Halla Uí Raghallaigh UCD. I measc na ndaoine ar bronnadh gradam orthu an oíche sin i leith a saothair ar an ardán domhanda, áiríodh an Dr Catherine Day a fuair Bonn Lá na Fondúireachta UCD, an Dr Dave Burke, Leas-Uachtarán Google sa réimse *Android*, a fuair an gradam Innealtóireachta, agus an Dr Jim Sheridan a bhí ainmnithe i leith ghradam Oscar i réimse na nEalaíon.

Ceann de na buaicphointí dom féin i rith na bliana seo caite ab ea Féile thionscantach UCD ar an gcampas - is é sin le rá, Tóstal UCD tráth ar cuireadh fáilte ar ais chuig an gcampas roimh níos mó ná 6,500 duine, idir alumni, mhic léinn agus dhaoine den fhoireann, gan trácht ar a gcuid cairde. Le linn na féile ceiliúradh lorg domhanda mhic léinn agus alumni UCD trí bhíthin níos mó ná 100 imeacht tarraingteach ar fud an champais agus bhí deis ann do alumni teagmháil a dhéanamh athuair leis an gcampas uathúil seo ina bhfuil saibhreas cultúir.

Ní raibh i bhFéile UCD ach ceann amháin de 60 imeacht a reáchtáladh ar an gcampas anuraidh agus a raibh líon alumni níos mó ná riamh páirteach iontu. Bhí teagmháil againn freisin lenár bpobal alumni thar lear tríd an 38 gcraobh ghníomhacha alumni atá againn ar fud an domhain. Sa tréimhse 12 mhí seo caite, agus mé ag taisteal thar lear, bhí an t-ádh orm a bheith in ann bualadh i bpearsa le cuid mhór alumni ag imeachtaí san India, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, sa Ríocht Aontaithe agus sa tSín. I mí Feabhra, rud suntasach do UCD ab ea cuireadh a fháil fáiltiú a sheoladh i dTeach na dTiarnaí in éineacht le 250 duine dár gcuid alumni agus ba é ba théama don ócáid sin ná 'Mór-Shonraí agus an Aois Dhigiteach'.

Le bliain anuas, tá obair dhian déanta againn chun clár comhthairbheach a chruthú d'fhonn teagmháil a dhéanamh lenár gcuid alumni agus mar thoradh air sin, bhíothas in ann an t-eolas is déanaí a chur ar fáil dár gcéimithe trí chumarsáid a dhéanamh leo go rialta, trí imeachtaí a eagrú go rialta agus trí dheiseanna forbartha gairmréime gairmiúla a chur ar fáil go rialta. Mar thoradh ar an gclár nua gníomhaíochta sin, ghnóthaigh UCD Gradam Chiorcal Sármhaitheasa 2016 i leith an chláir rannpháirteachais alumni - an t-aon ollscoil amháin de chuid na hÉireann a ghnóthaigh gradam CASE i mbliana.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis na mílte alumni a leanann de bheith ag rannchuidiú lena alma mater - trína gcuid ama a chaitheamh tríd an gclár meantóireachta mac léinn nó trína mbuanna mar chainteoirí nó mar chomhairleoirí a chomhroinnt le alumni agus le mic léinn.

Tá méadú beagnach 33% ann freisin maidir leis an líon alumni a thug ranníocaíocht leis an bhfeachtas *'UCD Champions - Changing Futures'* rud a thacaíonn leis an Ollscoil. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an 3,000 alumnus a bhfuil tacaíocht á tabhairt acu don dá oiread scoláireacht arís, rud a chinntíonn go mbeidh deis ag an gcéad ghlúin eile mac léinn lorg na alumni sin a leanúint. Is tacaíocht é sin de bhreis ar an tacaíocht a thugann siad i leith chistí Leabharlainne, Forbartha Campais agus Rannpháirteachais Dhomhanda.

Táimid an-bhródúil as ár gcuid alumni agus as an rath atá á bhaint amach acu ar fud an domhain - agus tá mé dóchasach go leanfaidh an tacaíocht leanúnach a fhaightear ónár gcuid céimithe de bheith ina cuid thábhachtach den saothar a bhaineann lena chinntiú gur Ollscoil den scoth í UCD sna blianta atá romhainn.

## Fondúireacht UCD

Lean mé d'inspioráid a ghlacadh ó spiorad daingean phobal alumni UCD, ár ndeontóirí, ár gcairde agus ár gcuraidh atá tiomanta i leith difear a dhéanamh do shaol na mac léinn agus i leith rath UCD. Mar gheall ar an tacaíocht thábhachtach a fuarthas uathu ar fud na tréimhse 2015/16, bhí UCD in ann scoláireachtaí a thairiscint do mhic léinn thuillteanacha; deiseanna iontacha ánrachta a thairiscint do thaighdeoirí ceannródaíochta; foireann bhreise dáimhe a cheapadh chun dul i gceannas ar chláir cheannródaíocha; agus maoiniúchán a chur ar fáil do líon mór tionscnamh tábhachtach lena n-áirítear leabhair don Leabharlann, dámhachtainí speisialta do mhic léinn ilbhuacha agus tacaíocht a thabhairt do mhic léinn chun taisteal a dhéanamh thar lear d'fhonn tuilleadh oideachais agus scileanna taighde a fháil.

Gan dabht, ceann de na nithe ba mhó a baineadh amach i rith na bliana ab ea éachtaí ochtair de chuid Scoláirí Spóirt Ad Astra UCD le linn Chluichí Oilimpeacha Rio. Tá Acadamh Ad Astra ann de bharr grúpa deontóirí eisceachtúla a chreideann sa tsármhaitheas. Trí thacaíocht shaincheaptha, struchtúrtha a thabhairt do na scoláirí eisceachtúla sin trí Acadamh Ad Astra, tá siad in ann barr a maitheasa a bhaint amach agus a gcumas a mhéadú, rud a chumasaíonn dóibh a bhfíseanna agus a mianta a bhaint amach. Tá mé ag labhairt thar ceann phobal UCD ar fad nuair a deirim cé chomh bródúil agus atá mé as gach uile dhuine dár gcuid lúthchleasaithe ilbhuacha.

Bhí lúcháir orm fáilte a chur roimh líon suntasach comhpháirtithe corparáideacha nua a bhfuil tacaíocht geallta acu don Ollscoil. Tuigeann na ceannairí tionscail sin go bhfuil ról ag gach duine againn maidir le hoideachas a chur ar fáil don chéad ghlúin ceannairí eile i réimsí an ghnó, an chúraim sláinte, na polaitíochta, an spóirt, na sochaí agus an chultúir agus tuigeann siad freisin go bhfeabhsóidh rath amach anseo cáil na hÉireann agus cáil UCD. I rith na bliana, ghlacamar comhairle lenár gcuid alumni agus lucht tacaíochta chun a dtuairimí a fháil faoi na pleananna atá againn maidir le Forbairt an Champais. Fuaireamar freagraí ó níos mó á 2000 duine díobh a thug léargais agus tuairimí luachmhara a chabhraigh go mór linn le linn bailchríoch a chur ar ár straitéis agus bainfear úsáid as an eolas a fuarthas uathu sa chéad chéim eile d'fhorbairt na hOllscoile. Tá mé ag tnúth go mór le formhaoirseacht a dhéanamh ar an gcéad chéim eile sin sna blianta atá romhainn.

I rith na tréimhse 2015/16, tháinig méadú beagnach 20% ar líon na ndeontóirí a thug tacaíocht i leith thosaíochtaí straitéiseacha na hOllscoile i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Bhí tionchar suntasach ag gach uile euro a deonaíodh d'Fhondúireacht UCD sa tréimhse 2015/16 ar mhic léinn trí na nithe seo a leanas a sholáthar: scoláireachtaí ar bhonn tuillteanais agus riachtanais, cláir nua, aonaid thoghthacha leighis, sparánachtaí spóirt, maoiniúchán cóir agus ceolfhoirne, agus rochtain ar thaighdeoirí ceannródaíochta. Fuarthas maoiniúchán suntasach freisin chun tacú le saoráidí den scoth, lena n-airítear Institiúid Confucius na hÉireann agus Ionad Ulysses i dTeach Newman.

Ta ról fíorthábhachtach ag an daonchairdeas i rath UCD agus tá mé an-bhuíoch dár ndeontóirí go léir, arb iad cnámh droma UCD iad, as a bhflaithiúlacht agus as an spreagadh a thugann siad. Tá mé faoi chomaoin ag an líon mór tacadóirí a dhéanann níos mó na a gcion i gcáil chomhairleach, tacaíochta agus airgeadais ar mhaithe le leas na hOllscoile. Gabhaim buíochas ó chroí freisin lenár mBoird Fondúireachta a oibríonn go díograiseach agus go coinsiasach: Fondúireacht UCD, Éire; *Friends of UCD*, an Ríocht Aontaithe; agus Fondúireacht John Henry Newman, Stáit Aontaithe Mheiriceá. Is mór agam a dtiomantas agus an ndúthracht leanúnach.

An tOllamh Andrew J. Deeks,
Uachtarán

*31 Lúnasa 2016*


*Painéal na mban a ghlac páirt sa phlé Women in Leadership in éineacht leis an Seanadóir Alice-Mary Higgins; Miriam O'Callaghan, an Dr Aoibhinn Ní Shúilleabháin, an Dr Rhona Mahony agus an tOllamh Orla Feely. I Halla O'Reilly a bhí an plé, ceann d'imeachtaí Fhéile UCD sa Mheitheamh.*




# **UCD** De Réir Uimhreacha



## **Staitisticí Mac Léinn** Campaid in Éireann




# **Staitisticí Ar Mhic Léinn** Ó Thar Lear





## Briseadh Síos **ar Fhochéimithe/Céimithe**

## Mic Léinn **Fir/Mná**

**100%** 27,869
in Éirinn






Fochéimithe

Céimithe

# Mic Léinn UCD as Éirinn




# Mic Léinn Idirnáisiúnta De Réir Réigiúin



# Disciplín na **Mac Léinn Fochéime agus Céimithe** (Éire 2015 / 2016)

| Réimse Ábhair | Fochéimithe | Céimithe | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Cineálacha Clár agus Cáilíochtaí | 344 | 1 | 345 |
| Oideachas | - | 509 | 509 |
| Na hEalaíona agus na Daonnachtaí | 4,102 | 339 | 4,441 |
| Na hEolaíochtaí Sóisialta, Iriseoireacht agus Faisnéis | 1,423 | 759 | 2,182 |
| Gnó, Riarachán agus Dlí | 3,746 | 2,489 | 6,235 |
| Na hEolaíochtaí Nádúrtha, Matamaitic agus Staitisticí | 2,082 | 892 | 2,974 |
| Teicneolaíochtaí Cumarsáide agus Faisnéise (TFCanna) | 355 | 540 | 895 |
| Innealtóireacht, Déantúsaíocht agus Foirgníocht | 1,692 | 792 | 2,484 |
| Talmhaíocht, Foraoiseacht, Iascaigh agus Tréidliacht | 1,792 | 482 | 2,274 |
| Sláinte agus Leas | 3,520 | 1,836 | 5,356 |
| Seirbhísí * | 161 | 13 | 174 |
| **Mór-Iomlán** | 19,217 | 8,652 | 27,869 |

**Áirítear cláir mar Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair ina measc seo.*

*Tabhair ar aird: Déantar rangú ar fhigiúirí de réir an ISCED a úsáideann an tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) agus a úsáidtear ar bhonn níos forleithne chun comparáid a dhéanamh idir staitisticí oideachais ó thír go tír, de réir sainmhínithe a chomhaontaítear go hidirnáisiúnta.*

## **An 20 Tír is Airde** Alumni UCD**

**1.** Poblacht na hÉireann 197,443

**2.** Singeapór 9,445

**3.** An Ríocht Aontaithe (Sasana, Albain, An Bhreatain Bheag) 4,988

**4.** Stáit Aontaithe Mheiriceá 4,230

**5.** Srí Lanca 3,708

**6.** Tuaisceart Éireann 3,393

**7.** Hong Cong 2,637

**8.** Daon-Phoblacht na Síne 1,874

**9.** An Spáinn 1,177

**10.** Ceanada 1,127

**11.** An India 832

**12.** An Ghearmáin 822

**13.** An Mhalaeisia 755

**14.** An Fhrainc 751

**15.** An Astráil 677

**16.** An Iodáil 429

**17.** An Bheilg 363

**18.** An Ísiltír 309

**19.** Vítneam 267

**20.** An Eilvéis 227

*** Alumni go bhfuil sonraí teagmhála againn dóibh.*




I láthair ag seoladh thaispeántas Kevin Barry (ó chlé go deas): an Dr John B Howard, Leabharlannaí UCD, an tUachtarán Andrew J Deeks agus an tOllamh Diarmuid Ferriter, Scoile na Staire, UCD.



**An tOllamh Mark Rogers Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán**

## Réamhrá ó Chláraitheoir agus Leas-Uachtarán UCD

Cad ba mhaith linn a thabhairt dár gcéimithe mar chuimhne ar a dtaithí Ollscoile. Is mian linn go smaoineoidís air mar thréimhse deise tráth ar tugadh a ndúshlán ó thaobh cúrsaí intleachta de, tráth a bhfuair siad spreagadh ó thaobh cúrsaí cultúir de agus tráth ina ndearna siad forbairt ó thaobh cúrsaí pearsanta de.

Cuimsíonn ár gcampas nua-aimseartha saoráidí múinteoireachta agus taighde den scoth ina bhfuil teicneolaíocht faisnéise ceannródaíochta ar fáil, mar aon le struchtúir chruthaitheacha churaclaim a sheachadtar de réir caighdeáin arda múinteoireachta. Aithnímid agus tuigimid na buntáistí a ghabhann go nádúrtha le hoideachas a fháil i dtimpeallacht diantaighde. Tagann na mic léinn ó chúlraí ilchineálacha sóisialta agus cultúir agus faigheann siad teagasc agus tacaíocht ó bhaill dáimhe agus ó bhail foirne idirnáisiúnta atá gníomhach i réimse an taighde.

I gcroílár ollscoile faightear a pobal, is é sin, mic léinn foireann agus an lucht acadúil ag obair le chéile chun pobal a fhorbairt ina dtugtar aitheantas don tsármhaitheas, don saothar agus don dúthracht. Trínár gcuid clár oideachais forchéimnitheach agus uilechuimsitheach, agus trínár saoráidí agus trínár dtimpeallacht champais, malartaíonn mic léinn smaointe, forbraíonn siad a gcuid ábhar spéise, glacann siad páirt i spóirt agus i ngníomhaíochtaí eile agus oibríonn siad in éineacht le baill dáimhe agus baill foirne chun pobal na hOllscoile a chruthú.

I mbliana, rinneamar dul chun cinn suntasach maidir le Straitéis UCD 2015-2020 a chur i bhfeidhm. Lainseáladh agus críochnaíodh an chéad chéim de thionscadal cuimsitheach athbhreithnithe agus feabhsaithe curaclaim ar lena linn a scrúdaíodh os cionn 550 clár, idir chláir ar leibhéal fochéimí agus chláir mhúinte do chéimithe. Tá machnamh déanta againn ar 10 mbliana de struchtúir mhodúlacha agus tá sé beartaithe athruithe a dhéanamh a bhfuil gá leo chun na cláir uathúla a thairgimid a fheabhsú agus chun cur leo. Mar chuid dár n-athbhreithniú, tá teagmháil á déanamh againn leis na príomh-gheallsealbhóirí, le mic léinn, le fostóirí agus le céimithe ionas gur féidir linn ár gcláir a oiriúnú lena chinntiú go mbeidh ár gcéimithe ullamh do na dúshláin a ghabhann le saoránacht ghníomhach i sochaí athraitheach náisiúnta agus domhanda.

D'ainneoin an chláir shuntasaigh oibre atá ar siúl faoi láthair, leanaimid orainn mar Rogha Ollscoil in Éirinn a mhéid a bhaineann le mic léinn áitiúla agus mic léinn idirnáisiúnta araon agus ba í an chéad rogha í ag 8,760 i gcóras CAO agus tháinig méadú ar an líon mac léinn idirnáisiúnta, is é sin le rá, méadú go dtí 7,038. Shroicheamar cloch mhíle shuntasach sa bhliain 2015 nuair a tháinig 28.5% dár mic léinn fochéime isteach trí na conairí rannpháirtíochta níos leithne atá againn.

Ní hamháin go mbíonn taighde shármhaith agus dámh ghníomhach ag teastáil ar mhaithe leis an timpeallacht is fearr foghlama a bheith ann ach, freisin, bíonn gá le comhtháthú raoin leathain beartas, nósanna imeachta agus cleachtas a fheidhmíonn le chéile chun tacú le cur i gcrích ár gclár agus chun deiseanna rannpháirteachais a chur ar fáil. Táimid tiomanta, agus gníomhach, i leith breithniú a dhéanamh ar ár n-éifeachtacht i dtaca le beartais, próisis agus cleachtais de. Sa chuid seo den tuarascáil, léifidh tú faoin gcaoi a bhfuil an Ollscoil ag obair go gníomhach chun na cuspóirí sin a bhuanchoimeád.



An tOllamh Mark Rogers
Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán



## Disciplíní agus Cláir Acadúla a Neartú agus a Fheabhsú


Chuaigh na Scoileanna go léir in UCD i mbun mórthionscnamh oideachais sa tréimhse 2015/16 arbh é a bhí ann ná athbhreithniú dian ar an gcuraclam i dtaca leis na cláir go léir d'fhochéimithe agus leis na cláir mhúinte do chéimithe. Díríodh an t-athbhreithniú sin ar an tábhacht a bhaineann le leagan amach na dtorthaí foghlama nach mór do mhic léinn iad a bhaint amach agus ar an tslí inar féidir leis an ollscoil na sraitheanna iomadúla den churaclam a eagrú, a chur i gcrích agus a mheasúnú d'fhonn na torthaí sin a áirithiú. Baineadh úsáid as roinnt téamaí sonracha feabhsaithe clár le linn an phróisis athbhreithnithe, lena n-áirítear díriú ar thaighde a bheith mar chuid dhílis de thaithí na bhfochéimithe; forbairt a dhéanamh ar thréithe a bhaineann go sonrach le disciplíní, chomh maith le díriú ar thréithe ginearálta na gcéimithe; measúnú éifeachtach éifeachtúil ar thorthaí a cheapadh; agus leathnú ar an úsáid a bhaintear as teicneolaíocht chun feabhas a chur ar fhoghlaim. Leanfar ar aghaidh leis an mór-athbhreithniú sin sa tréimhse 2016/17.

Chuir Comhaltaí UCD 2014/15 i bhForbairt Acadúil & Teagaisc bailchríoch ar a dtaighde faoi dhearcadh dáimhe agus faoi dhearcadh mac léinn araon ar thionchar na nasc éagsúil taighde-teagaisc sa churaclam fochéime. Bhí cur i láthair faoi thorthaí na hoibre sin ann mar chuid de shiompóisiam Teagaisc agus Foghlama UCD, *Learning through Research*, a seoladh i mí Aibreáin 2016. Lena linn sin bhí daoine den fhoireann i ngach cuid den Ollscoil in ann scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna atá ann do UCD leas a bhaint as a láidreachtaí mar ollscoil diantaighde chun forbairt a dhéanamh ar thaithí foghlama ardchaighdeáin.

I mí na Nollag 2015, tugadh ómós d'fhoireann agus do dhámh UCD mar chuid de 'Gradaim Saineolaithe Múinteoireachta' an Fhóraim Náisiúnta d'Fheabhsúchán an Teagaisc agus na Foghlama. Bhí an tOllamh Anne Drummond, Scoil na Sláinte Poiblí, na Fisiteiripe agus na nEolaíochtaí Spóirt UCD, i measc na ndaoine ar bronnadh gradam orthu i leith a cuid oibre maidir le hacmhainní saincheaptha a dhearadh chun an t-athrú ó obair go hollscoil a éascú d'aosaigh pháirtaimseartha, aibí agus tionscal-bhunaithe. Fuair an tOllamh Drummond moladh speisialta ón bpainéal idirnáisiúnta i leith a cuid oibre ar *Bridging Non-Traditional Transitions*. Chomh maith leis sin, bhí Foireann Idirchaidrimh Leabharlainne an Choláiste (Susan Boyle; Jenny Collery; Michelle Dalton; Peter Hickey; James Molloy; Carmel Norris agus Diarmuid Stokes) ar an ngearrliosta do ghradaim foirne i leith a gcuid oibre ar shraith tacaíochtaí i réimse na foghlama a dhearadh do mhic léinn.

## Oideachas Iarchéime a Fhorbairt agus a Fhás

NIs é atá i líon na mac léinn atá rollaithe ar chláir iarchéime in UCD ná 31% de na mic léinn ar fad agus tá a líon ag fás i gcónaí. Sa tréimhse 2014/15, ba é a bhí sa líon iarchéimithe a bhí rollaithe ná 8,179 agus tháinig méadú go 8,652 ar an bhfigiúr sin sa tréimhse 2015/16. Leanann UCD dá phunann iarchéimithe a fheabhsú chun taithí oideachais ar saintréith de an dea-chleachtas a chur ar fáil dár líon méadaitheach mac léinn. Sa chomhthéacs sin, forbairt nua amháin maidir le hoideachas iarchéime a sholáthar ab ea tabhairt isteach conair-chlár múinte iarchéime. Tá conair-chláir ina sraith de chláir UCD anois ag Leibhéal NFQ 9 agus leanann céim Mháistreachta astu. Is féidir leas a bhaint as gach clár sa tsraith mar phointe iontrála agus mar phointe críochnaithe. Tacaíonn an fhorbairt sin leis an tsolúbthacht bhunúsach agus leis an tsoghluaisteacht do mhic léinn de réir phrionsabail bhunúsacha Bologna. Dá bhrí sin, aithníonn UCD an ceart atá ag mic léinn a ngnóthachtálacha oideachais a bhaint amach trí úsáid a bhaint as conairí éagsúla a mhéid a bhaineann le tráth/ré an staidéir.




*Figiúr 1: Líon na gCéimithe, UCD (Campais na hÉireann)*

**Na Príomh-Bhuaicphointí**

- Sa bhliain 2016, mar chuid dár straitéis nua i ndáil le mic léinn de chineál sármhaith agus ilghnéitheach a mhealladh agus a choimeád, rinneadh láithreán gréasáin nua feabhsaithe maidir le Staidéir Iarchéime a fhorbairt.
- Rud lárnach de chuid mhisean agus fhís UCD is ea pobal tacúil uilechuimsitheach mac léinn a fhorbairt. I gcomhréir leis an bhfís sin, chuir Staidéir Iarchéime fáilte roimh mhic léinn nua iarchéime le linn imeacht *GradsConnect* i Meán Fómhair 2015. Lena linn sin, rinneadh an tsraith chuimsitheach tacaíochtaí atá ar fáil in UCD chun taithí ardchaighdeáin a áirithiú do mhic léinn a chur ar taispeáint. Ba é sin a tríú bliain inar fháiltigh UCD go foirmiúil roimh na mic léinn nua iarchéime, agus leas á bhaint as an rath agus as an aiseolas a fuarthas sna blianta roimhe sin.
- Fuair UCD maoiniúchán ón bhFóram Náisiúnta d'Fheabhsúchán an Teagaisc & na Foghlama chun Sraith Seimineár Náisiúnta 2016 ar mheasúnacht torthaí dochtúireachta a chur ar fáil. Ina theannta sin, ina cháil mar ionadaí HEI na hÉireann, tá UCD i gceannas ar thionscadail eile in éineacht le Comhairle na Ríochta Aontaithe maidir le hOideachas Dochtúireachta.
- Leanann foireann UCD d'aitheantas a fháil ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ina cáil mar shaineolaí ar mheabhairshláinte óige, iarradh ar Dhéan an Léinn Iarchéime, an tOllamh Comhlach Barbara Dooley, dul i gceannas ar cheardlann maidir le tacaíochtaí meabhairshláinte agus leasa do mhic léinn taighde ag cruinniú U21 in Ollscoil Maryland i mBealtaine 2016. Ar bhonn a taighde ar fhorbairtí maoirseoirí san Astráil agus sa Nua-Shéalainn, bhí an Dr Janet Carton ina Cainteoir Seisiúin Iomlánaigh ag an 9ú Ceardlann EUA-CDE maidir le Forbairtí Maoirseora in Ollscoil Delft i mí Eanáir 2016.
- Sa bhliain 2015 freisin, le tacaíocht ó Ambasadóir na hÉireann chun Vítneam, AS Cáit Moran, bhí UCD páirteach i dtoscaireacht ardleibhéil a thaisteal go Vítneam le Cumann Ollscoileanna na hÉireann chun oideachas dochtúireachta in Éirinn a chur chun cinn.

## Cáilíocht a Sheachadadh agus a Thomhas


Tá roinnt modhanna ag UCD atá ceaptha chun cáilíocht a thomhas agus a fheabhsú. Ina measc sin, áirítear suirbhéanna ar shástacht agus ar rannpháirteachas mac léinn, suirbhéanna ar shástacht fostóirí le céimithe, tuarascálacha ó scrúdaitheoirí seachtracha agus athbhreithnithe tréimhsiúla ar cháilíocht scoileanna agus aonad tacaíochta.

I gcomhthéacs na n-athbhreithnithe ar cháilíocht scoileanna agus aonad tacaíochta, gnéithe tábhachtacha dá bpróiseas deimhnithe agus feabhsaithe cáilíochta is ea iad an tslí ina ndéileáiltear leis na moltaí i leith feabhsúcháin a chuireann an Grúpa Athbhreithnithe ar fáil agus forbairt an Phlean Feabhsaithe Cáilíochta (QIP) chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí sin. Breithníonn Foireann Bainistíochta na hOllscoile gach Tuarascáil ón nGrúpa Athbhreithnithe agus pléitear iad le Cathaoirleach an Ghrúpa Athbhreithnithe sula mbreithníonn Údarás Ceannais UCD iad. Ina theannta sin, tuairim is 12 mhí tar éis an QIP ullmhú i dtosach, déanann an Ollscoil faireachán ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha atá beartaithe agus ar dhul chun cinn ina dtaobh.

Tairbhe thábhachtach a bhaineann le húsáid a bhaint as tuarascálacha ó phiaraí maidir le hathbhreithniú is ea go soláthraíonn siad forléargas ar sholáthar UCD, ar forléargas de chineál seachtrach, neamhspleách é tríd is tríd, agus faightear an fhianaise ina leith go páirteach ó dhoiciméid féinmheasúnaithe an lucht acadúil agus an aonaid tacaíochta agus, chomh maith leis sin, ó shonraí tagarmharcála idirnáisiúnta a scrúdaítear agus a thástáiltear trí shraith cruinnithe a reáchtálann an painéal athbhreithnithe saineolaithe le daoine den fhoireann agus le mic léinn. Ní hionann an próiseas athbhreithnithe tréimhsiúil agus próiseas 'ticeáil boscaí', ach is modh é chun feabhsúchán a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar fud UCD, lena n-áirítear múinteoireacht agus foghlaim, taighde agus bonneagar agus feabhsú taithí na mac léinn.

Sa tréimhse 2015/16, cuireadh athbhreithnithe ar cháilíocht i gcrích i leith na n-aonad seo a leanas: Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Bheartais Comhshaoil UCD; Taighde, Tionchar agus Nuálaíocht UCD; Scoil an Leighis UCD; Scoil na Staidéar Faisnéise agus Cumarsáide UCD; Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta UCD; Ionad na Mac Léinn UCD; UCD Idirnáisiúnta; Scoil an Dlí UCD; Scoil na Seandálaíochta UCD (Tionscadal Píolótach Measúnachta Taighde); agus Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta UCD.

## Líon Iomlán Céimithe UCD in Éirinn




Méadú foriomlán ar líon na gCéimithe =

* = Tuairim is 100 duine

↑20%

le 5 bliana anuas

De ghnáth, is trí fheabhsúcháin incriminteacha leanúnacha, seachas trí athruithe bunúsacha ó bhliain go bliain, a fhaightear léiriú ar an tionchar a ghabhann le cur i bhfeidhm an chreata deimhnithe cáilíochta in UCD. I measc na samplaí áirítear an méid seo a leanas: athruithe ar phróifíl mheasúnachta modúil; tús áite a thabhairt do théamaí taighde agus maitrísí a bhaineann le foilseacháin, le hioncam ó dheontais agus le cáil idirnáisiúnta mar bhuntaca leo; nó athfhorbairt múnla ualaigh oibre scoile. Tá sé tábhachtach a lua nach bhfuil aon sainmhínithe ná méadrachtaí ann, de chineál atá comhaontaithe ar bhonn idirnáisiúnta, i dtaca le céard í cáilíocht san ardoideachas.
I roinnt Tuarascálacha ar Athbhreithniú Cáilíochta, rinneadh tagairt do thionchar an laghdaithe leantaigh ar mhaoiniúchán d'ollscoileanna sa tréimhse a bhí á hathbhreithniú. Cé nach bhfuil sé neamhghnách go luaitear saincheisteanna faoi acmhainní, agus na tionchair a ghabhann leis sin, ó am go ham i dtuarascálacha ó phiaraí, ba shuntasach an líon tagairtí agus cineál na dtagairtí a bhí ann sna tuarascálacha lena mbaineann. Ach is léir freisin de réir na dtuarascálacha nach bhfuil UCD réchúiseach d'ainneoin na ndúshlán leanúnach atá ann agus go bhfuil aghaidh tugtha ar na dúshláin trí éagsúlú a dhéanamh agus trí ioncam a ghiniúint ó fhoinsí neamh-Státchiste. Chun iomaíocht a dhéanamh go héifeachtach sa mhargadh domhanda ardoideachais, ní mór do UCD leanúint de thimpeallacht múinteoireachta agus foghlama lena ngabhann acmhainní gaolmhara a chur ar fáil i margadh an-iomaíoch ar cuid thábhachtach de 'rangú' é agus ní mór go mbeidh na nithe sin tarraingteach agus oiriúnach don chuspóir a bhaineann leo.

Rud inmholta agus rud tábhachtach atá le brath sna tuarascálacha ar cháilíocht is ea an bhéim leanúnach a leagann UCD ar fheabhsú taithí foghlama na mac léinn agus tiomantas leantach na mball dáimhe agus foirne i leith réasúnú agus nuáil a dhéanamh i bhfianaise acmhainní laghdaithe agus i leith tionchar na laghduithe sin ar mhic léinn a íoslaghdú.

Bíonn creidiúnacht an phróisis athbhreithnithe cáilíochta ag brath cuid mhór ar inghlacthacht eolas agus ar thaithí na ngrúpaí athbhreithnithe. Admhaíonn Coiste Chomhairle Acadúil UCD maidir le Cáilíocht rannchuidiú suntasach bhaill na ngrúpaí athbhreithnithe (idir athbhreithneoirí inmheánacha UCD agus athbhreithneoirí seachtracha) i leith an phróisis athbhreithnithe cáilíochta. Cabhraíonn rannpháirtíocht ball sinsearach idirnáisiúnta dáimhe agus foirne i nGrúpaí Athbhreithnithe Cáilíochta le tagarmharcáil a dhéanamh ar nithe a sholáthraímidne i gcomparáid le hinstitiúidí idirnáisiúnta mór a le rá agus, ina theannta sin, fónann sé mar mhodh chun próifíl UCD a chur chun cinn ar bhonn domhanda. De ghnáth, faightear baill sheachtracha na nGrúpaí Athbhreithnithe Cáilíochta ó institiúidí idirnáisiúnta ardoideachais sa chéad 1% sna ranguithe (agus/nó ó dhaoine a bhaineann le hábhair atá rangaithe sa chéad 1%). I mbliana tháinig na hathbhreithneoirí ó Ollscoil Dhún Éideann, ó Ollscoil Melbourne agus ó Humboldt-Universität zu Berlin. San iomlán sa tréimhse 2015/16, roghnaíodh athbhreithneoirí idirnáisiúnta as ocht dtír: Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Bheilg, an Ghearmáin, an Ríocht Aontaithe, an Danmhairg, Ceanada agus an Nua-Shéalainn.

Leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012, tugadh isteach freagrachtaí breise do Chomhlachtaí Dámhachtana Ainmnithe (DAB-anna) i gcás ina ndéantar dámhachtain de chuid DAB a sholáthar trí sholáthraí nasctha. Is é atá in DAB-anna ná na hinstitiúidí sin a bhfuil údarás acu de réir an dlí chun dámhachtainí a dhéanamh. Ina measc siúd áirítear ollscoileanna atá bunaithe cheana féin; Ollscoil na hÉireann, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn. Tá trí sholáthraí nasctha ag UCD (ina cháil mar DAB): an Coláiste Náisiúnta Ealaíne & Deartha, an Foras Riaracháin Phoiblí agus an Institiúid Bhaincéireachta. Sa tréimhse 2015/16, d'fhorbair Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) Creat Beartais nua maidir le Deimhniú Cáilíochta mar chuid de chur i bhfeidhm Acht 20`12 agus d'iarr siad ar institiúidí ardoideachais nósanna imeachta cuí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar roinnt cuspóirí beartais. Mar fhreagra air sin, d'fhorbair UCD dhá chreat nós imeachta. Is é atá sa chéad cheann ná breithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta soláthraí nasctha maidir le deimhniú cáilíochta agus na nósanna sin a cheadú go foirmiúil. Éascaíonn an dara ceann ná athbhreithniú cáilíochta institiúidí a dhéanamh ar sholáthraí nasctha chun measúnú a dhéanamh ar na sásraí deimhnithe cáilíochta atá ann chun caighdeáin acadúla a áirithiú agus chun a chinntiú go mbíonn taithí dhearfach ag mic léinn le linn dóibh a bheith san institiúid nasctha.

Ina theannta sin, i mí Aibreáin 2016, d'fhoilsigh QQI *Buntreoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta do Réimse Ardoideachais na hÉireann (Core Statutory Quality Assurance Guidelines for Irish Higher Education)*, ina n-áirítear an méid seo a leanas: Rialachas agus Bainistíocht na Cáilíochta; Earcú, Bainistíocht agus Forbairt Foirne; Teagasc agus Foghlaim; agus Tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí. Faoi láthair, tá Oifig Cháilíochta UCD ag cur sholáthar UCD in oiriúint do cheanglais na dtreoirlínte náisiúnta.

## Foghlaim, Rannpháirtíocht agus Forbairt Mac Léinn

Aithnítear go dtéann tacaíocht a thugtar do mhic léinn chun cuid dá staidéar a dhéanamh thar lear chun tairbhe dá n-oideachas ollscoile ina iomláine. Ach, ar chúiseanna éagsúla, ní bhíonn cuid mhór mac léinn in ann tréimhse




*Seoladh leagan luath de dhán Yeats, Easter, 1916, leagan nach bhfuil feicthe ag mórán. I láthair ag an seoladh, bhí (ó chlé go deas): an Dr John B Howard, an Dr Joseph M Hassett agus an tUachtarán Andrew J. Deeks.*



*Seisiún Tionscnaimh na Mac Léinn Rochtana.*

ama a chaitheamh lasmuigh d'Éirinn agus tá scrúdú á dhéanamh ag UCD ar bhealaí inar féidir le mic léinn taithí a fháil ar shoghluaisteacht 'fíorúil', is é sin le rá, deis a bheith acu chun idirghníomhú le mic léinn agus le dámha i dtíortha eile trí úsáid a bhaint as modúil ar líne.

Trí bhallraíocht UCD in *Universitas 21* (U21), tá mic léinn UCD in ann páirt a ghlacadh i gcúrsa gearr ar líne in éineacht le mic léinn eile as líonra domhanda U21 a bhfuil is cionn 1.3 milliún duine páirteach ann ar fud an domhain. Sa tréimhse 2015/16, roghnaíodh Scoil na Tíreolaíochta UCD Geography agus Scoil na Socheolaíochta UCD Sociology agus Seirbhísí TF UCD TF Services chun cúrsa gearr ar líne a cheapadh i ndáil le hUirbiú Pláinéadach atá le bheith ar fáil beo do gach mac léinn U21 i mí Dheireadh Fómhair 2016. Tá an Dr Niamh Moore Cherry ag feidhmiú m ar phríomhoideachasóir i leith an chúrsa agus tacaíocht thábhachtach á fáil aici ón Dr Joe Brady, ón Dr Gerard Mills agus ón Dr Aogán Mulcahy a bheidh i mbun múinteoireachta ar an gcúrsa. Chuir Seirbhísí TF UCD tacaíocht ardleibhéil teicneolaíochta ar fáil don tionscadal agus, ó dheireadh na bliana 2018, beidh an cúrsa ar fáil mar chéad MOOC a bheidh ag UCD ar an ardán *FutureLearn* a mbeidh rochtain oscailte iomlán air.

Leanann UCD d'fhorbairt a dhéanamh ar scileanna gnóthaithe poist agus ar shaintréithe iarchéimí chun a chumasú dóibh bainistíocht a dhéanamh ar an aistriú chuig staidéar iarchéime agus chuid saol na fostaíochta agus chun a chumasú dóibh rath a bheith acu mar shaoránaigh dhomhanda agus mar fhoghlaimeoirí ar feadh a saoil. Bhain Ionad Forbartha Gairme UCD an méid sin amach trí raon clár, imeachtaí agus seirbhísí a chuireann feabhas ar chinntí maidir le gairmréim, ar fhéinmhuinín mac léinn agus ar phunann scileanna mac léinn, lena n-áirítear cláir amhail Scileanna don Saol Oibre, cuairteanna staidéir eispéireasaigh a chuirtear i gcrích san ionad oibre, cláir mheantóireachta maidir le forbairt gairme agus creidiúnú roinnt taithí chomhchuraclaim ar ina leith a úsáidtear Dámhachtain Aitheantais Ghairmiúil *City and Guilds*.

Agus iad ag feidhmiú go lárnach agus go háitiúil araon, d'eagraigh Sainchomhairleoirí Gairme & Scileanna 196 sheisiún, idir cheardlanna agus léachtaí sainiúla, i scoileanna UCD agus bhí 8325 mhac léinn páirteach iontu. Fuair 166 mhac léinn eile deimhnithe nach raibh creidiúnú ag gabháil leo ón Ionad tar éis páirt a ghlacadh i raon gníomhaíochtaí forbartha gairme agus gairmiúla agus rinne 163 mhac léinn modúil a raibh creidiúnú ag gabháil leo i réimse na forbartha gairme agus gairmiúla. D'eagraigh Sainchomhairleoirí Gairme & Scileanna os cionn 2000 seisiún i réimse na gairmchóitseála agus na hidirghabhála treorach agus rinne 25,109 gcuairteoir uathúla teagmháil le láithreán gréasáin an Ionaid.

Sraith thábhachtach de straitéis an Ionaid is ea mic léinn UCD a chur i dteagmháil le fostóirí ceannasacha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus, i mbliana, d'fhreastail 4369 mac léinn ar Aontaí Earcaíochta ar an gcampas a raibh 176 fhostóir páirteach iontu. De bhreis air sin, chuir fostóirí 2561 fholúntas isteach i mbunachar sonraí folúntas an Ionaid agus bhunaigh 642 fhostóir nua caidreamh leis an Ionad. Rinneadh 106 imeacht eile faoi cheannas fostóirí a éascú agus d'fhreastail 2000 mac léinn orthu sin.

### UCD Ag Tacú le Comhpháirtíocht agus Ag Baint Amach Athruithe (SPARC)

Tar éis próisis comórtais, maoiníodh ceithre thionscadal i rith bhliain a dó de UCD SPARC, is é sin, clár trína dtugtar tacaíocht do dhaoine den fhoireann agus do mhic léinn chun oibriú le chéile d'fhonn tionscadail a chur i gcrích arb é is aidhm dóibh ná a chur faoi deara go bhfuil UCD agus/nó an pobal thart air ina áit níos fearr chun cónaí, obair agus foghlaim a dhéanamh ann: *Building for the Future: Joining the All-Ireland Pollinator Plan, Constructing Social Spaces, Getting Around UCD: Accessible Route Videos and Growing Together: The UCD Community Garden Project*. Reáchtáil Teagasc agus Foghlaim UCD an clár seo i gcomhar le hAontas na Mac Léinn.

### Mic Léinn UCD ina nAmbasadóirí Digiteacha

Ghlac spriocghrúpa na mac léinn fochéime go fonnmhar leis an tionscnamh dar teideal Mic Léinn UCD ina nAmbasadóirí Digiteacha, a lainseáladh i mí Eanáir 2016. Tairgeadh raon leathan gníomhaíochtaí do mhic léinn i gcomhpháirtíocht le comhoibrithe in UCD, lena n-áirítear Aontas na Mac Léinn, Ionad Rochtain & Foghlaim ar Feadh an tSaoil UCD, Leabharlann UCD, Seirbhísí TF UCD agus Teagasc agus Foghlaim UCD. Samhlaítear go gcumasóidh sé sin do rannpháirtithe a scileanna digiteacha féin a fhorbairt agus, ag an am céanna, a ról mar ambasadóirí a chomhlíonadh trí nithe atá foghlamtha acu a chomhroinnt le pobal forleathan UCD agus le pobail eile lasmuigh de UCD. Tá tionscnamh Mhic Léinn UCD mar Ambasadóirí Digiteacha ina chuid den tionscadal náisiúnta dar teideal *All Aboard: Digital Skills in Higher Education*.

### Acadamh Ad Astra

Is é atá Acadamh Ad Astra trína dtugtar aitheantas agus tacaíocht do mhic léinn chumasacha agus inspreagtha trí raon tacaíochtaí agus deiseanna saincheaptha a chur ar fáil dóibh. Is é Bord Bainistíochta Scoláireachtaí agus Ad Astra UCD a rialaíonn é.

Bhí an cúigiú hiontógáil mac léinn san Acadamh ann sa tréimhse 2015/16, agus ón tráth ar bunaíodh é sa bhliain 2011 tá scoláireachtaí bronnta gach bliain aige ar scoláirí ardghnóthachtála sa réimse acadúil, sna healaíona taibhiúcháin agus sa lúthchleasaíocht. I mbliana bronnadh 49 scoláireacht nua: 30 sa réimse acadúil, 15 i réimse na sár-lúthchleasaithe, agus 5 i réimse na nEalaíon Taibhiúcháin. Tá an mheantóireacht ina cuid thábhachtach den chlár scoláireachtaí agus tá tuairim is 52 dhuine den fhoireann acadúil i mbun meantóireachta do mhic léinn sna trí shraith den chlár.

Coinníonn scoláirí agus alumni Ad Astra orthu ag cruthú go maith, i rith a gcuid ama in UCD agus ina dhiaidh. Tá scoláirí acadúla tar éis dul i mbun socrúcháin taighde in ollscoileanna idirnáisiúnta ardcháilíochta, tá páirt glactha acu in intéirneachtaí i mór-eagraíochtaí idirnáisiúnta agus tá gradaim acadúla éagsúla faighte acu. Tá ardmholadh á fháil ag scoláirí na n-ealaíon taibhiúcháin trí thaibhithe san amharclann ghairmiúil, i scannáin agus i gceolchoirmeacha, agus tá na sár-lúthchleasaithe tar éis dul san iomaíocht i gcuid mhór imeachtaí spóirt ardphróifíle. I mbliana, bhí ochtar dár sár-lúthchleasaithe páirteach i gCluichí Oilimpeacha Rio 2016, lena n-áirítear Paul O'Donovan a bhuaigh an bonn airgid rámhaíochta i gcomórtas céaslaire beirte éadrom-mheáchain na bhfear.

## Rannpháirtíocht a Leathnú agus Tacú le Foghlaim ar feadh an tSaoil

Tá UCD ag leanúint de phróifíl an mhic léinn a éagsúlú le go mbeidh léiriú le fáil ar an daonra i gcoitinne. Maidir leis an ráta rannpháirtíochta atá ann mar thoradh ar mhéadú líon na mac léinn san aicme seo, is ionann é agus 28.5% anois de na mic léinn fochéime agus is cloch mhíle shuntasach é sin ó thaobh na n-iarrachtaí chun mic léinn ilghnéitheacha a mhealladh agus a choimeád. I láthair na huaire tairgeann UCD sé chonair shonracha iontrála san iomlán chun spreagadh a thabhairt i leith rannpháirtíocht grúpaí gannionadaíochta; is é sin le rá, conairí atá dírithe ar an lucht fágála scoile (HEAR agus DARE) agus conairí a chuireann bealaí staidéir ar fáil do mhic léinn níos sine, lena n-áirítear *Mature Years, FETAC, Foghlaim Oscailte agus Foghlaim ar feadh an tSaoil*.

Ina theannta sin, tairgeann UCD dhá chúrsa ullmhúcháin ollscoile i.e. Rochtain ar Eolaíocht agus ar an Innealtóireacht, agus Rochtain ar na hEalaíona agus ar an Eolaíocht Daonna. I gcomhréir lenár gcuspóir leanúnach maidir lena chinntiú go dtugtar an t-aitheantas agus an meas céanna dár mic léinn go léir, tá rialachas agus bainistíocht an chláir dar teideal Rochtain ar an Eolaíochta agus ar an Innealtóireacht comhtháite againn faoi réim Bhord na gClár Eolaíochta. Tá sé beartaithe comhtháthú den sórt céanna a dhéanamh i ndáil le cláir eile i rith na seisiún atá romhainn.

Agus aitheantas á thabhairt againn do thábhacht ár gcláir oibre maidir le huilechuimsitheacht, d'athfheistigh an Ollscoil spás in aice le Leabharlann James Joyce agus tarraingíodh na gníomhaíochtaí go léir Rochtana agus Foghlama ar feadh an tSaoil le chéile isteach i saoráid nua den scoth a fhónann mar eiseamláir do phrionsabail na dearthóireachta uilechuimsithí freisin.

### Na Príomh-Bhuaicphointí

- Tairgeann UCD tacaíochtaí agus seirbhísí sna trí phríomhshraith, is iad sin, tionscnaimh réamhiontrála, tacaíochtaí acadúla iariontrála agus príomhshruthú institiúideach. I mbliana, rinneadh tionscnamh an-rathúil réamhiontrála a lainseáil chun forbairt a dhéanamh ar eolas tuismitheoirí faoi na féidearthachtaí atá ann mar thoradh ar ardoideachas. Feidhmíonn 'Fóram Oideachais Thuismitheoirí Bhaile Formaid' mar chlár ceannaireachta trína ndéanann na baill seimineáir faisnéise a chomh-éascú ina gceantar áitiúil.
- Trí thacaíocht a fhaightear ó Fhondúireacht UCD, bronnadh an líon ab airde riamh de Scoláireachtaí Leathnaithe Rannpháirtíochta i mbliana, is é sin, tháinig 71 scoláire san iomlán isteach trí bhealaí malartacha iontrála UCD.
- Tá an nuálaíocht ina cuid thábhachtach de phróiseas feabhsaithe na seirbhísí do mhic léinn. Anuraidh, chuireamar tús le sraith físeán treorach dar teideal *Getting around UCD VideoMap* a maoiníodh trí thionscnamh SPARC agus inar taispeánadh bealaí inrochtana chun dul ó áit go háit ar an gcampas. Bunaíodh Líonra Míchumais Foirne chun deiseanna a chur ar fáil do bhaill dáimhe agus foirne atá faoi mhíchumas nascadh a dhéanamh trí shainlíonra.
- Rinneadh Foghlaim Oscailte UCD, is é sin, ár mbealach chuig staidéar lánaimseartha, a leathnú agus tá os cionn 60 modúl á dtairiscint i 10 scoileanna. Ina theannta sin, cuireann Foghlaim ar feadh an tSaoil deiseanna ar fáil chun staidéar a dhéanamh gan mheasúnacht agus cláraíodh 1,327 nduine sa chlár foghlama ar feadh an tsaoil.
- D'eagraigh UCD i gceannas ar raon comhdhálacha agus seimineár a cuireadh ar fáil don earnáil ardoideachais lena n-áirítear an méid seo a leanas: ceardlanna ar theicneolaíocht chúnta; seimineáir ar mheabhairmhapáil dhigiteach; i gcomhar le Dyslexia Association of Ireland, aipeanna a cuireadh ar fáil do thuismitheoirí agus do dhaltaí; ceardlann ar thacú le mic léinn ag a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte.
- Mar thoradh ar chomhtháthú gach gné de Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil, eagraíodh ár gcéad chomhdháil idirnáisiúnta ar fhreastail 200 toscaire uirthi. Ba é a bhí sa *European Access Silver Jubilee Conference*, dar téama *Retrospective for Perspective*, ná imeacht trí lá a eagraíodh thar ceann Líonra Rochtana na hEorpa agus i gcomhpháirtíocht leis an gColáiste Náisiúnta Ealaíne & Deartha agus le hInstitiúid Ealaíne, Deartha & Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Cuid dhílis den imeacht sin ab ea taispeántas na comhdhála dar teideal *Access and the Looking Glass* trínar tugadh le fios an iliomad peirspictíochtaí atá ann maidir le rochtain.




*Ó chlé go deas, Anna Kelly, Stiúrthóir, Rochtain agus Foghlaim Saoil UCD, Mary Tupan-Weeno, Uachtarán an Líonra Rochtana Eorpaigh agus an tOllamh Mark Rogers, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán, ag an gComhdháil Rochtana Eorpach.*

| | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|
| Mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch (céim lánaimseartha amháin) *(1)* | 1,717 | 1,746 | 1,320* |
| Mic léinn ag tuairisciú Míchumais (lánaimseartha) *(2)* | 1,311 | 1,349 | 1,473 |
| Mic léinn ag tuairisciú Míchumais (páirtaimseartha) | 23 | 48 | 51 |
| Mic Léinn lánfhásta (lánaimseartha) *(3)* | 997 | 967 | 1,021 |
| Mic Léinn lánaimseartha (páirtaimseartha) | 777 | 814 | 836 |
| Foghlaim pháirtaimseartha agus sholúbtha *(4)* | 827 | 1,006 | 1,064 |
| **Mic Léinn Rannpháirtíochta Uile UCD** | **4,375** | **4,437** | **4,755** |
| **LÍON IOMLÁN Mhic Léinn Fochéime UCD** | **16,301** | **16,310** | **16,687** |
| **% de Mhic Léinn Rannpháirtíochta** | **26.8%** | **27.2%** | **28.5%** |
| **Iontrálaithe Nua do Chúrsaí Fochéime - bealaí iontrála forlíontacha** | **2014** | **2015** | **2016** |
| HEAR | 255 | 234 | 269 |
| DARE | 196 | 153 | 233 |
| FETAC | 69 | 72 | 100 |
| Lánfhásta | 248 | 233 | 193 |

***Tábla 1: Rannpháirtíocht Níos Forleithne - Cláir Fochéime (Teastais, Dioplómaí agus Céimeanna)***
*Tabhair ar aird go bhféadfadh mic léinn a bheith i níos mó ná catagóir amháin*

*(1) Mic léinn ó ghrúpaí socheacnamaíocha D,F, G agus J (arna sainmhíniú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh)*
** Rinne an HEA a modheolaíocht a choigeartú do 2015/16 chun grúpa J a chur san áireamh agus ní chomhaireann ach daoine atá 18-20 bliain d'aois*
*(2) Mic léinn a thuairiscíonn míchumas trí chlárú do thacaíochtaí le Access and Life Learning; trí chlárú trí DARE; NÓ trí mhíchumas a chur in iúl ar an Suirbhé um Chothroime Rochtana*
*(3) Mic léinn pháirtaimseartha, lena n-áirítear lucht Open Learning*




*Foireann peile na mban, UCD, ag ceiliúradh lena gcaptaen Ciara Murphy (sa lár, ag breith ar an gcorn), tar éis dóibh buachan ar Ollscoil Luimnigh ar pháirc CLG IT Thrá Lí, agus Craobh O'Connor a bhuachan den chéad uair ó 2006.*

*Picture © Brendan Moran / Sportsfile*

## Seirbhísí Leabharlainne, Faisnéise agus Bainistíochta Eolais a Sholáthars

### Leabharlann UCD

Lean Leabharlann UCD den nuálaíocht a chur chun cinn le linn seirbhísí a cheapadh agus a sholáthar do phobal na hOllscoile.

Forbairt thábhachtach i rith na bliana seo caite ab ea na trí thaisclann shuntasacha oidhreachta cultúir a tharraingt le chéile faoi scáth na ngníomhaíochtaí leabharlainne, is é sin le rá: An Bailiúchán Náisiúnta Béaloidis, Cartlann UCD agus Cartlann Chanúintí na hÉireann. Mar thoradh ar athailíniú riaracháin na mbailiúchán sin tá deiseanna nua ann maidir le comhoibriú agus maidir le leas a bhaint as na príomhsheirbhísí leabharlainne ar mhaithe leis na bailiúcháin oidhreachta. Ceapadh an tOllamh John McCafferty, Scoil na Staire UCD, mar Choimeádaí Acadúil an Bhailiúcháin Cultúir Oidhreachta agus, ina cháil mar choimeádaí, comhordóidh sé forbairt straitéisí agus beartas cuí chun an bailiúchán a choimirciú agus a chur chun cinn.

### Na Príomh-Bhuaicphointí

- Bhí gach ceann ar leith de na taisclanna oidhreachta páirteach i gclár Dheich mBliana na gCuimhneachán in UCD. San iomlán, reáchtáladh sé thaispeántas (*Reading 1916; Easter, 1916; Remembering 1916; Documents of 1916*; agus taispeántais in ómós do Kevin Barry, Tom MacDonagh agus Tom Kettle). Bhí comhthionscadal suntasach ar leith ann in éineacht le Músaem agus Cartlann an Gharda Síochána nuair a dhigitigh, agus nuair a d'fhoilsigh, Leabharlann UCD cláir ghabhála de chuid Phóilíní Cathrach Bhaile Átha Cliath ar thángthas orthu le déanaí agus a bhain le tréimhse Éirí Amach na Cásca; tá na clair sin i measc na ndoiciméad nua is luachmhaire atá aimsithe maidir le tréimhse dheich mbliana na réabhlóide.
- Ba chomhpháirtí é Leabharlann UCD maidir le hardán taispeántais ar líne *Google Arts and Culture* agus cuireadh tús le céim phíolótach i gcomhar le baill acadúla de chuid trí scoil ar leithligh: Stair, Béarla, Drámaíocht & Scannánaíocht agus Oideachas. Bhí taispeántas cuartaíochta ann den chéad uair i bhfoirm phíolótach agus bhí sé le feiceáil i leabharlanna agus in eagraíochtaí oidhreachta ar fud na hÉireann i rith na bliana.
- Mar thoradh ar chomhoibriú le Clár na Mac Léinn ina nAmbasadóirí Digiteacha, rinne mic léinn físeán béasaíochta leabharlainne a raibh an-tóir air agus baineadh úsáid as aiseolas ina leith le linn an straitéis reatha maidir le ríomhfhoghlaim agus dearadh gréasáin a ullmhú.
- Fuair Cartlann Sonraí Eolaíochta Sóisialta na hÉireann (ISSDA) cúig staidéar nua i rith na bliana agus fuair an Leabharlann dámhachtain ó Horizon 2020 chun leathnú agus neartú a dhéanamh ar rannpháirtíocht i gCuibhreannas Chartlanna Sonraí Eolaíochta Sóisialta na hEorpa (CESSDA).
- Cuireadh feabhas ar sheirbhís GIS na Leabharlainne trí chlinicí GIS 'siúl isteach' a chur ar fáil, rud ar éirigh go maith leis. Le cabhair ó mhic léinn PhD, cuireadh raon ceardlann ar fáil chun tacú le taighdeoirí.
- I mí an Mhárta, d'eagraigh Leabharlann UCD an chomhdháil thábhachtach maidir le litearthacht faisnéise leabharlainne, LILAC, agus tháinig os cionn 350 toscaire idirnáisiúnta chuig an gcampas chun freastal a dhéanamh air sin.
- Mar atá luaite roimhe seo, tugadh aitheantas do thiomantas UCD i leith sármhaitheasa i gcleachtadh na múinteoireachta nuair a fuair foireann na Leabharlannaithe Idirchaidrimh Coláiste gradam Saineolaithe Náisiúnta Múinteoireachta i Réimse an Ardoideachais ón bhFóram Náisiúnta d'Fheabhsúchán an Teagaisc agus na Foghlama le linn an Chruinnithe Mullaigh Náisiúnta ar Mhúinteoireacht agus ar Fhoghlaim i mí na Nollag 2015.

### Teicneolaíocht Faisnéise

Le blianta beaga anuas, rinne UCD obair cheannródaíochta maidir le TF a chur ar fáil i réimse an oideachais nuair a forbraíodh campas BYOD (beir d'fheiste féin leat), nuair a cruthaíodh an chead ionad sonraí ard-dlúis in Éirinn chun tacú go sonrach le HPC in Éirinn, agus nuair a tugadh isteach Gmail don fhoireann agus do na mic léinn. I mí Iúil 2016, d'fhoilsíomar Straitéis TF 2020 a bhfuil mar fhís fhoriomlán aici 'daoine a chumhachtú trí bhunathrú a dhéanamh ar shaol na hOllscoile agus úsáid á baint as teicneolaíochtaí digiteacha nua agus as teicneolaíochtaí nua a thagann chun cinn'. Tá sé mar aidhm againn a bheith chun tosaigh ó thaobh shármhaitheas TF de agus, chomh maith leis sin, leanúint dár dtiomantas i leith mothúchán pobail a fhorbairt trínár gcuid réiteach agus seirbhísí TF.

### Na Príomh-Bhuaicphointí

- I Márta 2016, reáchtáil Seirbhísí TF a nAonach TF tionscantach i Halla Uí Raghallaigh UCD. B'ionann an t-aonach agus deis chun léargas a thabhairt ar a ról leathan agus, ina theannta sin, lig sé don fhoireann TF bualadh go pearsanta le níos mó na 1,000 custaiméir. Bhí Clárlann UCD, Teagasc agus Foghlaim agus an Leabharlann páirteach san aonach freisin.
- Chuaigh Seirbhísí TF isteach sa phobal trí bhíthin a nIonad nua Soghluaiste TF agus thug siad cuairt ar fhoirgneamh nua gach seachtain chun tacaíocht TF a chur ar fáil agus chun aiseolas a fháil ó chustaiméirí.

*Aonach tionscnaimh lucht Sheirbhísí IT i Halla O'Reilly, UCD, Márta 2016.*



- Is tionscadal comhpháirteach de chuid Sheirbhísí TF agus Theagasc agus Foghlaim é EdTECx agus tá sé ag leanúint de phobal teagaisc agus foghlama UCD a fhorbairt agus a neartú. Seoladh an tsraith cainteanna/ceardlann teicneolaíochta digití EdTECx do bhaill dáimhe agus foirne UCD ag deireadh mhí Lúnasa 2015 agus arís i mí Lúnasa 2016 agus bhí níos mó ná 200 duine i láthair ag an dá shraith.
- Chuir Taighde TF forbairt saoráidí den scoth ar aghaidh chun tacú le fís UCD. Trí Bhraisle Ard-Fheidhmíochta na hInstitiúide Domhaneolaíochta, GAIA, a chomhtháthú isteach i mBraisle Pobail Sonic na hOllscoile, tá rochtain curtha ar fáil ar acmhainní HPC dár bpobal taighde ar fad.
- Tugadh isteach sraith nua teimpléad do láithreáin ghréasáin an Choláiste agus na scoileanna, rud a mhéadaigh solúbthacht agus éifeachtacht i dtaca le forbairt láithreáin gréasáin san Ollscoil ina hiomláine.
- De bhreis air sin, chun cabhrú le baill dáimhe taithí oideachais a sholáthar de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta, osclaíodh Sraith nua Cruthaithe Meán sa bhliain 2016 chun roinnt roghanna taifeadta a chur ar fáil, lena n-áirítear taifeadadh cuidithe closábhair in éineacht le speisialtóir closábhair, féintaifeadadh/taifeadadh cuidithe físábhair, agus eagarthóireacht físábhair agus closábhair.

**Patrick O'Brien**
Cúis mhór bhróin do Sheirbhísí TF ab ea bás Patrick O'Brien, 31, a fuair bás go tobann Dé Domhnaigh, an 4 Deireadh Fómhair 2015, tar éis taom croí a bheith aige. Tháinig Patrick isteach i Seirbhísí TF sa bhliain 2013 agus ba bhall tábhachtach d'fhoireann Thaighde TF é. D'oibrigh sé go dian i gcónaí agus é toilteanach cabhair a thabhairt agus thaitin sé go mór le gach duine a bhuail leis in UCD. Cronaítear go mór é.

## Solúbthacht agus Éifeachtacht a Mhéadú

Is ionann Solúbthacht UCD agus tacaíocht do phobal UCD trí chabhrú le UCD chun bheith ina áit níos fearr chun oibriú, múineadh, taighde agus foghlaim a dhéanamh ann trína chur faoi deara go mbeidh próisis agus nósanna imeachta na hOllscoile níos rathúla agus níos éifeachtúla. Leagadh amach an clár oibre 'solúbthacht agus éifeachtacht' sin i dTionscnamh Straitéiseach 6 de Straitéis UCD 2015-2020 agus thosaigh Solúbthacht UCD a chuid oibre i mí Feabhra 2016. Roghnaíodh modheolaíocht feabhsaithe próisis Lean mar chur chuige córasach i leith athbhreithniú agus feabhsú próiseas agus, trí úsáid a bhaint as an múnla 'beagscála ar dtús agus leathnaigh ina dhiaidh sin', reáchtáladh an chéad ghrúpa tionscadal athrúcháin sa tréimhse ó Mhárta go Lúnasa. Mar thoradh ar thrí cinn de na tionscadail sin, rinneadh feabhsuithe ar phróiseas liostaí léitheoireachta na Leabharlainne, ar phróiseas earcaithe foirne Acmhainní Daonna, agus ar phróiseas bailithe aschur Thaighde UCD. Cuireadh tús le dara grúpa ina raibh sé thionscadal i mí Dheireadh Fómhair 2016 i réimsí na Clárlainne, na nAcmhainní Daonna, Oifig an Sparánaí, agus Choláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí.

Maidir leis an úsáid atá bainte as an ngníomhaíocht seo, faoi lár mhí Meán Fómhair 2016 bhí 71 mball foirne tar éis oiliúint a fháil ag leibhéil éagsúla agus tá sé beartaithe gur 195 duine a bheidh i gceist faoi dheireadh na bliana 2016. Faigheann cuid mhór daoine eile tairbhe ón saothar a bhaineann leis na tionscadail seo - mar shampla, na daoine go léir a earcaíonn ball dáimhe/foirne nó a dhéanann iarratas ar phost (tionscadal Acmhainní Daonna sa chéad ghrúpa), agus na comhordaitheoirí modúil go léir agus a liostaí léitheoireachta (tionscadal Leabharlann UCD sa chead ghrúpa).

Baineann trí chuspóir leis na grúpaí tionscadal seo - aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna i dtionscadal ar leith, oiliúint agus taithí a thabhairt do bhaill foirne agus méadú a dhéanamh ar chumas feabhsaithe próisis UCD. Tá dhá ghné ag gabháil leis an gcumas sin: scileanna agus taithí na mball foirne túslíne; agus an úsáid a bhaineann an lucht bainistíochta (áitiúil/lárnach) as feabhsú próisis chun aidhmeanna a chur chun cinn.

Tá ceardlanna pleanála do thionscadail 2017 ar siúl faoi láthair. Mar chuid den tríú grúpa tionscadal, déanfar athrú ó chur chuige tacaíochta aonad-lárnach go punann tionscadal atá dírithe ar scoileanna, agus beidh trí chuspóir ann de réir mar atá luaite thuas. Tá obair idir lámha freisin le haghaidh *Work Smarter Together 2017* (WST 2017) ar imeacht uile-Ollscoile é a bheidh ar siúl ar an 15 Márta 2017 agus é dírithe ar gach duine a gcruthaíonn a gcuid oibre an timpeallacht ina ndéantar an teagasc agus an taighde agus beidh ról ag pobal UCD ann trí chomhoibriú, trí chruthaitheacht agus trí cheiliúradh.

## Sármhaitheas á Sheachadadh sa Taithí Mac Léinn

Tá cáil UCD, agus rath UCD freisin, ag brath go mór ar ár gcumas chun taithí shármhaith a chur ar fáil do mhic léinn agus tá an taithí sin ina chuid dhílis d'obair na hOllscoile maidir le mhealladh agus earcú na mac léinn is fearr dá bhfuil ann sa domhan.

### Na Príomh-Bhuaicphointí

- I rith na tréimhse 2015/16, rinneadh láithreán gréasáin na Mac Léinn a athfhorbairt ar bhonn aiseolais a fuarthas ó na mic léinn agus ar bhonn anailíse ar staitisticí a bailíodh trí úsáid a bhaint as Google Analytics. Cinntíonn an leagan amach nua, optamú an innill cuardaigh agus an t-athrú chuig faisnéis a chur i láthair i gcaint shoiléir bheacht 'sothuigthe' go bhfaigheann úsáideoirí an t-eolas atá uathu ar an láithreán. De bhreis air sin, cuireadh treoracha agus ábhar teagaisc ar fáil ar líne chun cabhrú le clárú.
- Sa tréimhse 2015/16, leagadh béim mhór ar mhéadú rannpháirteachas na mac léinn ar mheáin shóisialta. Rinne comhghleacaithe ar fud na hOllscoile iarracht teachtaireacht aontaithe a chur amach ón Ollscoil agus úsáid á baint as #helloUCD.
- Go luath sa bhliain 2016, rinneadh pointe faisnéise aonair a chruthú do thacaíochtaí mic léinn ar láithreán gréasán na mac léinn reatha. Soláthraíonn an pointe faisnéise faisnéis teagmhála agus comhairle do mhic léinn a bhfuil cabhair uathu le linn an ama a chaitheann siad mar mhic léinn de chuid UCD.
- Cuireadh córas nua scórála A-leibhéil i bhfeidhm agus ba é a lean as sin ná méadú 60% ar thairiscintí d'iarratasóirí A-leibhéil. Samhlaítear gurb é a tharlóidh de bharr an chórais nua scórála ná go ndéanfar méadú, le himeacht aimsire, ar an líon iarratasóirí A-leibhéil as Tuaisceart Éireann agus as an mBreatain Mhór a fhreastalóidh ar UCD agus, ar an dóigh sin, go méadófar an éagsúlacht a bhaineann lenár gcuid mac léinn.




*Pradeep Pujar na Gearmáine agus James Breen Nua-Eabhrac i rith Chluichí Domhanda CLG in UCD, Lúnasa 2016.*




*Dámhachtain Saineolaí Teagaisc á bronnadh ar an Ollamh Anne Drummond ón bhFóram Náisiúnta i mí na Nollag 2015.*

- Fuarthas beagnach 3,500 freagra ar Shuirbhé Mac Léinn faoi scrúduithe, is é sin suirbhé a bhí dírithe ar roinnt réimsí tábhachtacha lena n-áirítear oiriúnacht ionaid na scrúduithe agus na tacaíochtaí a sholáthraíonn Measúnacht UCD. Ina theannta sin, clúdaíodh an t-ualach oibre measúnachta agus obair feabhais, mar shampla, cuibheas thréimhse 11 lá na scrúduithe; ualú na measúnachta leanúnaí agus na gcomhchodanna deireadh seimeastair; agus bainistíocht athdhéanamh cúrsaí nó scrúduithe mar chuid d'ualach oibre an tseimeastair.
- I mí Lúnasa 2016, tugadh isteach roinnt beart nuálaíochta teicneolaíochta a fheabhsaíonn taithí na mac léinn. Is féidir le mic léinn iarratas a dhéanamh ar shaoire trí fhoirm ar líne a úsáid ina gcuntas SISWeb. I gcomhar le príomh-gheallsealbhóirí ar fud an champais, forbraíodh foirm den tsamhail chéanna i ndáil le tarraingt siar as cláir.
- Mar chuid d'fhorbairt leanúnach Dheasc Chabhrach Mhic Léinn UCD, tá Córas Fáiltithe Mac Léinn tugtha isteach chun ligean do mhic léinn a gcuid UCARD-anna a scanadh ar theacht isteach dóibh agus stiúrann sé sin iad chuig áit suí, soláthraíonn sé am measta feithimh dóibh agus soláthraíonn sé faisnéis thábhachtach go huathoibríoch don fhoireann chúntóireachta. Ní laghdaíonn an córas seo an méid teagmhála pearsanta idir baill foirne agus mic léinn ach, ag tráthanna gnóthacha den bhliain, soláthraíonn sé trédhearcacht níos mó do mhic léinn agus mar aon le bealach níos éifeachtúla chun déileáil lena gcuid ceisteanna.
- Mar thoradh ar bheartas dorais oscailte Shéiplíneacht UCD cuireadh tacaíocht ar fáil do mhic léinn ar fhear an timpiste thragóideach in Berkeley, California, sa bhliain 2015 orthu. Tráth bróin, anacra agus méala, ba acmhainn an-luachmhar é an tséiplíneacht do na mic léinn agus do na baill foirne go léir ar fud na hOllscoile. I mbliana, scoir an tAth John McNerney as oifig mar phríomhshéiplíneach tar éis 23 bliana a chaitheamh i mbun seirbhíse. Mar thoradh ar a chomharba, an tAth Leon Ó Giolláin, agus beirt séiplíneach nua, an tAth Eamonn Bourke agus Scott Evans (Eaglais na hÉireann), a cheapadh tá ugach nua tugtha don mhisean.
- Tá tábhacht mhór ag baint le sláinte agus leas ár gcuid mac léinn ó thaobh táirgiúlacht acadúil agus stíl bheatha chothromaithe a bhaint amach. Tuairiscíonn Spórt & Aclaíocht UCD breis is 370,000 cuairt ónár gcuid mac léinn sa téarma acadúil 2015/16 agus léiríonn sé sin comhdhlúíthú thábhacht na seirbhíse seo.
- Tar éis fás 3% a bheith ann sa bhliain roimhe seo, tá bonn ballraíochta os cionn 49,500 mac léinn ag cumainn UCD anois; cláraíonn cuid mhór mac léinn le níos mó na cumann amháin rud a léiríonn éiteas láidir pobal-bhunaithe i measc na mac léinn maidir le rannpháirteachas. I rith shéasúr 2015/16, tá tacaíocht tugtha do 41 charthanas mar thoradh ar a gcuid iarrachtaí agus gnóthachtálacha i ndáil le bailiú airgid.
- Le linn shearmanas Ghradaim Spóirt UCD 2015/16, tugadh aitheantas do níos mó na 500 mac léinn as 30 réimse spóirt rud a léiríonn an leibhéal iontach gnóthachtála spóirt ata bainte amach ag ár gcuid mac léinn ag gach leibhéal, lena n-áirítear comórtais ollscoile, comórtais náisiúnta agus comórtais idirnáisiúnta.
- I rith bhliain na gCluichí Oilimpeacha, rinne ochtar mac léinn ionadaíocht thar ceann na hÉireann in Rio: Mark English i rás 800m na bhfear, Ciara Mageean i rás 1500m na mban agus Ciara Everard i rás 800m na mban, Arthur Lanigan O'Keeffe sa Nuapheantatlan, Paul O'Donovan i gcomórtas céaslaire beirte éadrom-mheáchain na bhfear, Claire Lambe i gcomórtas céaslaire beirte éadrom-mheáchain na mban agus na himreoirí hacaí Kirk Shimmins agus Shane O'Donoghue.
- Ba bhliain éachtach í do CLCG UCD agus bhuaigh foireann Pheil Ghaelach na bhfear Corn Sigerson. Ina theannta sin, bhuaigh foireann Pheil Ghaelach na mban Corn O'Connor. Tharla an méid sin de bharr bhunobair Dave Billings, Feidhmeannach CLCG, a fuair bás sa bhliain 2015, faraor.
- Bhí dhá bhua ag Sacar UCD i gcomórtais Chorn Collingwood agus Chorn Harding agus fuair príomhfhoireann hacaí UCD na bhfear ardú céime chuig an *EY Hockey League*. Fuair beirt lúthchleasaithe de scoth gradam Phearsa Spóirt na Bliana: Josh Van Der Flier (rugbaí) agus Jack McCaffrey (peil Ghaelach) mar aitheantas dá ngnóthachtálacha spóirt agus dá rannchuidiú le saol na hollscoile agus an spóirt.
- Chomh maith leis sin, d'fheidhmigh Spórt UCD mar ósta do Repechage Oilimpeach Rugbaí Domhanda Seachtair na mBan mar chuid d'iarracht na hÉireann cáiliú do Chluichí Oilimpeacha Rio. Ba dheis í sin chun saoráidí champas UCD a chur ar taispeáint ar ardán idirnáisiúnta mar ullmhúchán do Chorn Domhanda Rugbaí na mBan 2017 a bhfuiltear ag dúil go mór leis. I gcomhpháirtíocht le CLCG, rinne Spórt UCD bainistíocht imeachta i ndáil le Cluichí Domhanda CLCG a raibh 57 bhfoireann páirteach iontu (25 cinn díobh as áiteanna seachas Éire) in 8 gcomórtsa éagsúla i réimsí na hiománaíochta, na peile, na camógaíochta agus pheil na mban.




*Lúthchleasaithe Oilimpeacha UCD, ó chlé go deas, Mark English, Arthur Lanigan-O'Keeffe, Paul O'Donovan, Kirk Shimmins, Ciara Mageen, Ciara Everard agus Claire Lambe, in Acadamh Astra Sports UCD ag ócáid a eagraíodh chun fáilte abhaile a chur rompu san Ollscoil an 14 Meán Fómhair. Ina dteannta tá an tOllamh Colin Boreham, Stiúrthóir Chlár Lúthchleasaithe Ad Astra UCD; Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks; agus an tOllamh Comhlach Barbara Dooley, Déan an Staidéir Iarchéime, Leas-Chláraitheoir agus Stiúrthóir Acadamh Ad Astra.*

# Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar





***Ionad taighde déiríochta ar fiú €2.3 milliún é oscailte ar Fheirm Taighde Lyons UCD***

*Osclaíodh an t-ionad Taighde agus Oideachais Déiríochta ar Fheirm Taighde Lyons, UCD. Páirtnéireacht idir lucht acadúlachta agus lucht tionscail atá ann ar fiú €2.3m é. Áis den chéad scoth atá san ionad a bhfuil lucht tionscail i gceannas air. Scrúdófar samhlacha nuálacha de dhéanamh an bhainne ann. Timpeallacht iontach atá ann le múineadh agus taighde a bhaineann leis na heolaíochtaí déiríochta a dhéanamh.*

*Ó chlé go deas: An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney TD, in éineacht leis an Ollamh Andrew Deeks, Uachtarán UCD.*



**An tOllamh Orla Feely**
**Leas-Uachtarán UCD do Thaighde, do Nuálaíocht agus do Thionchar**

## Réamhrá ón Leas-Uachtarán do Thaighde, do Nuálaíocht agus do Thionchar

Is mór an pléisiúr dom an t-athbhreithniú seo ar thaighde, nuálaíocht agus tionchar sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, le bliain anuas, a chur i láthair.

Tá tiomantas ag UCD i gcónaí i leith sarmhaitheasa sna disciplíní go léir agus ag gach leibhéal. Is mór an meas atá againn ar dhian-imscrúduithe bunúsacha agus, chomh maith leis sin, ar thaighde a chothaíonn cur i bhfeidhm sa ghearrthéarma agus tuigimid na naisc chomh-athneartaithe atá ann idir na nithe sin. Bímid i dteagmháil leis an earnáil tionscail, le heagraíochtaí sóisialta agus cultúir, leis an rialtas agus le comhpháirtithe eile chun fadhbanna a shainaithint agus a réiteach i réimsí inar féidir linn ár saineolas a úsáid chun breisluach a bhaint amach. Oibrímid ar bhonn domhanda, agus sinn ag comhoibriú ar thionscadail taighde le 2,775 institiúid i 146 thír.

Ina theannta sin, is ceannaire é UCD i réimse na nuálaíochta agus na fiontraíochta. Tá caoga cuideachta againn ar an gcampas faoi chúram NovaUCD, Ionad na hOllscoile d'Fhiontair nua agus d'Fhiontraithe, agus NexusUCD, an tIonad Comhpháirtíochta Tionscail. Is ionann cinneadh IBM dhá chomhshaotharlann a shuíomh ar an gcampas agus teist ar luach ár dtimpeallachta taighde agus nualaíochta. Feabhsófar an timpeallacht sin tuilleadh tríd an gCiste Droichid Ollscoile nua €60 milliún a úsáidfear chun infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí nua ar féidir leo fás agus forbairt chun dul san iomaíocht i margaí idirnáisiúnta.

Sna ranna sin ina dhiaidh seo, tugtar suntas do roinnt dár mór-ghnóthachtálacha ó thaobh taighde agus nuálaíochta de le bliain anuas i dtaca lenár bpríomhthéamaí straitéiseacha, is é sin le rá: agraibhia; cultúr, eacnamaíocht agus an tsochaí; fuinneamh; comhshaol; sláinte; agus TFC. I measc na mbuaicphointí, airítear duaiseanna agus dámhachtainí, mórfhoilseacháin, comhpháirtíochtaí agus deontais shuntasacha taighde.

I rith na bliana seo caite foilsíodh *Nuálaíocht 2020: Feabhas, Tallann, Tionchar,* arb é straitéis náisiúnta na hÉireann é maidir le taighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht. Cuid thábhachtach den straitéis is ea gealltanas méadú a dhéanamh ar infheistíocht phoiblí agus phríobháideach i dtaighde agus tá sprioc 2.5% de OLN leagtha síos ina leith sin agus é le baint amach faoin mbliain 2020. Tá infheistíocht mhéadaithe le spriocdhíriú ar mhéaduithe substaintiúla a bhaint amach ó thaobh an líon mac léinn taighde máistreachta agus PhD, agus feidhmeoidh sé sin mar chomharba don Chlár i leith Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal. Soláthróidh sé seo infheistíocht i saoráidí agus i dtrealamh nua, i gclár nua chun tacú le taighde ceannródaíochta, i rannpháirtíocht mhéadaithe in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus i dtionscnaimh eile.

Maidir leis an uaillmhian atá á cur chun cinn sa straitéis náisiúnta, tá an uaillmhian chéanna againne in UCD agus táimid ag tnúth le bheith ag obair in éineacht leis an rialtas agus le comhpháirtithe eile chun an straitéis a chur i bhfeidhm. Is mian liom a rá arís gur pléisiúr dom é mo bhuíochas a ghabháil leis na taighdeoirí, leis an bhfoireann tacaíochta taighde agus lenár gcomhpháirtithe tiomanta a bhaineann rath amach thar ár gceann agus a chumasaíonn an rath sin.

An tOllamh Orla Feely
Leas-Uachtarán UCD do Thaighde,
do Nuálaíocht agus do Thionchar

**Foilseacháin Taighde:** is féidir mionsonraí na bhfoilseachán taighde ar fad don tréimhse lena mbaineann an Tuairisc a fháil ar líne ag:

**www.ucd.ie/research/publications**

## Maoiniúchán Taighde

Bhí luach €93.7 milliún ann sna conarthaí taighde a fuair maoiniúchán seachtrach agus a cláraíodh i rith na bliana (féach Tábla 1). I dTábla 2, taispeántar na deontais taighde is mó dár dámhadh i mbliana. Tá na dámhachtainí i ndáil le taighde a fhaigheann maoiniúchán seachtrach níos ísle i mbliana ná mar a bhí ann sa bhliain roimhe seo. Is é is cúis leis sin, go príomha, ná nach raibh aschur ann faoi dheireadh bhliain airgeadais UCD i ndáil le mór-iarratí áirithe nó nár tharla siad i mbliana. Mar shampla, cláraíodh deontais €22 mhilliún i leith Ionaid SFI sa tréimhse 2014/15 ach níor maoiníodh aon Ionaid nua sa tréimhse 2015/16.

Fuair seacht dtionscadal taighde maoiniúchán os cionn €10.7 milliún tríd an gClár Imscrúdaitheora SFI a thugann tacaíocht do shárthaighde eolaíochta lena ngabhann cumas chun tionchar a imirt ar fhorbairt gheilleagar agus shochaí na hÉireann. Rinneadh ollúnacht taighde amháin de bhreis ar €6 mhilliún a bhronnadh ar an Ollamh Fengzhou Fang.

Bronnadh dhá chomhpháirtíocht straitéiseacha SFI: Clár Comhpháirtíochta maidir le Comhtháthú Córas Fuinnimh (€4.6 milliún), agus an tOllamh Mark O'Malley i gceannas air, agus Úsáid na Maíochtaí chun Idirghabhálaithe agus Conairí Criticiúla a Shainaithint in Othair ar a bhfuil Deirmitíteas Atopach Imchoimeádach, Soiriáis agus Hidrenitis Suppurvativa maille le Abbvie (€1.4 milliún), agus an tOllamh Martin Steinhoff i gceannas air.

Tosaíocht ar leith do UCD is ea maoiniúchán Eorpach, agus b'ionann é agus beagnach 17% de na dámhachtainí ar fad a fuair UCD sa tréimhse 2015/16. Ina theannta sin, tá UCD chun tosaigh maidir le dhá dhámhachtain sa tsraith mhaoiniúcháin a bhaineann le dúshláin shochaíocha.

## Síolchiste UCD

Tá Scéim Síolchiste UCD ina meicníocht thábhachtach inmheánach a bhaineann le forbairt taighde in UCD. I rith na bliana seo caite, tíolacadh 396 thogra faoi chúig chlár (lena n-áirítear Ollúnachtaí Cuairte), agus deonaíodh 140 dámhachtain (35%) a raibh luach tuairim is €0.5 milliún ag baint leo.

De bhreis ar an Scéim Síolchiste, rinneadh an Scéim nua maidir le Tionscnaimh Idirdhisciplíneacha (NIIF) a thabhairt isteach i mbliana freisin. Tharraing sé sin líon suntasach iarratas (86) agus d'éirigh le ochtar iarratasóirí a chomhroinn suim iomlán €262,960. Tá mionsonraí iomlána faoin Scéim Síolchiste le fáil i dTábla 3 thíos.

## Méadracht Foilseacháin

Sa bhliain 2015, liostaíodh 3,091 pháipéar in *Elsevier SciVal* do UCD (féach Tábla 4). Cé nach léiríonn an clúdach sna sonraí seo foilseacháin uile UCD don bhliain, is méadracht thábhachtach í seo. San iomlán, tá UCD tar éis an líon is mó foilseachán acadúil sa tír a chur ar fáil sna 10 mbliana atá imithe tharainn.

## Tionchar Lua Réimse-Ualaithe

Cuireann tionchar lua réimse-ualaithe líon iarbhír na luanna a fhaigheann alt i gcomparáid leis an líon luanna a mbítear ag súil leis d'ailt den chineál doiciméid céanna (alt, athbhreithniú nó páipéar a thagann ó chomhdháil), sa bhliain foilsithe chéanna agus sa réimse ábhair céanna.

Léiríonn tionchar lua réimse-ualaithe 1.00 gur luadh foilseacháin na hinstitiúide díreach mar a bheifí ag súil leis bunaithe ar an meán domhanda d'fhoilseacháin den chineál céanna. Agus úsáid á baint as an tomhas seo, déantar foilseacháin UCD a lua 62% níos mó ná an meán domhanda, rud a chuireann UCD ar leibhéal comhchosúil le cuid mhór príomh-ollscoileanna diantaighde idirnáisiúnta eile.

Le cúig bliana anuas, bhí 20% d'fhoilseacháin UCD ar an gcéad 10% de na cinn is mó lua ar fud an domhain. Ina theannta sin, scríobhadh breis agus leath de na foilseacháin i gcomhar le hinstitiúidí i dtíortha eile, rud a chuir béim ar sheasamh UCD mar ollscoil dhomhanda.

| | 2006/07 | 2007/08 | 2008/09 | 2009/10 | 2010/11 | 2011/12 | 2012/13 | 2013/14 | 2014/15 | 2015/16 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Luach iomlán na gconarthaí a svíniodh, lena n-áirítear ranníocaíochtaí forchostas (€ milliún) | € 95.4M | € 115.9M | € 116.8M | € 49.5M | € 103.3M | € 75.7M | € 113.3M | € 114.1M | € 106.3M | € 93.7M |
| Ranníocaíochtaí iomlána na bhforchostas (€ milliún) | € 14.8M | € 17.3M | € 21.0M | € 6.7M | € 17.0M | € 9.5M | € 17.4M | € 16.5M | € 17.2M | € 13.2M |
| Líon iomlán na gconarthaí a dámhadh | 452 | 445 | 537 | 449 | 510 | 532 | 614 | 672 | 627 | 652 |
| Líon na dtograí a cuireadh faoinár mbráid | 1,234 | 1,090 | 1,150 | 1,069 | 1,123 | 1,263 | 1,167 | 1,245 | 1,603 | 1,372 |

**Conarthaí - 2015/16**

| Foinse Maoinithe | Líon na gConarthaí | Luach (€ milliún) |
|---|---|---|
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) | 91 | € 36.2M |
| An Coimisiún Eorpach (EC) | 39 | € 15.3M |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) | 109 | € 7.8M |
| Fiontraíocht Éireann (EI) | 110 | € 6.7M |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara | 3 | € 2.0M |
| Dreamanna Eile | 300 | € 25.7M |
| Iomlán | 652 | € 93.7M |

*Tábla 1: Dámhachtainí Taighde*

| Ceannaire | Foinse Maoinithe | Clár | Teideal | €Milliún |
|---|---|---|---|---|
| Professor Fengzhou Fang | Science Foundation Ireland (SFI) | Research Professorship | Professor Fengzhou Fang - Ultra precision machining in medical device manufacturing | €6.1M |
| Professor Mark O'Malley | Science Foundation Ireland (SFI) | Strategic Partnership Programme | Energy Systems Integration Partnership Programme (ESIPP) | €4.6M |
| Professor William Gallagher | Science Foundation Ireland (SFI) | Investigator Programme | Optimal Management of Gender-Specific Cancers via Efficient Use of a Protein Profiling, Digital Pathology and Systems Medicine Tools (OPTi-PREDICT) | €2.5M |
| Professor David MacHugh | Science Foundation Ireland (SFI) | Investigator Programme | Development of Next-Generation Control Tools for Bovine Tuberculosis: A One Health Approach | €1.8M |
| Dr Federico Milano | Science Foundation Ireland (SFI) | Investigator Programme | Advanced Modelling for Power System Analysis and Simulation | €1.7M |
| Dr Vladimir Lobaskin | HORIZON 2020 | IL - Leadership in enabling and industrial technologies (LEIT) NANO | Smart Tools for Gauging Nanodangers (SmartNanoTox) | €1.7M |
| Professor Séamus Fanning | Enterprise Ireland (EI) & Industry | Innovation Partnerships | Origin Green Micro Surveillance - Protecting the Next Generation | €1.7M |
| Associate Professor Aoife Gowen | Science Foundation Ireland (SFI) | Investigator Programme | Multi-scale hyperspectral imaging for enhanced understanding and control of food microbiology (HyperMicroMacro) | €1.5M |
| Professor Porscha Fermanis | HORIZON 2020 | ES - ERC Starting Grant | Realigning British Romanticism: White Settler and Indigenous Writing in the British-Controlled Southern Hemisphere, 1783-1870 (SouthHem) | €1.5M |
| Professor Eilish McAuliffe | Health Research Board (HRB) | Research Leader Awards | Collective Leadership and Safety Cultures (CO-LEAD) | €1.4M |
| Professor Martin Steinhoff | Science Foundation Ireland (SFI) & Abbvie | Strategic Partnership Programme | Usage of Omics Technology for Identification of Critical Mediators and Pathways in Patients with Recalcitrant Atopic Dermatitis, Psoriasis and Hidrenitis Suppurvativa | €1.4M |
| Professor Jenny McElwain | Science Foundation Ireland (SFI) | Research Infrastructure | Integrated Plant Phenomics & Future Experimental Climate Platform | €1.3M |
| Dr Patrick Mallon | Gilead Sciences | Research Project | GS-US-311-1717 Platelet sub-study | €1.2M |
| Professor Eoin Casey | Science Foundation Ireland (SFI) | Investigator Programme | Interactions between bacterial biofilms and nanoparticles: a focus on the EPS matrix | €1.2M |
| Professor Catherine Godson | Science Foundation Ireland (SFI) | Investigator Programme | Discovery of an integrated risk profile for chronic kidney disease and development of a clinical biomarker panel for personalising medicine | €1.2M |
| Professor Fiona Doohan | HORIZON 2020 | ES - Marie Skłodowska-Curie Innovative Training Network (ITN) | CEREALPATH - training in innovative and integrated control of cereal diseases | €1.1M |
| Professor Finbar Mulligan & Dr Karina Pierce | Enterprise Ireland (EI), FBD Trust Company Limited & DAIRYMASTER | Innovation Partnerships | Innovative Dairy Production Systems and Technologies (DairyTech) | €1.0M |

*Tábla 2: Na deontais is mó a dámhadh ar UCD 2015/16*

| Clár | Líon na nIarratas | Luach na nIarratas (€) | Líon Dámhachtainí | Luach Dámhachtainí (€) |
|---|---|---|---|---|
| Dámhachtain Forbairt Ghairme | 56 | €701,547 | 18 | €132,472 |
| Scaipeadh agus Aschuir | 203 | €352,872 | 82 | €107,664 |
| Scannadh Léaslíne | 96 | €1,148,237 | 26 | €218,868 |
| Ollúna ar Cuairt Isteach agus Amach | 24 | €277,172 | 6 | €32,070 |
| Taighde Comhionannais, Éagsúlachta agus Uilechuimsitheachta | 17 | €96,115 | 8 | €18,321 |
| Iomlán | 396 | €2,575,943 | 140 | €509,395 |

| Coláiste | Líon na nIarratas | Luach na nIarratas (€) | Líon Dámhachtainí | Luach Dámhachtainí (€) |
|---|---|---|---|---|
| Coláiste na nEalaíon & na nDaonnachtaí UCD | 38 | €168,475 | 18 | €55,136 |
| Coláiste na hEolaíochta UCD | 128 | €805,488 | 46 | €228,009 |
| Coláiste an Ghnó UCD | 11 | €119,485 | 5 | €14,544 |
| Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD | 56 | €350,630 | 18 | €37,437 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte & Talmhaíochta UCD | 105 | €802,615 | 31 | €90,480 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta & an Dlí UCD | 57 | €314,419 | 21 | €74,289 |
| Institiúidí Taighde agus eintitis eile | 1 | €14,831 | 1 | €9,500 |
| Iomlán | 396 | €2,575,943 | 140 | €509,395 |



*Table 3: Scéim Síolchiste UCD*

# Réimsí Tosaíochta Taighde Straitéiseacha UCD - Príomh-bhuaicphointí

In UCD, déanaimid iarracht taighde sármhaith a sheachadadh i réimsí inar féidir leis an Ollscoil agus leis an tír treoir dhomhanda a thabhairt, ag obair go dlúth le raon comhpháirtithe straitéiseacha.

Chun é seo a dhéanamh tá sé réimse tosaíochta sainaitheanta againn:

1. Agraibhia
2. Cultúr, Eacnamaíocht agus Sochaí
3. Fuinneamh
4. Comhshaol
5. Sláinte
6. TFC

## 1. Agraibhia

Tá an earnáil agraibhia ar thús cadhnaíochta i dtaca lenár bhfreagairt ar chuid de na dúshláin dhomhanda is tábhachtaí agus is é an tionscadal dúchasach is mó é dá bhfuil ann in Éirinn. Tá UCD ag obair leis an earnáil seo chun inbhuanaitheacht agus iomaíochas domhanda a chinntiú agus chun forbairt a dhéanamh ar bhianna sábháilte nuálacha agus chun sláinte an duine a chur chun cinn. Tríd an saineolas atá againn i réimse na heolaíochta ainmhithe agus na tréidliachta, déanaimid táirgeadh beostoic de chineál éifeachtúil, inbhuanaithe, folláin atá báúil le leas ainmhithe. Tá ár gcuid céimithe ina gceannairí san earnáil agraibhia ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### Buaicphointí i Réimse an Agraibhia

Rinneadh saoráid Oideachais agus Taighde Déiríochta i bhFeirm Taighde Lyons UCD a oscailt go foirmiúil sa bhliain 2016. Tá an tsaoráid den scoth seo, atá faoi cheannas an tionscail, ina comhpháirtíocht spreagúil €2.3 milliún idir an lucht acadúil agus an tionscal agus déanfaidh sé imscrúdú ar mhúnlaí nuálacha le haghaidh táirgeadh bainne agus soláthraíonn sé sárthimpeallacht le haghaidh múinteoireachta agus taighde i réimse na n-eolaíochtaí déiríochta. Baineann taighde atá beartaithe cheana féin le géineolaíocht, cothúchán, atáirgeadh bó déiríochta agus bainistíocht sláinte tréada.

Tá an tOllamh Shane Ward, Scoil na mBithchóras agus na hInnealtóireachta Bia UCD, i gceannas ar thionscadal H2020 €7 milliún, AGROCYCLE, trína bhforbrófar agus trína léireofar prótacal maidir le cur i bhfeidhm 'geilleagar ciorclach' san earnáil agraibhia.

Rinneadh €1.55 milliún a dhámhadh don Ollamh Aoife Gowen, Scoil na mBithchóras agus na hInnealtóireachta Bia UCD, agus don Dr Amalia Scannell, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD, faoin gClár Imscrúdaitheora SFI i leith an tionscadail dar teideal *Multi-scale hyperspectral imaging for enhanced understanding and control of food microbiology*.

Lean Institiúid Bia agus Sláinte UCD dá naisc idirnáisiúnta le hollscoileanna mór le rá, amhail Ollscoil California, Davis, a neartú. Ba í dara Léacht Chuimhneacháin John E Kinsella an buaicphointe le linn trí lá de chruinnithe idir baill foirne ón dá ollscoil faoi ábhair amhail Mór-Shonraí san Agraibhia agus Leigheas Pearsantaithe agus Sláinte.

Mar thoradh ar dhámhachtain Líonra Oiliúna Nuálaí Marie Skłodowska-Curie (ITN) a fuair an tOllamh Pat Lonergan, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD, beidh sé in ann feidhmiú mar cheannaire, thar ceann UCD, ar dhochtúireacht chomhpháirteach AE i mbitheolaíocht agus i dteicneolaíocht na sláinte atáirgthe (REP-BIOTECH) Bainfidh an tOllamh David McHugh, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD, agus an tOllamh Stephen Gordon, Scoil na Tréidliachta UCD, úsáid as raon cur chuige nuálach géanómaíochta chun 'bithbhraiteoirí' nádúrtha fola a nochtadh don chéad ghlúin eile i réimse na diagnóistice eitinne bólachta. Leanann an tOllamh Patrick Wall agus an tOllamh Seamus Fanning, as Scoil na Sláinte Pobail, na Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt, de chur le cáil UCD i leith ceannaireacht idirnáisiúnta i réimse na sábháilteachta bia.

Mar chuid den Chlár Iarchéime Forbartha Agraibhia (AFGDP), forbraíodh Clár Forbartha Bainistíochta do chéimithe atá ag obair sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn i ngach roinn de chuid *Dawn Meats*. Bhain cúrsaí oiliúna le gnéithe de bhainistíocht an tslabhra soláthair, inrianaitheacht, inbhuanaitheacht agus sábháilteacht bhia, chomh maith le ceannaireacht, bainistíocht, cumarsáid, nuálaíocht agus na prionsabail a ghabhann le gnó barainneach.

I rith na tréimhse 2015/16, rinneadh forbairt ar roinnt réimsí taighde atá ag teacht chun cinn. Ina measc siúd áirítear Talmhaíocht Bheacht agus Bithgheilleagar. Tá tairiscintí i ndáil le maoiniúchán suntasach ann, ar bhonn náisiúnta agus san AE, i dtaca leis an dá réimse sin.

## 2. Cultúr, Eacnamaíocht agus Sochaí

Tá iomrá ar UCD i ndáil lenár saothar i réimse na nEalaíon, na nDaonnachtaí, an Ghnó, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí. Leanann taighdeoirí UCD de bheith chun tosaigh ó thaobh scoláireacht na hÉireann agus a timpeallachta domhanda de: an t-am atá caite a léirmhíniú, ceisteanna criticiúla a chur faoin am i láthair agus samhlú a dhéanamh faoin am atá le teacht. Cuireann siad ábhar ar fáil a úsáidtear i ndáil le beartas poiblí agus díospóireacht phoiblí agus soláthraíonn siad saothair thábhachtacha ó thaobh cúrsaí cultúir de agus tugann siad tacaíocht i leith saothair den sórt sin. Trí shaineolas criticiúil agus céimithe tallannacha a chur ar fáil, agus trí oibriú in éineacht lenár líonra láidir, tacaíonn UCD le geilleagar láidir inbhuanaithe agus tugann sé cabhair maidir lena chur faoi deara go bhfuil Éire ina háit tharraingteach chun cónaí a dhéanamh ann.

### Buaicphointí i réimse an Chultúir, na hEacnamaíochta agus na Sochaí

Rannchuidigh UCD go mór le hócáidí cuimhneacháin chothrom céad bliain 1916 agus ba é a bhí sa chéad cheann de na hócáidí sin ná mórchomhdháil idirnáisiúnta dar teideal *Globalising the Rising* a seoladh i Halla Uí Raghallaigh UCD. Ina theannta sin, ullmhaíodh roinnt taispeántas gaolmhar i Leabharlann James Joyce UCD agus léiríodh agus foilsíodh *Signatories* a fuair ardmholadh agus arbh é a bhí ann ná tionscadal comhoibríoch cuimhneacháin amharclainne

| Bliain an Fhoilseacháin | An Líon Foilseachán in *SciVal* | Bliain an Fhoilseacháin (5-bliana) | Tionchar Lua Réimse-Ualaithe (5-bliana) |
|---|---|---|---|
| 2011 | 2,973 | 2007 - 2011 | 1.64 |
| 2012 | 2,910 | 2008 - 2012 | 1.64 |
| 2013 | 2,958 | 2009 - 2013 | 1.61 |
| 2014 | 2,988 | 2010 - 2014 | 1.63 |
| 2015 | 3,091 | 2011 - 2015 | 1.62 |

***Tábla 4: Méadracht Foilseacháin Tionchar Lua Réimse-Ualaithe***

***Foinse***: Elsevier Scopus/SciVal (fuarthas ar an 29 Lúnasa, 2016)




*D'fhorbair agus sheol Taighde UCD agus Leabharlann UCD Promote Your Research agus tá sé ar fáil ar www.ucd.ie/PromoteYourResearch. Tá eolas ann faoi fhoinsí tacaíochta do thaighdeoirí UCD chun cabhrú leo a n-ábhar taighde a dhéanamh níos sofheicthe le súil is go n-úsáidfear é mar fhoinse agus go mbeidh níos mó tionchair aige ar dhreamanna eile[scroll down here]*

*Tá leathanach nua ar thairseach Taighde agus Nuálaíochta UCD maidir le cúrsaí tionchair chun cabhrú le taighdeoirí tuiscint níos fearr a fháil ar thionchar a n-ábhair ar bhonn eacnamaíochta agus ar bhonn sochaí. I measc na bhfoinsí tacaíochta atá ar an tairseach, tá uirlis chanbháis a chabhraíonn le baill foirne ráitis tionchair a chur i dtoll a chéile le haghaidh tograí taighde, mar aon le scata cás-staidéar tionchair de chuid UCD, agus teimpléad cás-staidéir.*

a raibh ochtar príomhscríbhneoirí Éireannacha bainteach leis agus ba é Patrick Mason a stiúir é agus chuir an Dr Lucy Collins eagarthóireacht air lena fhoilsiú ag UCD Press.

Sa bhliain 2016 freisin, lainseáladh torthaí *Preparing for Life (PFL)*, is é sin, idirghabháil úrnua luathóige a sheol Institiúid Uí Ghadhra UCD um Bheartas Poiblí i gcomhar le Comhpháirtíocht Thuaisceart Bhaile Átha Cliath, leis na *Atlantic Philanthropies* agus leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Faoi cheannas an Dr Orla Doyle, Scoil na hEacnamaíochta UCD agus Institiúid Uí Ghadhra UCD, bhí tionchar dearfach suntasach ag an gclár ar roinnt réimsí, lena n-áirítear forbairt chognaíoch, forbairt shóisialta agus mhothúchánach, agus leas fisiciúil agus forbairt na luaile.

D'éirigh leis an Ollamh Porscha Fermanis, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD, Deontas Tionscnaimh ERC maidir le *Realigning British Romanticism: White Settler and Indigenous Writing in the British-controlled Southern Hemisphere, 1780-1870*. Bronnadh maoiniúchán Horizon 2020 ar an Ollamh Ben Tonra, *Scoil na Polaitíochta agus na gCaidreamh Idirnáisiúnta UCD* i leith an tionscadail chomhoibrithigh dar teideal *Reconsidering European Contributions to Global Justice-GLOBUS*. Bronnadh tionscadal DG SANCO, dar teideal *European Study on the Burden and Care of Epilepsy (ESBACE),* ar an Dr Christine Linehan, *Scoil na Síceolaíochta UCD*. Is ionann luach na ndámhachtainí sin agus cion suntasach den mhaoiniúchán iomlán a fuair UCD ón AE sa tréimhse 2015/16 agus léiríonn siad na deiseanna atá ann mar thoradh ar neart UCD i dtaca leis an téama taighde seo.

Is é atá in *Mapping the State* ná tionscadal a lainseáladh go luath sa bhliain 2016 agus atá á fhorbairt chun scála iomlán agus castacht Stát na hÉireann a chur i láthair. Léiríonn an mapa struchtúir reachtacha, breithiúnacha, feidhmiúcháin agus rialtais áitiúil an stáit trí úsáid a bhaint as sonraí atá forbartha ag taighdeoirí in Institiúid Uí Ghadhra UCD mar chuid de thionscadal Bhunachar Sonraí Riaracháin Stát na hÉireann (www.isad.ie) a bhfuil an tOllamh Niamh Hardiman, Scoil na Polaitíochta agus na gCaidreamh Idirnáisiúnta UCD.

Chuidigh tionchar an tionscadail taighde dar teideal *Including Citizens in Discussions over Constitutional Reform*, faoi cheannas an Dr David Farrell, Scoil na Polaitíochta agus na gCaidreamh Idirnáisiúnta UCD, le bunú rathúil an chéad fhóraim saoránach riamh de chuid an Stáit chun saoránaigh a tharraingt isteach i gcroílár na ndíospóireachtaí faoi athchóirithe bunreachta d'fhonn feabhas a chur ar an tslí ina n-oibríonn ár gcóras ionadaíoch daonlathais. De réir Ranguithe Domhanda MBA an Financial Times Global 2016, tá Scoil Ghnó Céimithe Michael Smurfit UCD rangaithe i measc an fiche scoil ghnó is fearr san Eoraip agus tá sí sa 78ú háit sa domhan. Rud a chothaigh an cháil sin ab ea an t-aschur taighde ón scoil inar áiríodh níos mó ná 200 foilseachán, agus trí leabhar ina measc sin.

Rinneadh saintréith idirdhisciplíneach agus idirnáisiúnta an taighde a dhéantar i Scoil Dlí Sutherland UCD a leathnú nuair a cruthaíodh an Grúpa Taighde ar Rialáil Chomhshaoil agus Ionad Chearta an Duine a bunaíodh le déanaí. Mar aitheantas dá cuid oibre sa réimse scoláireachta a bhaineann leis an tírdhreach stairiúil, bronnadh an dámhachtain mór le rá dar teideal *John Brinckerhoff Jackson Book Award 2016* ar an Dr Finola O'Kane-Crimmins, Scoil na hAiltireachta UCD, i leith *Ireland and the Picturesque; Design, Landscape Painting and Tourism* 1700-1840 a d'fhoilsigh *Yale University Press* sa bhliain 2013.

## 3. Fuinneamh

In UCD, táimid ag obair chun teacht ar réitigh ar dhúshláin fuinnimh an 21ú haois. Clúdaíonn an saineolas taighde atá againn na foinsí traidisiúnta ola agus gáis chomh maith le comhtháthú fuinnimh in-athnuaite agus an comhéadan idir fuinneamh agus TFC i réimsí amhail Eangacha Cliste agus Cathracha Cliste. Déanaimid anailís ar na gnéithe eacnamaíochta agus ar an eolaíocht iompraíochta a ghabhann le roghanna a dhéantar maidir le fuinneamh, féachaimid lena chumasú don chreat beartais úsáid éifeachtúil, inbhuanaithe fuinnimh a chur chun cinn, agus spreagaimid bunú fiontar nua fuinnimh. Déanaimid comhpháirtíochtaí le raon leathan cuideachtaí fuinnimh maidir lenár gcuid taighde agus is céimithe de chuid UCD iad líon mór ceannairí san earnáil seo sa tír seo agus ar bhonn idirnáisiúnta.

### Buaicphointí Fuinnimh

Tá obair Institiúid Fuinnimh UCD ar chomhtháthú córas fuinnimh a chur ar aghaidh agus a leathnú trí bhíthin roinnt tionscadal éagsúil. Tá maoiniúchán suntasach nua, ar fiú os cionn €11 mhilliún é, faighte don Chlár Comhpháirtíochta Comhtháthaithe Córas Fuinnimh (ESIPP) a bhfuil an tOllamh Mark O'Malley, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí UCD, i gceannas air. Tríd an tionscadal taighde ildisciplíneach, ilinstitiúide seo, tá cumas láimhseála sonraí agus pleanála straitéisí á bhforbairt i réimsí an leictreachais, an ghais agus an uisce in éineacht le AIB, EirGrid, Ervia, ESB agus Glen Dimplex.

Leanann an Institiúid Fuinnimh dá cumas acadúil a leathnú chuig réimsí nua agus bhíothas in ann ceapacháin i ndáil le dhá phost nua in Eacnamaíocht Fuinnimh agus i gCórais Chliste Fuinnimh a dhéanamh tríd an gcomhpháirtíocht leis an Institiúid Fuinnimh, Scoil na hEacnamaíochta agus Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí.

Tháinig an tOllamh Federico Milano, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí UCD, chun bheith ina Ánra de chuid Institiúid na nInnealtóirí Leictreacha agus Leictreonacha (IEEE) mar thoradh ar a shaothar sa réimse múnlaithe agus ionsamhlaithe córas cumhachta.

Tá gníomhaíochtaí idirnáisiúnta ag leanúint ar aghaidh agus tá roinnt dámhachtainí suntasacha Horizon 2020 gnóthaithe ag an Ollamh Comhlach

Damian Flynn, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí UCD, agus ag an Ollamh Comhlach Donal Finn, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí UCD.

Tá an Ard-Déantúsaíocht ina réimse ina bhfuil UCD ag cur lena chumas taighde agus lena ghníomhaíochtaí taighde. Tá iomaíochas déantúsaíochta sainaitheanta ag an nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Beartú Tosaíochtaí Taighde mar réimse fíorthábhachtach agus tá an Coláiste Innealtóireachta agus Ailtireachta ag ailíniú a straitéise chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin sa réimse seo.

Cuireadh go mór le cumas ard-déantúsaíochta UCD trí cheapadh an Ollaimh Fengzhou Fang chuig Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD. Tá cáil dhomhanda ar an Ollamh Fang i réimse an taighde agus na nuálaíochta ard-déantúsaíochta agus beidh sé i gceannas ar chlár ceannródaíochta in UCD trí bhíthin infheistíocht €6 mhilliún faoi Chlár Ollúnachta Taighde na Fondúireachta Eolaíochta agus méadóidh sé seo cumas na hÉireann mar ionad domhanda i leith teicneolaíochtaí micri-/nanai-dhéantúsaíochta.

## 4. Comhshaol

Baineann cuid mhór de na dúshláin dhomhanda is suntasaí dá bhfuil ann lenár gcumas chun ár gcomhshaol a chothú agus ár n-acmhainní nádúrtha a úsáid go críonna. Soláthraíonn taighdeoirí UCD réitigh phraiticiúla i réimsí na maireachtála inbhuanaithe, na n-acmhainní nádúrtha, an athraithe aeráide, na nguaiseacha nádúrtha agus an chomhshaoil fhoirgnithe. Tá saineolas acu ar raon leathan disciplíní, lena n-áirítear na heolaíochtaí bitheolaíochta agus fisiceacha, chomh maith le heacnamaíocht, iompraíocht agus rialáil, agus tugann siad aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le comhshaol uathúil na hÉireann agus leis na mór-shaincheisteanna domhanda.

### Buaicphointí Comhshaoil

Rinne Damien English TD, Aire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta, iCRAG, an tIonad Taighde Geo-eolaíochta, atá á mhaoiniú ag SFI, a lainseáil in Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD. Le 12 mhí anuas, táthar tar éis os cionn 40 ball foirne oibríochta a earcú agus tá 23 dhuine díobh sin lonnaithe in UCD. Ós rud é go bhfuil struchtúr ann anois chun tacú le fás an ionaid amach anseo, leanfaidh iCRAG d'úsáid a bhaint as socruithe láidre comhoibrithe leis na 55 chomhpháirtí atá ag an ionad sa réimse tionscail, ar comhpháirtithe iad a bhfuil beagnach €1.5 milliún curtha ar fail acu sa bhliain atá imithe tharainn. Tháinig líon mór cuairteoirí chun spéis a léiriú i dtaispeántais idirghníomhacha Institiúid Domhaneolaíochta UCD agus iCRAG in Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD le linn Fhéile UCD 2016. Thug an Dr Fergus McAuliffe, as iCRAG, príomhléachtaí faoi chumarsáid eolaíochta ar fud na hEorpa agus leanann sé de bheith ina láithreoir ar chlár teilifíse de chuid RTÉ a hAon, is é sin, *10 Things to Know About*.

Fuair an tOllamh Jenny McElwain, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaiochta Comhshaoil UCD, agus Institiúid Domhaneolaíochta UCD, mórmhaoiniúchán le haghaidh bonneagair ón SFI. Cuimsíonn an *Integrated Plant Phenomics & Future Experimental Climate Platform* scanóir CT X-gha den scoth agus sé sheomra aeráid-rialaithe ardsonraíochta. Éascóidh an tsaoráid uathúil seo comhoibriú idir an earnáil acadúil agus an earnáil tionscail agus cumasóidh sí d'úsáideoirí struchtúir thríthoiseacha a léirshamhlú agus taighde a dhéanamh ar struchtúir den sórt sin.

Mar thoradh ar *Reconnect*, ar tionscadal é atá bainteach le hInstitiúid Domhaneolaíochta UCD agus a bunaíodh sa bhliain 2016 le maoiniúchán ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), cuirfear feabhas ar iomláine fhisiciúil agus éiceolaíochta acmhainní uisce na hÉireann agus ar an staid maidir le chomhlíonadh ceanglas reachtaíochta. Baineann *Reconnect* leas as saineolas UCD sna réimsí seo a leanas: Bitheolaíocht agus Eolaíocht Comhshaoil (an tOllamh Comhlach Mary Kelly-Quinn, an Dr Jens Carlsson agus an Dr Bernie Ball), Innealtóireacht Shibhialta (an tOllamh Michael Bruen agus an Dr John O'Sullivan), Tíreolaíocht (an Dr Jonathan Turner) agus Beartas Pleanála agus Comhshaoil (an Dr Craig Bullock). Tá an Dr Jens Carlsson, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD, ina chomhpháirtí i dtionscadal ceithre bliana H2020 de chuid na hEorpa, is é sin, *A Trans-Atlantic assessment and deep-water ecosystem-based spatial management plan for Europe* (ATLAS).

Sa tionscadal dhá bhliain dar teideal *Eco-Health*, atá á mhaoiniú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE), déanfar scrúdú ar thairbhí sláinte seirbhísí éiceachóras mar mhodh chun fianaise agus uirlisí a sholáthar d'fhonn forbairt a dhéanamh ar chomhshaol cothaithe sláinte nó ar 'áiteanna folláine'. Beidh an tOllamh Mark Scott, Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Bheartais Comhshaoil UCD agus Institiúid Domhaneolaíochta UCD, i gceannas ar an taighde seo ar an ngaolmhaireacht idir an comhshaol nádúrtha agus leas an duine.

D'éirigh leis an Dr Jonathan Yearsley, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD agus Institiúid Domhaneolaíochta UCD, Deontas Imscrúdaitheora SFI a fháil chun díriú ar *Biodiversity, resilience and food security: understanding the role of biodiversity in maintaining food production*. Bronnadh Dámhachtain Forbartha Gairme SFI ar an Dr Angela Feechan, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD agus Institiúid Domhaneolaíochta UCD, sa bhliain 2016 chun díriú ar *Re-establishing Wheat Immunity to Zymoseptoria tritici.*



*I láthair ag seoladh Pháirtnéireacht SAFE Innovation san Ionad um Shábháilteacht Bia, UCD (ó chlé go deas): Cian O'Mahony, Príomhoifigeach Eolaíochta, Creme Global; an Dr Eimear Downey, Comhairleoir Teicniúil, Nutrition Supplies; Gearóid Mooney, Director of Research and Innovation, Enterprise Ireland; an tOllamh Séamus Fanning, UCD, Ollamh le Sábháilteacht Bia agus mac léinn PhD in UCD, Joao Anes.*



*Baill nua de chuid UCD tofa ag Acadamh Ríoga na hÉireann, eagras ceannródaíoch saineolaithe sna heolaíochtaí agus sna daonnachtaí. Taighdeoirí a bhfuil an-mheas orthu an cúigear atá i gceist. Sa phictiúr (ó chlé go deas): an tOllamh Walter Kolch, Systems Biology Ireland; an tOllamh Emma Teeling, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Timpeallachta, UCD; an tOllamh Frédéric Dias, Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí, UCD; an tOllamh Mary E.Daly, Scoil na Staire, UCD agus Uachtarán Acadamh Ríoga na hÉireann; an tOllamh Diane Negra, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta, UCD, agus an tOllamh Paul Devereux, Scoil na hEacnamaíochta, UCD.*

Bhí Institiúid Domhaneolaíochta UCD an ghníomhach ag Environ 2016, 26ú Comhdháil Thaighdeoirí Comhshaoil na hÉireann a seoladh i Luimneach. I measc na rannpháirtithe áiríodh an tOllamh Frank McDermott, Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD agus Institiúid Domhaneolaíochta UCD, a bhí ina chathaoirleach ar an seisiún faoi Athrú Aeráide.

## 5. Sláinte

Tá cúram sláinte ag athrú go tapa mar thoradh ar athruithe ar dhéimeagrafaic, mar thoradh ar fhionnachtana i réimse an taighde bithleighis agus mar thoradh ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn. In UCD, táimid ag féachaint ar thodhchaí an chúraim sláinte, tráth a mbeidh teiripí nua, teicneolaíochtaí nua agus feistí nua ag teacht chun cinn de bharr shiombóis na teicneolaíochta agus na bitheolaíochta. Baineann taighde sláinte in UCD leas as an saineolas atá againn ar an mbuneolaíocht bithleighis agus ar réimsí gaolmhara na heolaíochta agus na teicneolaíochta.

Tá an cur chuige atá againn bunaithe ar bheacht-leigheas a bhfuil gealladh mór faoi i ndáil teiripe a aimsiú ar mhodh níos fearr agus i ndáil le laghdú seachéifeachtaí thar raon speisialtóireachtaí lena n-áirítear ailse, galar meitibileach agus cardashoithíoch, deirmeolaíocht, galair thógálacha agus galair thearca agus déantar breithniú ar shláinte an duine agus ar shláinte ainmhithe araon. Ós rud é go bhfuil rochtain le fáil ar an líonra ospidéal acadúil is mó dá bhfuil ann sa tír, Grúpa Ospidéil Oirthear na hÉireann (IEHG), a fhónann do níos mó ná 1 mhilliún othar, tá deis uathúil ann maidir le haistriú agus cur i bhfeidhm. Ina theannta sin, is ceannairí sinn i dtaca le cur chun cinn na sláinte, cuirimid eolas ar fáil i réimsí an bheartais agus an chleachtais agus, trínár gclár sláinte nasctha, oibrímid in éineacht le cliniceoirí, le tionscail agus le hothair chun athrú a dhéanamh ar an mbealach ina soláthraítear cúram sláinte.

### Buaicphointí Sláinte

I measc na mórdhámhachtainí il-imscrúdaitheora áirítear comhdhámhachtain Wellcome Trust/SFI/HRB trína dtabharfar tacaíocht do sheisear céimithe sármhaithe leighis ar a laghad sa bhliain chun dul i mbun oiliúint struchtúrtha, chomhtháite chliniciúil ina gcuimseofar PhD agus oiliúint speisialtóra chliniciúil. Bunóidh an clár tábhachtach seo grúpa cliniceoirí/eolaithe atá gníomhach ó thaobh taighde de agus, in UCD, tá an Dr Patrick Mallon, Scoil an Leighis UCD, i gceannas air.

Bronnadh dámhachtainí Chlár Comhpháirtíochta Taighde agus Forbartha na Stát Aontaithe-na hÉireann ar an Dr Brian Rodriguez, Scoil na Fisice UCD, ar an Ollamh Catherine Godson, Scoil an Leighis UCD, agus ar an Ollamh Carel le Roux, Scoil an Leighis UCD, agus iad ag obair i gcomhpháirtíocht le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste, le hOllscoil Uladh, le hOllscoil Heilsincí, leis hInstitiúid Broad agus le hOllscoil Florida, agus é mar aidhm acu imscrúdú a dhéanamh ar na haimhréidheanna a ghabhann le diaibéiteas.

Tá sé mar aidhm ag dámhachtainí faoi Chlár Imscrúdaitheoirí SFI a bronnadh ar an Ollamh William Gallagher, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíneach agus Bithleighis UCD, agus ar an Ollamh William Watson, Scoil an Leighis UCD, dhá thástáil chliniciúla a fhorbairt chun deighilt a dhéanamh idir siadaí íseal-riosca agus siadaí ard-riosca. Déanfaidh an tOllamh Catherine Godson, Scoil an Leighis UCD, próifíl bhithchomhartha sóirt chun leigheas pearsantaithe srathaithe a éascú do ghalar ainsealach duáin.

Fuair an tOllamh Martin Steinhoff, Scoil an Leighis UCD, dámhachtainí ó SFI trí Chlár na nDámhachtainí Nuálaíochta Biteiripice SFI-Pfizer agus trí chlár na Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha chun éifeachtacht agus tairbhe theiripeach a thástáil i ndáil le cóireáil na péine ainsealaí agus an néarítis agus chun idirghabhálaithe a shainaithint i ndáil le Deirmitíteas Atopach Imchoimeádach, Soiriáis agus Hidrenitis Suppurvativa, faoi seach.

Fuair an tOllamh Des Higgins, Scoil Leighis UCD, dámhachtain Kimura Motoo i dTóiceo mar aitheantas idirnáisiúnta dá shaothar suntasach i ndáil le bitheolaíocht éabhlóideach a chur ar aghaidh agus, go sonrach, i ndáil le réimse na filigineachta móilíní.

Tá sé fógartha ag an *American Physiological Society* (APS) go bhfuil an *2017 Takeda Distinguished Research Award* le bronnadh ar an Ollamh Cormac Taylor, Scoil Leighis UCD, ag Rannóg Gastraistéigeach agus Ae-Fhiseolaíochta an Chumainn. Bronntar an dámhachtain thábhachtach sin gach bliain ar imscrúdaitheoir sármhaith a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige/aici mar gheall ar a shaothar/saothar i dtaca le taighde fiseolaíochta sna réimsí seo. Ón tráth ar bunaíodh an dámhachtain seo sa bhliain 2007, is í seo a chéad uair a bhronnfar í ar eolaí atá lonnaithe in áit lasmuigh de na Stáit Aontaithe.

Tá aitheantas faighte ag an Dr Susan Quinn, Scoil na Ceimice UCD, ón *Royal Society of Chemistry* i leith a saothair mar chuid d'fhoireann taighde idirnáisiúnta a bhfuil imscrúdú á dhéanamh acu ar an ngaolmhaireacht idir tionscnamh móilíneach galair agus ionsú fuinnimh solais ag DNA.

I measc na bhfoilseachán in irisí a bhfuil an-tionchar acu, áirítear an méid seo a leanas: tuairisc ón Dr Oliver Blacque, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD, in *Nature Cell Biology* faoi thorthaí oibre maidir le sainaithint géine atá bainteach le siondróm Joubert agus sainaithint na meicníochta ar dá réir a fheidhmíonn sí i gcealla; alt in *Circulation* leis an Dr

Fiona McGillicuddy, Scoil Leighis UCD, maidir leis an tslí ina bhfuil sé níos fearr, ó thaobh sláinte cardashoithíche de, saill mhonai-neamhsháithithe a chur in ionad carbaihiodráit cothaithe in aistí bia a bheadh murtallaigineach thairis sin; torthaí nua oibre a thuairiscigh an tOllamh Ulla Knaus, Scoil Leighis UCD, in *Cell Host & Microbe* agus ina dtaispeántar conas is féidir le micreaflóra oiriúnú a dhéanamh mar chúiteamh nuair a theipeann ar chomharthaí luathrabhaidh ó chealla eipitéiliacha sa phutóg, rud is bagairt ar an gcéad líne cosanta ar phataiginí.

## 6. TFC

Déanann taighde TFC in UCD eolas a chur ar aghaidh agus taighdeoirí ardoilte a chur ar fáil i réimsí amhail Anailísíocht Sonraí, Intleacht Shaorga, Idirlíon na nEarraí, Córais Chliste, Príobháideachas agus Slándáil. Ina theannta sin, ceanglaíonn sé na réimsí sin le cinn eile, agus aghaidh á tabhairt ar fheidhmchláir eile amhail Talmhaíocht Chliste, Sláinte Nasctha, Tionscal 4.0 agus Daonnachtaí Digiteacha (Smart Agriculture, Connected Health, Industry 4.0 agus Digital Humanities). I measc thaighdeoirí UCD, faightear cuid de na taighdeoirí is minice a luaitear ar fud an domhain maidir le meaisínfhoghlaim agus maidir le roinnt gnéithe den intleacht shaorga.

### Buaicphointí TFC

Mar cheann de mhór-chomhpháirtíochtaí straitéiseacha na hOllscoile, tá sé comhaontaithe ag UCD agus ag Intel comhoibriú a dhéanamh i ndáil le hoideachas, taighde, beartas agus straitéis. Cruthóidh an chomhpháirtíocht Clár Scoláireachtaí Mac Léinn Máistreachta UCD/Intel trína dtacófar le hoideachas do 64 mhac léinn iarchéime UCD i réimsí na Nanaicheimice, na hEolaíochta Ríomhaireachta, na hInnealtóireachta Leictreonaí agus Ríomhaireachta, agus na Nanaitheicneolaíochta d'fhonn aghaidh a thabhairt ar réimsí tábhachtacha i ngeilleagar na hÉireann ina bhfuil ganntanas scileanna.

Tríd an Ollamh Robert Shorten, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí UCD, tá UCD páirteach i gcuibhreannas 74-chomhpháirtí/15-thír Enable S3 a bhfuil rath bainte amach aige in H2020. Trí Enable S3, tá grúpa comhoibriúcháin curtha ar bun ag UCD, ag IBM Ireland agus ag cuideachta Ghearmánach, TWT, chun forbairt a dhéanamh ar chóras réasúnaithe lena ngabhann feasacht ar chomhthéacs atá le húsáid i ngluaisteáin agus a bheidh ina chabhair maidir le maolú a dhéanamh ar rioscaí do thiománaithe.

Ina cháil mar chomhordaitheoir, d'éirigh leis an Dr David Coyle, Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta UCD agus Ionad Náisiúnta INSIGHT um Anailísíocht Sonraí, Líonra Oiliúna Nuálaí Marie Skłodowska Curie (ITN) - Meabhairshláinte Teicneolaíocht-Chumasaithe do Dhaoine Óga - TEAM a áirithiú.

Tá ról ceannasach ag UCD i gcónaí in ionaid náisiúnta taighde anailísíochta sonraí in Éirinn, lena n-áirítear Ionad INSIGHT um Anailísíocht Sonraí, CeADAR, agus Ionad Anailísíochta Gnó UCD. Bronnadh stádas imscrúdaitheora mhaoinithe ar cheathrar taighdeoirí de chuid UCD sa bhliain 2016 in Ionad Insight um Anailísíocht Sonraí: an Dr Andrew Parnell, Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí UCD, an Dr Brian MacNamee, Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta UCD, an Dr Claire Gormley, Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí UCD agus an Dr Georgiana Ifrim, Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta UCD.

Bhí an chéad *Insight Hackathon* ann ar lena linn a forbraíodh seacht dtionscadal ilchineálacha, lena n-áirítear áiritheoir uathoibríoch calraí agus pas díobhálacha imreora. Ba é an buaiteoir foriomlán *Reproducible Research*, is é sin le rá, tionscadal trínar uathoibríodh glanadh agus ullmhú sonraí.

## Nuálaíocht

Tá UCD tiomanta go hiomlán i leith a róil thábhachtaigh in éiceachóras nuálaíochta agus malartaithe eolais na hÉireann, mar chumasóir fáis eacnamaíochta agus mar rannchuiditheoir le forbairt eacnamaíochta, cultúir agus sóisialta. Tacaímid leis an gcuspóir seo trí na nithe seo a leanas: ár mic léinn agus ár gcéimithe nuálacha agus fiontraíocha; forbairt comhpháirtíochtaí le gnóthaí, gníomhaireachtaí Rialtais agus fiontair shóisialta agus chultúrtha; aschur taighde a tráchtálú; fiontar nua a ghiniúint; agus jabanna a chruthú.

Ceann dár bpríomhchuspóirí is ea feabhas a chur ar ár gcumas chun mac-chuideachtaí iomaíocha a fhorbairt agus príomhfhorbairt maidir leis sin i rith na bliana seo caite ab ea bunú an Chiste nua Droichid Ollscoile ar fiú €60 milliún é. Is é an Ciste nua seo, ar cuireadh tús leis mar thionscadal comhoibrithe de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an chéad chiste infheistíochta de chuid na hÉireann riamh trína ndéantar infheistíocht go heisiach in aschur taighde a ghintear sa dá ollscoil agus i ngach institiúid tríú leibhéal agus ollscoil de chuid na hÉireann.

Beidh an Ciste á bhainistiú ag Atlantic Bridge agus imreoidh sé tionchar i dtaca le cuideachtaí nua Éireannacha a chruthú a bheidh in ann fás agus méadú chun bheith san iomaíocht i margaí domhanda. De bhreis ar an dá ollscoil, tarraingíonn an Ciste seo infheistíocht shuntasach institiúideach ón gCiste Eorpach Infheistíochta agus is é seo an chéad ghealltanas bunúsach atá déanta aige i gciste Éireannach den sórt seo tar éis dó infheistíochtaí den chineál céanna a dhéanamh san Eoraip, i bhFiontraíocht Éireann agus, chomh maith leis sin, in AIB agus i mBanc na hÉireann.

I rith na bliana, ghnóthaigh UCD dhá dhámhachtain, is é sin le rá, Dámhachtain na Stát Aontaithe-na hÉireann do Nuálaíocht sa Taighde 2016 agus Dámhachtain *Knowledge Transfer Ireland* 2016, mar aitheantas do rath *Logentries* a bhfuil mionsonraí ina leith le fáil anseo thíos.

### Mic Léinn Fiontraíochta

Maidir leis an tionchar a bhíonn againn trínár dtaighde agus nuálaíocht, is ónár mic léinn agus céimithe, agus ón rannchuidiú ar fheabhas a dhéanann siad agus a dhéanfaidh siad thar a ngairmréimeanna, a thagann tionchar is mó na hOllscoile.




*Sa phictiúr (ó chlé go deas): Walter Hobbs, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Infheistíocht agus Airgeadas, Fiontraíocht Éireann; Gerry Maguire, Páirtnéir, Atlantic Bridge; Mary Mitchell O'Connor TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta; an tOllamh Patrick Prendergast, Propast, Coláiste na Tríonóide; an tOllamh Andrew Deeks, Uachtarán UCD, agus Mark Horgan, Páirtnéir, Atlantic Bridge agus Ciste Droichid Ollscoile €60 milliún á sheoladh.*



*Sa phictiúr (ó chlé go deas), tá Mark Lacomber, innealtóir sinsearach bogearraí, Rapid7 agus fostaí uimhir a 1 Logentries, in éineacht le Mary Mitchell O'Connor TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, agus an Dr Ciaran O'Beirne, Bainisteoir Technology Transfer, NovaUCD, ag ócáid ar bronnadh Dámhachtain 2016 Knowledge Transfer Ireland Impact ar UCD.*

## Réalta i réimse na nGnólachtaí Nua-Thionscanta in UCD

I rith na bliana, reáchtáil NovaUCD, Acadamh Nuálaíochta UCD agus Scoil Céimithe Gnó Michael Smurfit UCD *Startup Stars* arb é atá ann ná clár bliantúil tacaíochta fiontraíochta do mhic léinn fochéime agus iarchéime UCD ar mian leo oibriú le chéile chun cuideachtaí nua a thosú. Cuireadh tús leis le sraith ceardlann agus modúl cúrsa ildisciplíneach a eagraíodh thar thréimhse 3 mhí i Scoil Céimithe Gnó Michael Smurfit UCD agus in Acadamh Nualaíochta UCD. Rinneadh sé cinn d'fhiontair mac léinn a bhí ag céim luath, agus 14 bhall foirne iontu, a roghnú ansin chun páirt a ghlacadh i gclár forleathan faireacháin a bhí ann thar thréimhse 4 seachtaine in NovaUCD.

Tá sé mar aidhm ag an gclár seo cabhrú le mic léinn mínscagadh a dhéanamh ar a gcuid smaointe faoi chuideachtaí nua agus áiríodh ann sraith ceardlann struchtúrtha a thug saineolaithe de chuid an tionscail, ceardlanna idirghníomhacha, seisiúin rialta cur i láthair agus meantóireacht.

Tar éis cur i láthair deiridh os comhair painéal moltóirí, dearbhaíodh *Skillar* mar bhuaiteoir foriomlán an chláir i mbliana. Tá *Skillar* ag forbairt *Quik*, is é sin, feidhmchlár soghluaiste chun an próiseas earcaithe daoine páirtaimseartha a luathú. Mic léinn de chuid UCD is ea iad na bunaitheoirí: Laurence McNally (Máistreacht, Innealtóireacht Mheicniúil), Stephen Jones (4ú bliain, Innealtóireacht Cheimiceach) agus Andrew Desmond (Máistreacht, Nuálaíocht Dhigiteach).

Is iad seo a leanas urraitheoirí Réalta Gnólachtaí Nua-Thionscanta UCD: AIB, Arthur Cox, Deloitte, Ericsson, Goodbody Stockbrokers, An Oifig Fiontar Áitiúil-Comhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Xilinx.

## Grodchúrsa Gnó na nEolaithe Óga BT 2016

Is í aidhm Ghrodchúrsa Gnó BT, atá á reáchtáil ag BT gach bliain i gcomhar le UCD, an bhearna idir oideachas agus gnó a líonadh do mhic léinn a léiríonn bua fiontraíochta ar leith agus cumas gnó. Agus é sa seachtú bliain anois, bhí 30 mac léinn dara leibhéal ó chuile chearn in Éirinn páirteach sa champa scileanna agus nuálaíochta cheithre lá a tionóladh ag NovaUCD, is é sin le rá, mic léinn a léirigh an cumas a thuiscint cén tslí agus cén fáth ar féidir smaoineamh simplí a fhorbairt ina fhiontar inmharthana ó thaobh tráchtála. Roghnaíodh na mic léinn rannpháirteacha i mí Eanáir as measc na mach léinn meánscoile go léir a bhí san iomaíocht i dTaispeántas Teicneolaíochta agus Eolaithe Óga BT 2016.

## Comhpháirtíochtaí leis an Earnáil Tionscail

Tá teist láidir go dtí seo ag UCD de bheith ag obair le hearnáil na tionsclaíochta agus lorgaíonn an Ollscoil rannpháirtíocht láidir agus straitéiseach le fiontair ghnó, shóisialta agus chultúrtha chun cur le luach, líonraí a leathnú agus deiseanna nua a iniúchadh chun tionchar a sheachadadh trí chomhpháirtíocht. Áirítear inár n-éiceachóras nuálaíochta cláir chomhoibríocha tionscail ar mhórscála, amhail CSETanna, maoinithe ag SFI, Ionaid agus Braislí Taighde Straitéiseacha, agus ionaid teicneolaíochta arna dtreorú ag an earnáil tionscail agus arna maoiniú ag Fiontraíocht Éireann. Ina theannta sin, tá breis agus 250 cuideachta tar éis taighde a mhaoiniú in UCD le blianta beaga anuas agus tá breis agus 1,000 cuideachta tar éis comhoibriú le UCD ar thionscadail taighde.

Tá breis agus 50 cuideachta, ó ghnólachtaí nua-thionscanta ardteicneolaíochta luathchéime go dtí cuideachtaí seanbhunaithe treoraithe ag an nuálaíocht, lonnaithe anois in UCD. Tá na cuideachtaí seo, a chlúdaíonn earnálacha ó thalmhaíocht agus bia go dtí na heolaíochtaí saoil, agus ó TFC go dtí na heolaíochtaí fisiciúla, innealtóireacht agus teicneolaíocht ghlan, lonnaithe go príomha ag NovaUCD, Ionad na hOllscoile d'Fhiontair nua agus d'Fhiontraithe, nó ag NexusUCD, an tIonad Comhpháirtíochta Tionscail, agus tá siad tar éis lonnú ar an gcampas le gur féidir leo comhoibriú níos dlúithe a dhéanamh le UCD.

## Comhshaotharlanna Taighde agus Bogearraí IBM agus UCD

I rith na bliana, d'fhógair IBM agus UCD bunú dhá chomhshaotharlann nua a mbeidh an dá cheann acu lonnaithe in Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD. Ligfidh an chomhshaotharlann taighde d'eolaithe as UCD agus as *IBM Research-Ireland* oibriú go dlúth lena chéile ar theicneolaíochtaí don chéad ghlúin eile cathracha cliste agus inbhuanaithe. Beidh an clár taighde chomhoibríoch dírithe ar theicneolaíochtaí cognaíocha ríomhaireachta a chur i bhfeidhm chun cabhrú le cinnteoireacht ag daoine agus ar an gcéad leibhéal eile ard-chomhoibriú idir daoine agus ríomhairí a sheachadadh.

Bainfidh feidhmchláir le raon leathan disciplíní ag a bhfuil tionchar domhanda, lena n-áirítear talmhaíocht, gluaisteáin cheangailte, bainistíocht chúraim sláinte, cúram pearsantaithe, fuinneamh níos cliste agus iompar. Maidir leis an gcomhshaotharlann nua forbartha bogearraí, beidh forbróirí bogearraí as *IBM Ireland Lab* ann agus iad ag úsáid teicneolaíochtaí cognaíocha ríomhaireachta i gcomhar le taighdeoirí UCD.

Beidh clár taighde na comhshaotharlainne seo dírithe ar úsáid a bhaint as ardteicneolaíocht anailísíochta chun léirmhíniú a dhéanamh, i bhfíor-am, ar an méid ollmhór sonraí agus pátrún atá bailithe ó othair trí fheistí leighis cliste agus leabaithe. Beidh sé mar aidhm ag feidhmchláir a éireoidh as léirmhínithe den sórt sin bunathrú a dhéanamh ar chomhráite faoi chinnteoireacht chomhoibríoch idir dochtúirí agus a gcuid othar.

### Comhpháirtíocht Nuálaíochta chun Feabhas a chur ar Cháilíocht agus ar Shábháilteacht Bhia

Rinneadh clár nua 3 bliana maidir le Comhpháirtíocht Nuálaíochta i réimse na cáilíochta agus na sábháilteachta bia a lainseáil i rith na bliana in UCD. Tá sé mar aidhm ag clár €1.7 milliún Fhiontraíocht Éireann atá á mhaoiniú ag an tionscal agus dar teideal *Sequencing Alliance for Food Environments* (SAFE) forbairt a dhéanamh ar bhosca uirlisí bogearraí réamh-mheastacha chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar shábháilteacht bhia ar bhonn náisiúnta, ach cumas domhanda ann, agus leas á bhaint as sonraí faisnéise comhshaoil. Is é atá in SAFE ná comhpháirtíocht uathúil ina gcuimsítear Ionad na Sábháilteachta Bia UCD, sé phríomhchuideachta bia agus cothúcháin, mar atá, Dairygold, Dawn Farm Foods, Glanbia, Kerry, Mead Johnson Nutrition agus Nutrition Supplies, agus, chomh maith leo sin, Creme Global, saineolaithe i réimse na mbogearraí réamh-mheastacha múnlaithe iontógála.

### Ionad SAS ag NexusUCD

Tá sé fógartha ag SAS, arb é an ceannaire domhanda é i dtaca le hanailísíocht ghnó de, go ndéanfar leathnú ar a oibríochtaí in Éirinn trí Ionad nua Díolachán Istigh agus Teagmhála Custaiméara a oscailt. Cruthóidh an leathnú 150 post thar thréimhse trí bliana agus is ionann sin agus infheistíocht thart ar €40 milliún. Dá bharr, tiocfaidh méadú faoi shé ar an líon daoine atá ar fostú agus neartóidh sé go mór láithreacht SAS sa réigiún. Beidh an t-ionad nua lonnaithe ag NexusUCD ar dtús agus tacóidh sé le díol bogearraí anailísíochta sonraí i margaí san Eoraip, sa Mheán-Oirthear agus san Afraic.

## Aschuir Taighde a Thráchtálú

Cuireann NovaUCD saoráid ghoir den scoth, atá saintógtha do chuideachtaí dianeolais, ar fáil lámh ar lámh le clár tacaíochta gnó cuimsitheach.

I rith na bliana, thug Robert-Jan Smits, Ard-Stiúrthóir Taighde agus Nuálaíochta sa Choimisiún Eorpach, cuairt ar NovaUCD. Ina theannta sin, sheol Fiontraíocht Éireann ceann amháin dá chruinnithe boird míosúla ag NovaUCD. De bhreis air sin, tháinig roinnt toscaireachtaí idirnáisiúnta, as tíortha éagsúla lena n-áirítear an Astráil, an Afraic Theas agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, ar cuairt chuig NovaUCD chun tuilleadh eolais a fháil faoi rath UCD i ndáil le gníomhaíochtaí a bhaineann le tráchtálú agus fiontraíocht.

Trí fhoireann aistrithe teicneolaíochta UCD atá lonnaithe ag NovaUCD, cuidítear le taighdeoirí ó UCD agus ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (NCAD) le sainaithint agus le cosaint maoine intleachtúla (IP) a éiríonn as ár gcláir thaighde. Tugtar cúnamh freisin do thráchtálú IP trí cheadúnú do chuideachtaí agus trí fhoirmiú mac-chuideachtaí.

Tacaíonn an fhoireann oiliúna Forbartha Fiontair agus Oideachais Nuálaíochta ag NovaUCD le taighdeoirí freisin i dtráchtálú aschur IP, trí shraith clár oiliúna lena n-áirítear na cláir seo a leanas: *Innovation Sprint,* Grodchúrsa Tráchtálaithe agus Luathú Seoladh Fiontair.

I rith na bliana, thuairiscigh taighdeoirí ó UCD 73 aireagán san iomlán. De bhreis air sin, comhdaíodh 27 n-iarratas paitinn tosaíochta thar réimsí na hinnealtóireachta, na teicneolaíaochta faisnéise agus cumarsáide, agus na n-eolaíochtaí saoil. Ina theannta sin, thug UCD 20 comhaontú ceadúnais chun críche le raon cuideachtaí idirnáisiúnta agus dúchasacha agus rinneadh 3 mhac-chuideachta nua UCD a ionchorprú.

I rith na bliana, lainseáil oifig aistrithe teicneolaíochta UCD ag NovaUCD ardán ceadúnaithe ar líne nua, ina gcuimsítear *Stripe*, chun íocaíochtaí cárta creidmheasa ar líne a ghlacadh, a bhainistiú agus a rianú, agus chun teicneolaíochtaí atá forbartha ag an Ollscoil a chur chun cinn agus a cheadúnú. Soláthraíonn an t-ardán trí rogha do cheadúnaithe ionchasacha chun rochtain a fháil ar theicneolaíochtaí UCD, is iad sin, 'ceannaigh anois é', 'faigh ceadúnas neamhthráchtála' agus 'déan fiosrúchán'. Is féidir na teicneolaíochtaí a áirítear faoin rogha 'ceannaigh anois e' a aicmiú go ginearálta mar uirlisí taighde, amhail ceall-línte, veicteoirí nó bogearraí áirithe, lena ngabhann luach bunúsach measartha íseal.

Go dtí seo, bhí cuid shuntasach ama á chaitheamh ag baill aistrithe teicneolaíochta UCD ar shaincheadúnais a chaibidil i leith teicneolaíochtaí den sórt sin. Chun an próiseas seo a shruthlíniú, rinne UCD comhpháirtíocht le Aficionado Technologies, ar mac-chuideachta de chuid UCD é, chun forbairt a dhéanamh ar Ardán Ceadúnúcháin Ar Líne UCD, agus an t-ardán sin a lainseáil, chun teicneolaíochtaí den sórt sin a cheadúnú, ar bhonn neamheisiach, chuig úsáideoirí iolracha ar mhodh gan uaim. Tá UCD tar éis an teicneolaíocht atá

*Tá bord comhairleachta idirnáisiúnta ceaptha ag Acadamh Nuálaíochta UCD chun comhairle a chur ar an gColáiste maidir le treoir agus fás amach anseo. Sa phictiúr (ó chlé go deas) tá Colm Lyon, bunaitheoir agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Fire Financial Services, in éineacht le bunaitheoir agus iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Realex Payments; an tOllamh Suzi Jarvis, Stiúrthóir Bunaidh Acadamh Nuálaíochta UCD; Gay Haskins, Déan an Oideachais agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Scoil Ghnó Saïd, Ollscoil Oxford; Raomal Perera (Cathaoirleach), Ollamh taca le Fiontraíocht, Scoil Ghnó INSEAD; agus an Dr Syahira Hamidon, Ceann an Aonaid Fiontraíochta, Aireacht an Ardoideachais, an Mhalaeisia.*



taobh thiar den ardán a cheadúnú chuig Aficionado, rud a chumasaíonn dó an t-ardán a mhargú chuig oifigí eile aistrithe teicneolaíochta in Éirinn agus ar bhonn idirnáisiúnta.

### Cláir Thráchtálaithe UCD

I rith na bliana, thug 14 thaighdeoir UCD trí chlár aon lae de chuid *Innovation Sprint* UCD chun críche, ar cláir iad a seoladh i réimsí na hEolaíochta Sonraí, Idirlíon na nEarraí agus *Insight* agus a reáchtáladh ag NovaUCD. Tá sé mar aidhm ag clár *Innovation Sprint* UCD forbairt aschur thráchtála a éiríonn as taighde atá ar siúl in UCD a spreagadh trí theagmháil le taighdeoirí ag céim níos luaithe sa phróiseas tráchtálaithe.

I rith na bliana, rinne 40 taighdeoir 2 ghrodchúrsa tráchtálaithe a reáchtáladh ag NovaUCD. Bhí na rannpháirtithe bainteach le 29 dtionscadal tráchtála ionchasacha a bhí ann mar thoradh ar thaighde a bhí ar siúl in UCD. Is é atá san aidhm fhoriomlán ná neartú na píblíne deiseanna tráchtála a éiríonn as cláir thaighde UCD agus NCAD.

### Dámhachtain 2015 UCD do Chuideachta Nua-Thionscanta

Dearbhaíodh *Phision Therapeutics*, ar fiontar eolaíochtaí saoil luathchéime é, mar bhuaiteoir foriomlán Chlár 2015 UCD maidir le Luathú Seoladh Fiontair. Tacaíonn an clár seo le cruthú agus le lainseáil fiontar nua inbhuanaithe agus brabúsach atá bunaithe ar mhaoin intleachtúil a éiríonn as cláir thaighde UCD. Tá Phision Therapeutics ag forbairt drugaí dílseánacha chun cóireáil níos éifeachtaí a dhéanamh ar chailleadh radhairc chun daille atá bainteach le haosú nó le diaibéiteas a chosc. Is fiontar nua é *Phision Therapeutics* a d'eascraigh as taighde a rinne an Dr Breandán Kennedy thar roinnt blianta in éineacht leis an Dr Alison Reynolds, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíneach agus Bithleighis UCD agus Institiúid Mhic Con Mí UCD.

### Dámhachtain Nuálaíochta NovaUCD 2015

Bronnadh Dámhachtain Nuálaíochta NovaUCD 2015 ar an Ollamh Eoin Casey agus ar an Dr Eoin Syron, ar taighdeoirí iad sin i Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróiseas, agus ar comhbhunaitheoirí OxyMem iad, mar aitheantas don rath agus don tionchar a bhí ag an mac-chuideachta UCD seo go dtí seo sa tionscal idirnáisiúnta ilbhilliúin euro cóireála dramhuisce.

### Rath i réimse na Fála

I rith na bliana, fuarthas dhá mhac-chuideachta UCD, is iad sin, *Equinome* agus *Logentries*.

Fuair Plusvital, arb é cuideachta chothúcháin eachaíochta na hÉireann é a bunaíodh sa bhliain 1975, an chuideachta cheannasach tástála géanómaíche folaíochta, is é sin, Equinome. Déanfaidh Plusvital atá leathnaithe le déanaí infheistíocht shubstaintiúil i bhforbairt tástálacha nuálacha géanómaíocha eachaíochta, nútraiceodach nuálach agus táirgí eile feidhmíochta agus sláinte eachaíochta. Déanfar an fhoireann taighde den scoth atá ann faoi cheannas an chomhbhunaitheora, an Dr Emmeline Hill, a neartú trí thaighdeoirí breise ardcháilithe agus foireann díolacháin agus margaithe a earcú. Fostóidh an gnó iomlán os cionn 35 dhuine ardcháilithe, idir eolaithe agus ghairmithe, faoi dheireadh na bliana 2017. Ba iad an Dr Hill, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD, agus Jim Bolger, traenálaí agus póraitheoir iomráiteach capall na hÉireann, comhbhunaitheoirí Equinome sa bhliain 2009 agus tá a cheanncheathrú aige ag NovaUCD.

Fuair Rapid7 Inc. (NASDAQ:RPD), ar soláthróir ceannasach de chuid na Stát Aontaithe é i réimse na slándála sonraí agus na réiteach anailísíochta, RevelOps Inc., t/a Logentries, ar soláthróir ceannasach é i réimse na teicneolaíochta meaisín-chuardaigh sonraí. Fuair Rapid7 Logentries ar phraghas comhiomlán ceannaigh tuairim is €68 milliún, ina gcuimsítear tuairim is $36 mhilliún in airgead tirim agus $32 mhilliún i gcothromas Rapid7. Trí chóras bainistíochta agus cuardaigh loga néal-bhunaithe den scoth Logentries a bheith ar fail, cumasóidh Rapid7 d'fhoirne slándála faisnéise raon iomlán dúshlán a réiteach, teagmhais a imscrúdú go hiomlán, agus a gcuid ceanglas ó thaobh comhlíonadh de a chur i gcrích ar mhodh níos éifeachtúla. Rinne an Dr Trevor Parsons agus an Dr Vilian Holub Logentries, a raibh $11 mhilliún de mhaoiniúchán faighte acu, a chomhbhunú mar mhac-chuideachta de chuid Shaotharlann Innealtóireachta Feidhmíochta UCD i Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta UCD. Nuair a fuarthas é, d'fhóin Logentries do níos mó ná 3,000 custaiméir i níos mó na 65 thír, thar shraith ilchineálach tionscal agus bhí tuairim is 70 fostaí aige.

### Rath maidir le Bailiú Airgid

I rith na bliana d'éirigh go maith le roinnt mac-chuideachtaí agus cuideachtaí a tháinig isteach go UCD maidir le bailiú airgid agus poist nua a fhógairt.

Chríochnaigh *Foundry Innovation & Research 1* (FIRE1) babhta maoiniúcháin $7.5 milliún Shraith B ó infheisteoirí láithreacha, lena n-airítear gnólachtaí ceannasacha caipitil fiontair amhail *Lightstone Ventures* agus *New Enterprise Associates*, chomh maith le *Medtronic*. Tá FIRE1, arb é an 15ú cuideachta feistí liachta é atá bunaithe ag an *Foundry*, ag forbairt feiste nuálach cianfhaireacháin agus tá sé lonnaithe ag NexusUCD. Ina theannta sin, d'fhógair an chuideachta ceapadh an Dr Conor Hanley, ar céimí de chuid UCD é, mar uachtarán agus mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Roimhe seo, bhí poist bainistíochta sinsearaí ag an Dr Hanley le ResMed agus ba chomhbhunaitheoir é i ndáil le mac-chuideachta UCD darb ainm BiancaMed.

Bhailigh Neuromod Devices, arb é an chuideachta feistí liachta é a bhunaigh an Dr Ross O'Neill, €5.5 milliún de Mhaoiniúchán Shraith A. Speisialtóireacht de chuid na cuideachta is ea cóireáil tinnitis ainsealaigh agus tá maoiniúchán faighte acu ón gciste caipitil fiontair eolaíochtaí saoil idirnáisiúnta, is é sin, *Fountain Healthcare Partners*. Úsáidfear an infheistíocht chun tuilleadh



*An tOllamh Eoin Casey agus an Dr Eoin Syron, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis, UCD, comhbhunaitheoirí OxyMema, seach-chuideachta de chuid UCD, ar bronnadh Dámhachtain Nuálaíochta NovaUCD 2015 orthu.*

feabhais a chur ar an tuiscint eolaíochta agus chliniciúil ar a fheiste dhémhodúil néaramhodhnúcháin, mutebutton®, agus chun tús a chur le trialacha cliniciúla ar an bhfeiste sna Stáit Aontaithe. Is cloch mhíle shuntasach é sin do Neuromod a bhfuil a cheanncheathrú aige ag NexusUCD agus fágann sé go bhfuil méid an airgid atá bailithe ag an gcuideachta go dtí seo os cionn €8 milliún.

Rinneadh OncoMark, ar mac-chuideachta UCD é a bhfuil a cheanncheathrú aige ag NovaUCD, a roghnú i gcomhair mhaoiniúchán €2.7 milliún thar 2 bhliain tríd an *Horizon 2020 SME Instrument Phase 2* chun forbairt tráchtála a dhéanamh ar thástáil dhiagnóiseach nua d'othair ailse cíche. Tá 10 fostaithe ag an gcuideachta faoi láthair agus tá sé beartaithe an líon foirne a mhéadú faoi dhó sa 2 bhliain atá romhainn. Ba iad an tOllamh William Gallagher agus StevePenney a chomhbhunaigh é mar mhac-chuideachta de chuid Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD.

Fuair OxyMem Ltd, ar mac-chuideachta UCD é a bhfuil a cheanncheathrú aige i mBaile Átha Luain, Co. na hIarmhí, infheistíocht ón Dow Chemical Company (NYSE: DOW). Cuirfidh an infheistíocht dlús le tráchtálú theicneolaíocht cóireála dramhuisce Oxymem, is é sin, an tImoibreoir Bithscannáin Sheicin-Aeraithe (MABR). Tá sé de chumas ag teicneolaíocht MABR cóireáil dramhuisce a thabhairt chuig neodracht fuinnimh trí laghdú a dhéanamh ar thomhailt fuinnimh ar mhaithe le haerú de mhéid suas go 75%. Ba iad an tOllamh Eoin Casey, an Dr Eoin Syron agus Wayne Byrne a chomhbhunaigh OxyMen mar mhac-chuideachta de chuid Scoil Innealtóireachta Ceimicí agus Bithphróiseas.

## Rath eile

### *Mac-Chuideachta UCD ainmnithe mar an Chuideachta Luathchéime is fearr in Éirinn*

Ainmníodh SiriusXT, ar mac-chuideachta UCD é, mar an Chuideachta Luathchéime Is Fearr in Éirinn ag deireadh an Chomórtais dar teideal *2015 InterTradeIreland All-Island Seedcorn Investor Readiness*. An Dr Ken Fahy, an Dr Fergal O'Reilly agus an Dr Paul Sheridan a chomhbhunaigh SiriusXT mar mhac-chuideachta de chuid Scoil na Fisice UCD agus tá seacht mbliana caite acu i mbun forbairt a dhéanamh ar an teicneolaíocht dá micreascóp x-gha bog dá ngairtear SXT. Is é seo an chéad mhicreascóp x-gha bog dá chineál ar domhan; is córas barr binse é a ligeann do thaighdeoirí íomhanna a tháirgeadh ina gcuid saotharlann féin. Baineann an táirge úsáid as léasar cumhachtach chun meall beag tine a dhéanamh atá chomh te le lár na gréine agus a bhfuil a trastomhas thart ar an deichiú cuid de leithead trastomhais ribe gruaige duine. Táirgeann an meall tine an cineál solais a ligeann dóibh cealla aonair nó samplaí fíocháin a shoilsiú agus íomhánna áille 3D a thairgeadh nach féidir iad a tháirgeadh ar aon slí eile.

### *Acadamh Nuálaíochta UCD*

I mbliana, rinne an líon ba mhó mac léinn riamh teagmháil le hAcadamh Nuálaíochta UCD. Mhéadaigh na tairiscintí ginearálta roghnacha nua-fhorbartha, Réamheolas faoin Smaointeoireacht Chruthaitheach agus Dianiarracht Fiontraíoch, chun freastal ar 248 mac léinn. Ghlac 444 mac léin san iomlán páirt sa Teastas Iarchéime um Nuálaíocht, Fiontraíocht agus Fiontar, a bhí maoinithe ag Tionscnamh Spreagtha an Údaráis um Ard-Oideachas agus a cuireadh ar fáil i mBaile Átha Luain, Corcaigh, Droichead Átha, Gaillimh, Port Láirge agus Loch Garman. Cuireadh fáil ar Mhodúil sa Smaointeoireacht Chruthaitheach agus Nuálaíocht agus Fiontraíocht Shóisialta do 64 mac léinn PhD, ar a n-áirítear mic léinn a bhí ar an Teastas Céime sa Nuálaíocht agus Fiontraíocht a rinne UCD-TCD-QUB i bpáirt lena chéile.

De bhreis air sin, bhí 64 mac léinn as ceithre chlár MSc de chuid Choláiste na hEolaíochta agus Choláiste na hEolaíochta Sláinte agus Talmhaíochta, páirteach i modúl píolótach ar líne sa Smaointeoireacht Chruthaitheach. I rith na bliana, ghlac 34 oideoir gairmiúil, baill acadúla foirne UCD san áireamh, páirt sa Teastas agus Dioplóma Gairmiúil d'Oideoirí Fiontraíochta a bhí deartha chun scileanna agus cuir chuige a thabhairt do na rannpháirtithe chun smaointeoireacht fiontraíochta a chothú ina gcuid mac léinn.




*Mic léinn de chuid UCD agus bunaitheoirí Skillar, Stephen Jones, Andrew Desmond agus Laurence McNally, buaiteoirí Chlár Startup Stars UCD na bliana 2016 UCD.*

Lean Acadamh Nuálaíochta UCD ag méadú a chomhpháirteachas in eagraíochtaí tionscail, ag obair i bpáirt le 73 eagraíocht thar réimse a chláir agus a mhodúil.

Freisin, ghlac 180 mac léinn fochéime ó UCD páirt rathúil i Lá Tumtha sa Tionsclaíocht a ndearna Deloitte óstáil air ina n-oifigí i mBaile Átha Cliath. Ag oibriú ina bhfoirne ildisciplíneacha, bhain na mic léinn feidhm as na huirlisí agus na teicnící a bhí foghlamtha acu in Acadamh Nuálaíochta UCD do na dúshláin a bhí os comhair thionscal na seirbhísí gairmiúla. D'fhreastail an tOllamh Mark Rogers, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán, UCD mar aon le Brendan Jennings, Páirtí Bainistíochta, Deloitte Ireland, ar an ócáid seo.

Ag tógáil ar an rath a bhí ar an Dioplóma Gairmiúil d'Oideoirí Fiontraíochta, fuair Acadamh Nuálaíochta UCD cuireadh ón Aire Ardoideachais sa Mhalaeisia le Clár píolótach um Fhorbairt Oideoirí Fiontraíochta (3EP) a dhearadh agus a chur ar fáil i gcomhar lena chéile do 102 duine léinn de chuid na Malaeisia as 22 foras ardoideachais san earnáil phoiblí. I láthair don searmanas clabhsúir bhí Datuk Mary Yap Kain Ching, an Leas-Aire Oideachais agus A.O. Eamon Hickey, Ambasadóir na hÉireann chuig an Mhalaeisia.

Bhunaigh Acadamh Nuálaíochta UCD Bord Comhairleach Idirnáisiúnta chun a fhorbairt idirnáisiúnta a stiúradh. Faoi chathaoirleacht Raomal Perera (Fiontraí agus Ollamh Taca ag INSEAD), is iad na baill: Gay Haskins (Iar-Dhéan ar Oideachas Feidhmiúcháin agus POF ar an Saïd Business School, Ollscoil Oxford), Colm Lyon (Bunaitheoir agus POF ar *Fire Financial Services Limited*, Bunaitheoir agus iar-POF ar *Realex Payments*) agus Datin Dr Syahira Hamidon (Ceann an Aonaid Fhiontraíochta, Aireacht Ardoideachais, an Mhalaeisia). I rith na bliana freisin, rinne Acadamh Nuálaíochta UCD óstáil ar roinnt toscaireachtaí acadúla ón Astráil, an tSín, an Danmhairg, an Eilvéis agus na Stáit Aontaithe.

Rinne an tOllamh Suzi Jarvis, stiúrthóir bunaidh, cur i láthair ar obair Acadamh Nuálaíochta UCD ag seoladh Ionad Taighde Cantillon um Fiontraíocht, Dearadh agus Nuálaíocht UCD agus cuireadh faoi agallamh í freisin do Thuarascáil Monatóireachta Nuálaíochta KPMG do 2015 mar ionadaí ar an earnáil oideachais. Lena chois sin, fuair Barbara Diehl, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Acadamh Nuálaíochta UCD, cuireadh ón Acadamh Ríoga Innealtóireachta sa Bhreatain chun feidhmiú mar mheantóir ar an gClár Comhaltachtaí '*Leaders in Innovation*'.

Rinne Acadamh Nuálaíochta UCD óstáil freisin ar roinnt imeachtaí do bhaill foirne agus mic léinn de chuid UCD agus don phobal máguaird, agus áirithe i measc na n-aíonna bhí an Tiarna David Puttnam, Cathaoirleach an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí.

# **Coláiste** na nEalaíon agus na nDaonnachtaí **UCD**



*I láthair ag an gComhdháil 'Globalising the History of Revolutions' bhí (chun tosaigh agus ó chlé go deas): an Dr Conor Mulvagh, Scoil na Staire, UCD; an tOllamh Jane Ohlmeyer, Cathaoirleach Chomhairle an IRC; an Dr Mark Jones, UCD/FU Berlin. Ar chúl (ó chlé go deas): an Dr Fergus Robson, TCD; an Dr Mercedes Peñalba-Sotorrio, Scoil na Staire, UCD; an Dr Susan Grant, Learpholl, John Moores; an Dr Dmitar Tasic, Scoil na Staire, UCD; an Dr Matteo Millan, Scoil na Staire, UCD.*



**An tOllamh Maeve Conrick Ceann an Choláiste**

Stiúrthóir Scoil na gCéimithe
An Ollamh Comhlach Regina Uí Chollatáin

An Leas-Phríomhoide um Theagasc agus Foghlaim
An Ollamh Comhlach Rosario-Maria Hernandez

An Leas-Phríomhoide um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchair
An tOllamh Porscha Fermanis

Déan na nEalaíon
An Ollamh Comhlach Marie Clarke

Chuir Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD tús leis an mbliain trí dhaingniú a dhéanamh ar a theideal agus a struchtúr nua agus trí oibriú chun an Plean Straitéiseach a fheidhmiú agus a leasú i dtaca le comh-scoileanna an Choláiste: Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD, Scoil na gClasaicí UCD, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD, Scoil na Staire UCD, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD, Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta UCD, agus Scoil an Cheoil UCD. Tá an Coláiste ag tógáil go leanúnach ar na príomh-láidreachtaí atá aige, ó thaobh taighde agus cáile de, trí mhéadú a chur ar ár gclár ardchaighdeáin ar fud an domhain, ag léiriú a bhfuil bainte amach ag na mic léinn agus na céimithe, i gcomhpháirteachas leis an bpobal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn ár ndisciplíní a neartú agus tuilleadh feabhais a chur ar ár saoráidí ardchaighdeáin.

Tá barr feabhais an Choláiste, ó thaobh cáile agus taighde de, léirithe ag an dóigh a bhfuil trí cinn de na hábhair atá ar fáil ann rangaithe i measc an 1% bairr ag an *QS World University Ranking 2016* de réir ábhair. Leis an maoiniú seachtrach náisiúnta agus idirnáisiúnta atá faighte, is mian leis an gColáiste aitheantas a thabhairt don tacaíocht a fhaightear ó réimse leathan maoinitheoirí ar a n-áirítear an US National Science Foundation, an Wellcome Trust, An Roinn Gnóthaí Cultúrtha sa Libia, An Coimisiún Eorpach, an Cumann um Staidéar Stairiúil na Spáinne agus na Portaingéile chuig Fiontraíocht Éireann, Rialtas na hÉireann, Acadamh Ríoga na hÉireann agus An Chomhairle um Thaighde in Éirinn.

Áirithe i measc an iomad tionscadal agus tionscnamh taighde, bronnadh deontas nuathionscanta ERC ar an Ollamh Comhlach Porscha Fermanis as a cuid oibre ar '*British Romanticism in the British-controlled Southern Hemisphere*', agus fuair an Ollamh Comhlach Lynda Mulvin ag gradam DG EAC as Cultúir Chruthaitheacha; An tionscadal um Bailiúcháin Eorpacha Thús na Mheánaoise (CMEC) a Nascadh. Bronnadh Deontais IRC do Thionscadal New Horizons ar: An Ollamh Comhlach Marc Caball as a chuid oibre ar mhapáil léitheoirí agus léitheoireacht i mBaile Átha Cliath 1826-1926: tíreolaíocht chultúrtha nua, agus an Dr Emilie Pine as a cuid oibre ar Anailísíocht Sonraí agus Ealaíona Digiteacha sa tuiscint ar an gcuimhne cultúrtha ar shaol institiúideach na hÉireann san am atá caite. Tá eiseamláir na dtionscnamh i dtéarmaí taighde luathghairme le feiceáil sa spéis a bhí i scoláireachtaí iardhochtúireachta agus iarchéime de chuid an IRC i bhformhór na scoileanna laistigh den Choláiste i rith na bliana.

Lena chois sin, rinne na scoileanna óstáil ar líon comhdhálacha idirnáisiúnta i rith na bliana, leithéidí an 9ú Comhdháil Ceilteach sna Clasaicí, I lár na Beatha táimid sa Bhás, Éireannaigh a Fháil san Astráil agus Torthaí na Réabhlóide, i gcomhar le Músaem na bPiarsach agus Conradh na Gaeilge. I mí na Samhna, rinne Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha ceiliúradh 50 bliain i gcomhar le hiarscoláirí agus mic léinn reatha agus óstáladh Sraith Léachtaí Gradamach san earrach.

Lean ár nDámh ag fáil aitheantais as a gcuid éachtaí go náisiúnta agus idirnáisiúnta. Toghadh an tOllamh Robert Gerwarth agus an tOllamh Harry White chun Academia Europaea. Toghadh an tOllamh Diane Negra chun Acadamh Ríoga na hÉireann. Bhronn Ollscoil na hÉireann an gradam DLitt *honoris causa* ar ár nIar-Phríomhoide Coláiste, an Ollamh Mary Daly. Thapaigh líon ban as an gColáiste an deis chun a n-acmhainn cheannaireachta a fhorbairt trí pháirt a

ghlacadh i gClár Aurora do Mhná i mBun Ceannaireachta in 2015/16, ar a n-áirítear Ms Elaine Cregg, an Dr Jaime Jones, an Dr Emilie Pine agus an Dr Gillian Pye.


Tionscnamh mór a rinneadh i mbliana ab ea an t-athbhreithniú ar a churaclam agus a theagasc, go háirithe d'fhonn measúnacht a dhéanamh ar an treo is fearr cláir chéime na nEalaíon agus na nDaonnachtaí a dhíriú do na bhfochéimithe amach anseo; agus chun forbairt a dhéanamh ar ár gcláir chéime reatha agus ar chláir nua chomhoibríocha ar fud an domhain, cosúil lenár gcomhoibriú le hOllscoil Minzu sa tSín.

Rinne mic léinn an Choláiste go han-mhaith i gcomórtais idirnáisiúnta - mar shampla: Fuair Michael Paye gradam mac léinn Fulbright-NUI chuig Ollscoil Princeton. Tá an Coláiste ag tnúth le dul i mbun oibre leis na mic léinn céime nua-earcaithe agus leis na Scothscoláirí Domhanda as an tSín, Oirthear agus Oirdheisceart na hÁise agus Meiriceá Thuaidh. Táimid ag leanúint leis an gcomhpháirteachas lenár gcéimithe a bhfuil a n-éachtaí gairmiúla mar fhoinse inspioráide dár mac léinn reatha, mar shampla Jim Sheridan, stiúrthóir agus duine atá ainmnithe sé huaire do Ghradaim na nOscar, ar bronnadh Gradam Ealaíon do Chéimithe UCD air. Is mian linn aitheantas a thabhairt do na hainmniúcháin Oscar atá faighte ag na scannáin *Room*, ón úrscéal le Emma Donoghue, agus *Brooklyn*, cóiriú ar úrscéal Colm Tobin. Faoi láthair, tá Colm ina Ollamh Taca i Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD.

I gcomhar le pobal na hOllscoile, an pobal náisiúnta agus an pobal domhanda, lean an Coláiste lena rannpháirtíocht mhór i gclár *Decade of Centenaries* UCD. Sa chomóradh a rinneadh ar 1916, bhí an Coláiste agus na scoileanna páirteach i dtionscnaimh acadúla agus phoiblí, ar a n-áirítear foilseacháin mar *Years of Turbulence: The Irish Revolution and its aftermath, A Nation and Not a Rabble: The Irish Revolutions, 1913-23, Irish Days, Indian Memories: V. V. Giri and Indian Law Students at University College Dublin, 1913-1916, The Irish Parliamentary Party at Westminster, 1900-1918, The Vanquished: Why the First World War failed to End, Signatories, Bailiúchán Irisí 1916*, le UCD i gcomhpháirtíocht leis an Irish Independent. Rinne Amharclann na Mainistreach léiriúchán de *Observe the Sons of Ulster Marching to the Somme* leis an Ollamh Frank McGuinness agus tugadh taispeántas speisialta ar pháirc chatha an Somme mar chuid den cheiliúradh oifigiúil ar an gCéad Chogadh Domhanda. Ghlac an Coláiste páirt in imeachtaí mar *Reading 1916*, Torthaí na Réabhlóide, Domhandú an Éirí Amach: 1916 i gComhthéacs agus Tar Éis na hImpireachta.

In Aibreán 2016, rinneadh an chéad léiriú ar shaothar suaithinseach amharclannaíochta, litríochta agus taibhithe i bPríosún Chill Mhaighneann a fuair léirmheasanna den scoth agus a tuairiscíodh go forleathan sna meáin. 'Draíochtúil' agus 'tionscadal uaillmhianach agus suntasach' an cur síos a tugadh ar *Signatories* a scríobh ochtar scríbhneoirí Éireannacha a bhfuil cáil dhomhanda orthu, lucht dámh agus/nó céimithe den Choláiste den chuid is mó ar a n-áirítear: Frank McGuinness, Marina Carr, Thomas Kilroy, Emma Donoghue, Joseph O'Connor, Éilis Ní Dhuibne, Hugo Hamilton agus Rachel Feehily. UCD Press a d'fhoilsigh an saothar agus an Dr Lucy Collins, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD, a rinne an eagarthóireacht. Tar éis turais na bliana seo ar díoladh na ticéid ar fad dó, fillfidh *Signatories* ar amharclanna an Axis agus an Olympia i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2016.

Bhí Mic Léinn Chórúla UCD, faoi stiúir an Dr Desmond Earley, Scoil an Cheoil UCD, páirteach i gcomóradh céad bliain i Márta na bliana seo, ag canadh in Áras an Uachtaráin ar Lá 'le Pádraig ar chuireadh speisialta ó Uachtarán na hÉireann, agus bhí siad páirteach freisin ina gclár speisialta féin, *Centenary*. Tá breis agus 1.5 milliún amas ag físeán an ghrúpa, 'Mo Ghile Mear', ar YouTube ar líne. Eisíodh dlúthcheirnín Mic Léinn Chórúla UCD, *Invisible Stars*, ar Signum Records, lipéad mór do cheol clasaiceach córúil, faoi stiúrthóireacht ealaíne an



*Bhí an tOllamh Andrew J Deeks, Uachtarán UCD, i láthair ag an léiriú deireanach den dráma Signatories, áit ar bhronn sé Bonn Ulysses UCD ar an drámadóir clúiteach, Thomas Kilroy. Is é an Bonn seo an onóir is gradamúla de chuid na hOllscoile.*

**Tá seacht scoil i gColáiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD*:**

**Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Comhlach Lynda Mulvin

**Scoil na gClasaicí UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Alexander Thein

**Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Danielle Clarke

**Scoil na Staire UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Comhlach Tadhg Ó hAnnracháin

**Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Comhlach Regina Uí Chollatáin

**Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Comhlach Georg Grote

**Scoil an Cheoil UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Jaime Jones

**Ó Mheán Fómhair 2015*



*An tOllamh Comhlach Regina Uí Chollatáin, Ceann Scoil na Gaeilge, An Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis, UCD; an tOllamh Jerry White, Cathaoir an Léinn Eorpaigh i gCeanada, Ollscoil Dalhousie, Ceanada; agus an tOllamh Comhlach Meidhbhín Ní Úrdail, Ceann na Nua-Ghaeilge, UCD.*




Dr Desmond Earley, Scoil an Cheoil UCD, agus ardmholadh criticiúla faighte aige - bhí an t-albam ag #1 sna cairteacha clasaiceacha sa Breatain agus in Éirinn, agus bhain sé amach #2 sna cairteacha clasaiceacha i SAM.

Lena chois sin, chuir an Coláiste agus na Scoileanna go mór leis an gcéad léiriú d'Fhéile UCD i mí Meitheamh, ar a n-áirítear Ócáid Cheiliúrtha Newman inar fiosraíodh '*Between the Rising and the Somme: interpreting 1916 in 2016*'.

Chuir an Coláiste agus na scoileanna fáilte roimh roinnt comhghleacaithe a d'eascair as ár dtionscnaimh chomhoibríocha, ar a n-áirítear: Anne Enright, an chéad Laureate d'Fhicsean na hÉireann (An Chomhairle Ealaíon, Irish Times agus Ollscoil Nua Eabhrac); Lia Mills, Scríbhneoir Cónaithe (An Chomhairle Ealaíon); Dominic Thorpe, Ealaíontóir Cónaithe (Cultúr Lab); agus Paula Meehan, Ollamh Filíochta na hÉireann (Ollúnacht Éigse Éireann).

Chuir an Coláiste fáilte roimh bhunú Ionad UCD agus NCAD do na hEalaíona Cruthaitheacha agus na Cultúir Chriticiúla, faoi chomhstiúrthóireacht an Chomhollaimh Emily Mark-Fitzgerald, UCD, agus an Chomhollaimh Jessica Hemmings, NCAD. Mar thoradh ar thionscadal Comhghuaillíocht Straitéiseach NCAD-UCD, tá an tIonad ag iarradh sinéirgí taighde agus teagaisc a aithint, agus comhoibriú idir an dá fhoras a chur chun cinn i réimse na nEalaíon Cruthaitheach agus na gCultúr Criticiúil.

Táthar ag leanúint den fhorbairt ar Lárionad Ulysses, comhpháirtíocht idir UCD agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, chun ceiliúradh a dhéanamh ar oidhreacht cháiliúil litríochta na hÉireann, ag spreagadh na nglúnta atá le teacht chun dul i mbun cruthaíochta, léitheoireachta agus scríbhneoireachta, agus tá cead pleanála tugtha don Ollscoil anois chun forbairt a dhéanamh ar Lárionad Ulysses ag Teach Newman i gceartlár Bhaile Átha Cliath ag Faiche Stiabhna.



An tOllamh Maeve Conrick
Ceann an Choláiste

*Fuair alumna Emma Donoghue ainmniúchán Oscar as script scannáin a scríobh bunaithe ar a húrscéal, Room. Ainmníodh í ar ghearrliosta Oscar na mbanaisteoirí is fearr agus tá dhá ainmniúchán eile faighte aici chomh maith.*


*Tá trí ainmniúchán Oscar faighte ag Brooklyn, bunaithe ar úrscéal Cholm Tóibín.*

*D'eisigh Cór UCD a chéad taifead idirnáisiúnta le Signum Records i mí na Nollag. Cnuasach draíochtúil de cheol cóiriúil traidisiúnta agus comhaimseartha as Éirinn agus Albain is ea Invisible Stars agus tá cóiriú agus comhdhéanamh nua le cuid de na cumadóirí is clúití in Éirinn le cloisteáil air.*











## Teachtaireachtaí ón bPríomhoide Nua

Cúis ríméid agus onóra dom go bhfuil mé ceaptha mar Phríomhoide ar Choláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD. Is mian liom buíochas a ghlacadh leis an Ollamh Maeve Conrick as a ceannasaíocht leanúnach ar an gColáiste agus a chuid forbartha le blianta anuas. Tá cáil idirnáisiúnta ar an gColáiste as an ardchaighdeán atá aige thar réimse de dhisciplíní agus de ghníomhaíochtaí. Tá taighde den scoth againn agus táimid ag tnúth le sraith d'imeachtaí atá eagraithe ag an gColáiste, i gcomhar le Taighde UCD, chun sárthaispeántas a thabhairt den tionchar leathan cultúrtha agus sóisialta atá ag ár dtaighde thar an réimse de dhisciplíní atá ar fáil sna scoileanna. Tá mé ag tnúth le tacaíocht a thabhairt do na scoileanna chun breis méadaithe a chur ar a gcomhpháirteachas idirdhisciplíneach agus trasdisciplíneach, ní amháin laistigh d'Éirinn ach trí chomhpháirtíochtaí agus comhoibrithe idirnáisiúnta atá fócasaithe go straitéiseach. Tá an Coláiste tiomanta don mhúinteoireacht nuálach bunaithe ar thaighde agus don fhorbairt leanúnach ar churaclam na bhfochéimithe agus na gcéimithe ar bhealaí a dhíreoidh ar rathúnas agus ar thionchar na mac léinn sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí i gcomhthéacsanna náisiúnta agus domhanda. Is cinnte gur tréimhse iontach agus chruthaitheach do dhisciplíní ábhar an Choláiste a bheidh sna cúpla bliain seo romhainn ó thaobh taighde, eolais agus foghlama, nuálaíochta agus comhpháirteachais de. Beidh an fhorbairt ar Lárionad Ulysses at Teach Newman mar ionad sárthaispeántais don litríocht agus na healaíona ina léiriú cuí ar ardchaighdeán UCD sna disciplíní sin agus sna cleachtais chruthaitheacha. .




An tOllamh Sarah Prescott

*Íomhá choincheapúil d'Ionad Ulysses i dTeach Newman, Faiche Stiabhna.*



## Mic Léinn UCD in Éirinn

Mic Léinn **Fochéimithe** (FTE) **2,264**



Mic Léinn **Chéime** (FTE) **374**

**Líon Iomlán** Mac Léinn **2,638**

## Oibríochtaí Thar Sáile

Mic Léinn **Fochéime** (FTE)



**595**

* = Tuairim is 100 Duine

## Dámhachtainí Taighde

**€2,632,000**



# An Coláiste Gnó UCD



*Dámhachtainí Gnó Alumni 2016: ó chlé go deas, Goutham Krishnamoorthy, Mac Léinn na Bliana i Scoil Smurfit UCD; Nita Killian, Mac Léinn na Bliana i Scoil Quinn, UCD; Ciarán Murray, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ICON, agus Julie O'Neill, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Alexion - Alumni Gnó na Bliana 2016, in éineacht leis an Ollamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Déan Choláiste an Ghnó, UCD.*



**An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Príomhoide an Choláiste, Ceann na Scoile/ Déan An Coláiste Gnó UCD**

Ba é 2015/16 an chéad bhliain den Straitéis 2020 agus Ina Dhiaidh Sin do Choláiste Gnó UCD. Táimid ag cur oideachais ghnó den scoth ar fáil ó 1908 tríd an gcéim Baitsiléara Tráchtála, agus faoi láthair tá ról leanúnach ceannródaíoch ag an gColáiste Gnó chun cuidiú le UCD a aidhmeanna a bhaint amach agus imlíníonn ár Straitéis 2020 agus Ina Dhiaidh Sin an dóigh a mbeimid ag leanúint den obair sin ar bhealaí soiléire agus intomhaiste.

## Ár Struchtúr

- Cuireann Scoil Ghnó Lochlann Uí Chuinn UCD cúrsaí fochéime ar fáil lena n-áirítear Baitsiléir Tráchtála (BComm), BComm Idirnáisiúnta, BSc sa Gheilleagar agus Airgeadas, BSc san Anailísíocht Ghnó agus a lán eile, do thart ar 1,900 mac léinn in aghaidh na bliana.
- Cuireann Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit UCD cúrsaí iarchéime ar fáil lena n-áirítear an MBA agus réimse leathan de chéimeanna MSc sa ghnó, do thart ar 1,300 mac léinn in aghaidh na bliana.
- Cuireann *UCD Smurfit Executive Development* fáil ar réimse leathan de chláir rollaithe oscailte agus de chláir shaincheaptha do thart ar 1,600 rannpháirtí in aghaidh na bliana.
- Cuireann an punann atá ag an *UCD Business International Campus* fáil ar chláir fhochéime agus chéime An Coláiste Gnó UCD ar champais chomhpháirtíochta i Singeapór, Hong Cong agus Srí Lanca. Tugann breis agus 4,700 mac léinn faoi na cláir sin in aghaidh na bliana.

## Ár Misean:

### Oideachas, Tacaíocht agus Inspioráid a Thabhairt

- Tacú leis an bhforbairt ar shochaí Éireannach agus idirnáisiúnta trí oideachas atá ar an gcaighdeán idirnáisiúnta is fearr a chur ar dhaoine a bheidh ina gceannairí gnó amach anseo.
- Mic léinn a spreagadh agus a éascú chun a n-acmhainn iomlán a bhaint amach agus an leas is fearr a bhaint as a rannpháirtíocht dhearfach do ghnó agus don sochaí, in Éirinn agus ar fud an domhain araon.
- Cuidiú le gnó chun seirbhís níos fearr a thabhairt don sochaí go domhanda trí thaighde nuálach agus suntasach a chur ar fáil.

## Ár bhFís:

### Todhchaí ar Ardán Domhanda

- A bheith mar cheannaire domhanda i dteagasc agus i dtaighde gnó, ag cur fáil go leanúnach ar na caighdeáin idirnáisiúnta is airde agus a bheith aitheanta ar cheann de na 50 scoil ghnó is fearr ar domhan.
- Barr feabhais a bhaint amach, a bheith nuálach agus dreach suntasach idirnáisiúnta a bheith le feiceáil i réimsí ábhartha domhanda ar nós gnó digiteach agus i dtodhchaí na seirbhísí airgeadais.
- Feabhas leanúnach a chur ar an dóigh a ndéantar gnó a theagasc agus a fhoghlaim chun spreagadh a thabhairt don chéad ghlúin eile sa domhan agus ar son an domhain.

## Ár Luachanna Sainitheachas

Uaillmhian, Sláine agus Misneach.



*Dinnéar Fleáchais an MBA 50, 2016: ó chlé go deas, an tOllamh Anthony Brabazon, Stiúrthóir Scoil Smurfit, UCD; Grainne Barron, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Bunaitheoir Viddyad; agus an tOllamh Andrew Deeks, Uachtarán UCD.*

## Ár Straitéis

Tá ceithre philéar againn ar a bhfuil ár straitéis bunaithe:

- ***Tiomantas do thaighde, nuálaíocht agus tionchar ar ghnó agus ar an sochaí:*** Tógfaimid dúshraith láidir taighde a dtabharfar aitheantas agus meas dó go hidirnáisiúnta, go háirithe sna réimsí téamacha den ghnó digiteach agus de na seirbhísí airgeadais.
- ***Foghlaim Bhunathraithe:*** Cothóimid smaointeoirí agus déantóirí a bheidh eolasach, meabhrach agus eiticiúil. Cruthóimid deiseanna chun foghlama ó pheirspictíochtaí ilghnéitheacha i suíomhanna ilghnéitheacha, trí éagsúlacht shaibhir de chláir, teagasc agus taighde. Ar an mbealach sin, cumasóimid foghlaim ó bhun dár mac léinn agus dár sochaí.
- ***Sa domhan:*** Feabhsóimid ár gcaidreamh leis na príomhchorparáidí, NGO-anna agus an earnáil phoiblí trína bheith mar pháirtí roghnach i gcomhpháirtíochtaí a bheidh tairbheach don dá thaobh agus tógtha thart ar thaighde, ceannasaíocht smaointeoireachta agus teagasc.
- **Don domhan:** Daingneoimid pobal a bheidh comhoibríoch agus barrthábhachtach trí oibriú le chéile chun céimithe, lucht dáimh agus foireann a chothú le bheith uaillmhianach agus cróga sa pháirt a bheidh acu i ngnó agus sa sochaí agus a bheith ionraic i gcónaí.


Tá an Coláiste Gnó UCD ag mealladh an chuid is fearr de na mic léinn áitiúla agus idirnáisiúnta i gcónaí. Luaitear an rathúnas sin leis na hacmhainní is luachmhara dá bhfuil againn - na mic léinn, an lucht dáimh agus an fhoireann atá againn faoi láthair. Leis na ceapacháin nua dáimh atá déanta i bpríomhréimsí ábhair, tá se ar ár gcumas cláir nua agus ildisciplíneacha a chur ar fáil, dul chun cinn a dhéanamh lenár gcumas taighde, agus díriú isteach ar fhadhbanna tábhachtacha domhanda. Tá ardchaighdeáin ár lucht dáimh, ár bhfoireann agus ár mac léinn le feiceáil sna creidiúnaithe agus sna rangaithe atá againn.

## Creidiúnú agus Rangú

Lenár rangaithe agus ár gcreidiúnaithe táimid tagarmharcáilte i measc na scoileanna gnó is fearr ar domhan. Rangaithe ina bhfuil critéir dhiana oibiachtúla ar nós an *Financial Times* agus an *Economist* an t-aon chineál rangaithe, atá neamhspleách go hiomlán agus meas idirnáisiúnta orthu, ina gcuirtear na scoileanna is fearr ar domhan i gcomparáid lena chéile ar bhonn domhanda. Tá ár MSc san Airgeadas agus an MSc sa Bhainistíocht Idirnáisiúnta rangaithe san FT Global top 50. Tá ár MBA-anna lánaimseartha agus na MBA-anna feidhmiúcháin pháirtaimseartha mar aon lenár gclár Feidhmiúcháin Oideachais Rollaithe Oscailte rangaithe san *FT Global top 100.*

Tá An Scoil Ghnó UCD fós ar cheann de scothghrúpa scoileanna ar fud an domhain a bhfuil 'an choróin thriarach' de chreidiúnaithe acu - AACSB (*Association to Advance Collegiate Schools of Business*), EQUIS (*European Quality Improvement System*) agus AMBA (*Association of MBAs*).

Lena chois sin, is muid an t-aon bhall Éireannach de na comhghuaillíochta scoileanna gnó is fearr - CEMS (Comhghuaillíocht Dhomhanda in Oideachas Bainistíochta) agus GNAM (Gréasán Domhanda don Ardbhainistíocht).



*Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit.*





*Teacht le Chéile lucht Bcomm, 1986.*

## Ár nInfheistíocht i dTógáil Thodhchaí Níos Fearr

Infheisteoimid €65m breise thar na 5 bliana seo romhainn i seachadadh ár straitéis agus infheisteofar é sin in:

1. Saineolas den Scoth
Cathaoirleachtaí agus ollúnachtaí acadúla a bhunú ina mbeidh lucht dáimh de mhianach idirnáisiúnta sna réimsí ina bhfuilimid lonnaithe go maith ó thaobh ceannródaíochta de. Forbairt a dhéanamh ar chláir a bheidh múnlaithe agus faisnéisithe ag ár láidreachtaí agus ag príomhthreochtaí domhanda, ag baint an leasa is fearr as an saibhreas saineolais agus as na comhpháirtíochtaí domhanda atá ag UCD.

2. Todhchaí na Foghlama
An tionscadal 'Todhchaí na Foghlama', a chuidíonn le foghlaim a théann thar theorainneacha agus a thacaíonn leis an leathnú ar ár bpunann idirnáisiúnta. Ardán teicneolaíochta fíorúil foghlama agus ábhar idirghníomhach cumaisc don chéad ghlúin eile. Soláthar agus saoráidí den scoth don fhorbairt fheidhmiúcháin.



*Scoil Ghnó Lochlann Quinn, UCD.*

3. Ceannairí na Todhchaí
Infheistiú i scoláireachtaí chun leanúint de bheith ag mealladh mac léinn den scoth as gach ceard den domhan. Déanfar maoiniú iomlán air seo as acmhainní seachas an státchiste trí mheascán de bharrachas oibriúcháin, ioncam as oibríochtaí thar sáile, urraíochtaí agus bronntanais.

## Taighde

Leanfaidh An Coláiste Gnó UCD ag cur lena cháil dhomhanda i dtaca le taighde atá comhaimseartha agus suntasach. Sa rangú taighde a foilsíodh mar chuid den *Financial Times Global MBA Rankings 2016*, tá taighde Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit UCD rangaithe i measc na 20 scoil ghnó is fearr san Eoraip agus tá se sa 78ú háit i measc na scoileanna gnó go léir ar fud an domhain.

Ag cur leis an gcáil sin i dtaca le taighde comhaimseartha agus suntasach, áirithe san aschur as ár ndámh diantaighde don bhliain seo caite tá breis agus 200 foilseachán ar a n-áirítear trí leabhar a bhaineann leis na réimsí:

- Rialachas Corparáideach agus Eiticí: *Shades of Grey: Directors' Dilemmas* le N. M. Brennan; Institute of Chartered Accountants of Scotland.
- Bainistíocht ar Acmhainní Daonna agus Caidrimh Fhostaíochta: *Managing Workplace Conflict: Alternative Dispute Resolution in Ireland* le Teague P., Roche W.K., Gormley T. Currie D.; An Foras Riaracháin.
- Gnó Digiteach & Ard-anailísíocht *Natural Computing Algorithms* le Brabazon A., O'Neill M., McGarraghy S.; Springer.

I Meitheamh 2016, seoladh Ionad Taighde Cantillon um Fhiontraíocht, Dearadh agus Nuálaíocht UCD, faoi cheannas an Ollaimh Rory O'Shea, agus cruthaíodh é chun eolas taighde-bhunaithe a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leis a chruthú agus a scaipeadh agus cáil a bhaint amach i bhfiontraíocht agus i smaointeoireacht deartha atá bunaithe ar nuálaíocht.

Bhí an bua ag lucht dáimh roinnt comórtas maoinithe i rith na bliana seo caite: Fuair an Dr Muckley Comhpháirtíocht Nuálaíochta de chuid Fhiontraíocht Éireann le Fidelity Investments mar chuid de Lárionad Teicneolaíochta Riosca agus Comhlíontachta na Seirbhísí Airgeadais (GRCTC), a ndéanann UCD agus OÉ Gaillimh óstáil air.

Bhuaigh an Dr Rasher Chowdhury agus an Dr Thomas Conlon araon deontais New Horizons de chuid Chomhairle Taighde na hÉireann.

Bhí an rath freisin ar an Ollamh Ronan Powell, an tOllamh Roland Erne agus an Dr James Sweeney a fuair maoiniú ó Chomhairle Taighde na hÉireann i bhfoirm Deontais um Thionscadail Taighde, Scoláireacht Iarchéime ó Rialtas na hÉireann, agus duais *New Foundations* faoi seach.

Fuair an tOllamh Michael O'Neill maoiniú ó Fidelity Investments mar pháirt de Lárionad LERO do Bhogearraí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

Bhuaigh an tOllamh Damien McLoughlin agus an Dr James Sweeney dearbháin de chuid Fhiontraíocht Éireann.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas a ghlacadh leis na baill ar fad atá i gColáiste Gnó UCD: an lucht dáimh, an fhoireann agus na mic léinn ar chinntigh a dtiomantas agus a ndiansaothar go raibh toradh den scoth ar fáil agus gur méadaíodh cáil na háite i rith 2015/16, agus tá mé ag tnúth lenár Straitéis 2020 a bhrú chun cinn sna blianta atá romhainn.



An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh,
Príomhoide an Choláiste,
Ceann na Scoile/ Déan An Coláiste Gnó UCD

## Oibríochtaí Thar Sáile

Mic Léinn **Fochéime** (FTE) **3,965**



Mic Léinn **Céime** (FTE) **257**

**Líon Iomlán** Mac Léinn **4,222**

## Mic Léinn UCD in Éirinn

Mic Léinn **Fochéime** (FTE) **2,154**



**Oideachas Feidhmiúcháin** **1,600**

**1,670** Mic Léinn **Céime** (FTE)

**Líon Iomlán** Mac Léinn **5,424**

* =Tuairim is 100 Duine

## Dámhachtainí Taighde

**€1,067,000**



# **Coláiste** na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta






*An tOllamh Eoin Casey agus an Dr Eoin Syron, buaiteoirí Dhámhachtain Nuálaíochta UCD 2015.*



**An tOllamh David FitzPatrick Príomhoide an Choláiste/Dean na hInnealtóireachta**

An tOllamh Hugh Campbell, Déan na hAiltireachta

Dan Sudhershan, Déan Comhlach na hAiltireachta

An tOllamh Comhlach Mark Richardson, Leas-Phríomhoide don Idirnáisiúnú (ar 1 Meán Fómhair 2015)

An tOllamh Comhlach Amanda Gibney, Leas-Phríomhoide Teagaisc & Foghlama

## Forbairtí an Choláiste

Ar an 1 Meán Fómhair 2015 rinneadh athstruchtúrú ar Choláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta chun glacadh leis na disciplíní breise de Phleanáil agus Polasaí Timpeallachta atá lonnaithe i Scoil na hAiltireachta, na Pleanála & an Pholasaí Timpeallachta UCD. Leathann taighde na scoile thar réimse leathan téamaí agus is é atá mar ionad barr feabhais in Éirinn do thaighde ar dhearadh agus ar pholasaí do na timpeallachtaí tógtha agus nádúrtha. Cúis áthais dom a thuairisciú go bhfuil na hilbhuaiteoirí gradam, Sheila O'Donnell agus John Tuomey, ar céimithe agus lucht dáimh den Scoil iad araon, tar éis Duais Chomórtha Brunner san Ailtireacht 2015 a bhuachan. Tugann an duais seo aitheantas d'obair ailtire as aon tír atá tar éis cur go suntasach leis an ailtireacht mar ealaín.

## Taighde, Nuálaíocht & Tionchar

Cláraíodh breis agus €27.7 milliún de dheontais nua sa Choláiste i mbliana. I rith na tréimhse sin, faoi Chlár Taighde Ollúnachta SFI, bronnadh breis agus €6 mhilliún mar mhaoiniú ar an Ollamh Fengzhou Fang, a d'earcaigh Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Ábhar.

Tá baill de Scoil na hInnealtóireachta Leictrí & Leictreonaí UCD agus Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD páirteach sa cheannródaíocht ar an gClár Comhpháirtíochta mórscála um Chomhtháthú na gCóras Fuinnimh (ESIPP) a fuair €5.5 milliún ó SFI, mar aon le €5.5 milliún ó chúig pháirtí Tionscail, AIB, EirGrid, Ervia, Glen Dimplex agus BSL; mar aon le ranníocaíocht daonchairdiúil ó David O'Reilly, iarChathaoirleach agus POF ar an Chevron Corporation, agus an Cathaoirleach reatha ar Bhord Institiúid Fuinnimh UCD. Bhronn SFI 24 tionscadal go náisiúnta faoin gClár Imscrúdaitheora 2015. Bronnadh seacht gcinn acu sin ar UCD agus tá trí cinn acu, ar fiú €4.46 milliún iad, lonnaithe sa Choláiste seo. Ar na dámhachtaithe bhí an tOllamh Eoin Casey, An Ollamh Comhlach Aoife Gowen agus an tOllamh Federico Milano.

Maoiniú ón gCoimisiún Eorpach, thar réimse de chláir, is ea 11% de na deontais nua a cláraíodh an bhliain airgeadais seo. Áirithe leis sin tá dhá thionscadal chomhoibríocha nua atá á gcomhordú ag UCD:

- AgroCycle, faoi cheannas an Ollaimh Shane Ward, Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD, atá ina thionscadal €8 milliún dírithe ar an 'ngeilleagar ciorclach' i gcomhthéacs an tionscail agraibhia agus áirithe ansin tá 26 comhpháirtí ar fud na hEorpa agus trí cinn as an tSín.
- iSCAPE, faoi cheannas an Dr Francesco Pilla, Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Chomhshaoil, atá ina thionscadal €5.8 milliún dírithe ar na dúshláin thábhachtacha atá le sárú ag an sochaí i dtaca le caighdeán / truailliú an aeir agus athrú aeráide. Tá 15 chomhpháirtí ann as seacht dtír agus cuibhreannas an-idirdhisciplíneach atá ann.

Lena chois sin, sheol an Dr Arturo González, Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta UCD, an chéad Ghréasán Oiliúna Marie Skłodowska-Curie de chuid Horizons an AE dar teideal '*Training in Reducing Uncertainty in Structural Safety*' (TRUSS).




*Buaiteoirí Dhúshlán Innealtóireachta an BSL, ó chlé go deas, Michael Purcell, Robert Fenlon, Aaron Collier agus Daniel Cullen.*

An tOllamh Comhlach
David Browne,
Leas-Phríomhoide
Taighde, Nuálaíochta
& Tionchair

An tOllamh Comhlach
Kenneth Stanton,
Stiúrthóir Scoil
na gCéimithe

Roghnaíodh an tOllamh Da-Wen Sun, Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD, do liosta gradamúil Thomson Reuters 2015 de Thaighdeoirí Ard-mholta. Aithníonn an liosta sin na taighdeoirí comhaimseartha is mó tionchair ar domhan ar fud 21 réimse eolaíoch. Bhuaigh an Ollamh Comhlach Finola O'Kane, Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Chomhshaoil UCD an 2016 *John Brinckerhoff Jackson Book Prize* dá leabhar *Ireland and the Picturesque: Design, Landscape Painting and Tourism 1700-1830* (Yale UP).

Is é OxyMem Ltd, mac-chuideachta de Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí & Bithphróisis UCD, an t-aon chuideachta Éireannach atá liostaithe san 2015 Global Cleantech 100, liosta cuimsitheach de chuideachtaí príobháideacha a bhfuil an acmhainn is airde acu chun an tionchar is mó a imirt ar an margadh thar na cúig go dtí na deich mbliana seo romhainn. Tá OxyMem ag tráchtálú réitigh nuálaigh chun costais a laghdú do chóireáil fuíolluisce - an tImoibreoir Bithsceo Scannán-aeraithe (MABR). Bronnadh Gradam Nuálaíochta Nova UCD 2015 ar chomhbhunaitheoirí OxyMem Ltd, an tOllamh Eoin Casey agus an Dr Eoin Syron. Mac-chuideachta eile as an Scoil seo is ea APC Ltd. a d'fhógair 100 post agus a chuir fáilte roimh an Taoiseach, Enda Kenny TD, chun an oscailt a dhéanamh ar a saoráid nua den dearadh is déanaí i mBaile Átha Cliath. Nuálaí i réitigh próiseas taighde don tionscal cógaisíochta is ea APC agus cuidíonn sé le cliaint dhomhanda chun géarú a dhéanamh ar fhorbairt a gcógas do réimse leathan riochtaí.

Mar aitheantas ar a bhfuil bainte amach acu, tá beirt bhall den Choláiste, an tOllamh Debra Laefer ó Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta UCD agus an Ollamh Comhlach Aoife Gowen ó Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD, i measc an ochtar eolaí agus innealtóir ban a roghnaíodh agus a fuair gradam ó Acadamh Ríoga na hÉireann chun a bheith i bportráidí atá coimisiúnaithe go speisialta le crochadh mar chuid de thionscadal an RIA, *Women on Walls*. Tá an tionscadal mar chuid de thionscnamh an RIA chun spreagadh a thabhairt do chur chun cinn na mban agus a saothair san ionad oibre.

**Sé scoil atá i gColáiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD:**

**Scoil na hAiltireachta, na Pleanála & an Pholasaí Chomhshaoil UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh
Hugh Campbell

**Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais & na hInnealtóireachta Bia UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh
Colm O'Donnell

**Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí & Bithphróisis**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Eoin Casey

**Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Comhlach
Mark Richardson
(ar 1 Meán Fómhair 2015)

An tOllamh Comhlach
Aoife Ahern
(Ghlac Aoife Ahern leis an gCeannasaíocht Eatramhach ó Aibreán 2016)

**Scoil na hInnealtóireachta Leictrí & Leictreonaí**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Comhlach
Andrew Keane

**Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Ábhar UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh
Michael Gilchrist

**Ó Meán Fómhair 2015*




*Ionadaí thar ceann an phríomhurraí, CBMM, Georgia Gomes Bemfica, agus buaiteoir Chomórtas Léacht Dhomhanda na nDaoine Óga, Kevin Doherty (íomhá: IOM3 www.iom3.org).*



Buaiteoirí Bhonn Óir Chumann Iarchéimithe Innealltóireachta (EGA) UCD 2015: John Waldron (athair Conor) Innealtóireacht Cheimiceach; Richard Jenkinson, Innealtóireacht Stuchtúrtha agus Ailtireacht; Darragh Hanlon, Innealtóireacht Shibhialta; Eanna McHugh, Innealtóireacht Bhithchóras; Niall Donnelly, Innealtóireacht Mheicniúil; an tOllamh David FitzPatrick, Déan na hInnealtóireachta, UCD; Shane Gubbins, Innealtóireacht agus Gnó; PJ Rudden, Uachtarán EGA; Irene Danti Lopez, Innealtóireacht Leictreonach; Keith Kavanagh, Bainistíocht Innealtóireachta; Ronan Scally, Innealtóireacht Leictreonach; Cathy Swanton, Innealtóireacht Bhithleighis; agus Cillian Briody, Ailtireacht.

## Oideachas & Taithí na Mac Léinn

I nDeireadh Fómhair 2015, chuaigh an Ollscoil i mbun Athbhreithniú Curaclaim agus Próisis Fheabhsaithe faoi cheannas an Chomhollaimh Amanda Gibney, an Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama. Tá an próiseas sin ailínithe le Straitéis 2015 - 2020 UCD, tionscnamh straitéiseach 2: Barr Feabhais Oideachais a shainiú, agus go dáta tá fís, luachanna agus torthaí a gclár sainithe ag comhghuaillithe ar fud na hOllscoile, agus tá páirt glactha acu i bpróiseas mapála an churaclaim. Tá gníomhaíocht clár agus pleananna feidhmithe i mbun forbartha anois, chun curaclaim leasaithe a sheachadadh de réir ár gcuspóirí straitéiseacha.

Rinne mic léinn Innealtóireachta agus Ailtireachta gaiscí suntasacha i gcomórtais i rith na bliana seo caite, ar nós Dúshlán Innealtóireachta BSL a bhuaigh Aaron Collier agus Michael Purcell, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD mar aon le Robert Fenlon agus Daniel Cullen, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí UCD.

Bronnadh an chéad duais ar Kevin Doherty, mac léinn PhD i Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD ag an 11ú Comórtas Domhanda Léachtóireachta do Dhaoine Óga a reáchtálann an Instiúid Ábhar, Mianraí agus Mianadóireachta (*The Institute of Materials, Minerals and Mining*) go bliantúil, agus bhuaigh Liam Farrelly, mac léinn sa bhliain deiridh ailtireachta, an Gradam Ailtireachta Adhmaid 2015 a eagraíonn Cónaidhm na Margaíochta Adhmaid (WMF).



Shelley McNamara agus Yvonne Farrell, buaiteoirí Grafton Architects Dhámhachtain Alumni 2015 in éineacht leis an Ollamh Hugh Campbell, Ceann Scoil na hAiltireachta, UCD.

## Comhpháirteachas agus Comhpháirtíocht

Chuir Cumann Céimithe Innealtóireachta UCD tús le bronnadh Bonn Óir atá urraithe ag an EGA do mhic léinn a bhaineann barr feabhais amach ina ndisciplíní. I ndeireadh 2015, d'óstáil EGA UCD a ócáid bliantúil Plé Painéil an Fhómhair '*Cad a chiallóidh an Todhchaí Digiteach d'Éirinn?*' agus rinneadh díospóireacht bhríomhar faoi ina dhiaidh sin. San Aibreán, d'óstáil an EGA comhphlé faoi chothromaíocht inscne le hInnealtóirí na hÉireann agus ina dhiaidh sin óstáladh Léacht Earraigh 2016 faoi '*Déileáil le Dúshlán na dTuilte in Éirinn*'. Bronnadh Dámhachtain Chéimí Gradamach an EGA ar Ard-Stiúrthóir an EPA, Laura Burke, agus bronnadh an chéad Duais Uachtaráin ar an Dr Tom Hardiman ag Dinnéar Bliantúil an EGA i Meitheamh mar aitheantas ar an ngairm iontach a bhí aige thar thréimhse de bhreis agus 50 bliain.

Tá méadú leanúnach a teacht ar an ngníomhaíocht Idirnáisiúnaithe sa Choláiste i dtaca le hAiltireacht agus Innealtóireacht araon, agus síníodh Meabhráin Chomhlachais an bhliain seo caite le hOllscoil Chongqing, Ollscoil Beihang, agus Ecole Nationale Supérieure de l'Electronique et de ses Applications. Lena chois sin, in Iúil 2016, reáchtáladh na chéad chéimeanna UCD i gColáiste Idirnáisiúnta Béising-Baile Átha Cliath agus bronnadh BE Idirlíon na nEarraí Innealtóireachta ar 18 mac léinn.




An tOllamh David FitzPatrick
Príomhoide an Choláiste/Dean na hInnealtóireachta

*An tOllamh David FitzPatrick, Príomhoide Choláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta, UCD, in éineacht leis an Dr David Burke, buaiteoir Dhámhachtain Alumni 2015 i réimse na hInnealtóireachta.*



## Mic Léinn UCD in Éirinn

Mic Léinn **Fochéime** (FTE) **1,128**




Mic Léinn **Chéime** (FTE) **774**

**Líon Iomlán** Mac Léinn **1,902**

## Oibríochtaí Thar Sáile

Mic Léinn **Fochéime** (FTE) **166**



* = Tuairim is 100 Duine

## Dámhachtainí Taighde

**€27,703,000**

# Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD






Rannpháirtithe an chláir Lean Six Sigma.



**An tOllamh Cecily Kelleher Príomhoide an Choláiste**

An Déan Comhlach um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchair
An tOllamh Helen Roche (PHPSS)

An Déan Comhlach um Theagasc agus Foghlaim
An tOllamh Jason Last (SM)

An Déan Comhlach um Chomhpháirteachas Domhanda
An tOllamh Comhlach Pat Felle (SM)

Bunaíodh Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD in 2015 agus tugann sé gairmithe sláinte UCD faoin aon bhratach amháin rud a thugann deis bhreá chun úsáid a bhaint as sinéirgí atá ar fáil tríd an speictream Aon Sláinte Amháin. Nascann an tionscnamh Aon Sláinte Amháin sláinte gach ní beo, mar aon leis na sinéirgí reatha atá idir sláinte an duine agus sláinte na n-ainmhithe, sláinte phoiblí agus eolaíocht an bhia. Tacaíonn an Coláiste leis an earnáil agraibhia dhúchasaigh, sláinte ainmhithe agus gairmeacha leighis trí oideachas agus taighde ceannródaíoch. Tá an Coláiste comhdhéanta de chúig scoil, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochtaí Bia, Scoil an Altranais an Cnáimhseachais agus na gCóras Sláinte, Scoil an Leighis, Scoil na Sláinte Poiblí Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt agus Scoil an Leighis Tréidliachta.

## Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Ar na príomhréimsí is láidre taighde atá sa Choláiste tá taighde ar Mhíochaine Pearsanaithe agus Aistritheach, Aon tSláinte Amháin, Bia agus Sláinte, Córais Sláinte agus Seirbhísí Sláinte, Talmhaíocht agus Táirgeadh Bia, Luath-óige agus Sláinte Atáirgthe, agus Sláinte Phoiblí agus Cothú na Sláinte. Déanann na téamaí uileghabhálacha sin cuimsiú ar an saineolas leathan taighde.

Lena chois sin, rinne foirne agus daoine aonaracha dul chun cinn iontach laistigh den Choláiste lena n-áirítear cúig Dhuais Imscrúdaitheoirí SFI a raibh iomaíocht mhór i gceist leo a bhuaigh an tOllamh Catherine Godson, an tOllamh Stephen Gordon, an tOllamh David McHugh, an tOllamh Carel Le-Roux agus an tOllamh William Watson. Buadh duaiseanna breise SFI freisin - an Dr Eoin Cummins as Forbairt Ghairme agus an tOllamh Martin Steinhoff as Comhpháirtíocht Straitéiseach. Bhuaigh siad seo duaiseanna HRB: an tOllamh Eilish McAuliffe do Cheannasaí Taighde agus an tOllamh Gerard Fealy do dheontas tionscadail a mhaoinigh HRB agus Atlantic Philanthropies. Bhuaigh an tOllamh Catherine Godson an tOllamh Patrick Lonergan dhá Ghréasán Oiliúna Nuálaí Marie Skłodowska-Curie. Bhuaigh an tOllamh Shea Fanning Comhpháirtíocht Nuálacha shuntasach de chuid Fhiontraíocht Éireann i dtaca le sábháilteacht bia.

Bhuaigh lear den lucht daimh duaiseanna gradamúla idirnáisiúnta lena n-áirítear an tOllamh Des Higgins a fuair Duais Kimura Motoo as an obair shuntasach a rinne sé chun cur le dul chun cinn na bitheolaíochta éabhlóide, agus an tOllamh Cormac Taylor a fuair an *Takeda Distinguished Research Award* ó Chumann Fiseolaíoch Mheiriceá.

Bhí roinnt duaiseanna móra il-imscrúdaitheoirí i gceist freisin ar a n-áirítear comh-dhuais Wellcome Trust/SFI/HRB a thacóidh le seisear ar a laghad in aghaidh na bliana de na mic léinn leighis is fearr chun tabhairt faoi oiliúint struchtúrtha, chomhtháite d'eolaithe cliniciúla ina mbeidh PhD agus oiliúint chliniciúil speisialaithe. Cuirfidh an clár gradamúil seo cohórt le cheile d'eolaithe cliniciúla atá gníomhach sa taighde agus tá sé faoi cheannas an Dr Patrick Mallon, ó Scoil an Leighis UCD.



*An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney TD in éineacht le hUachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks agus iad ag féachaint anuas ar an mbleálann rothlach san Ionad Taighde agus Oideachais Déiríochta ar Fheirm Taighde UCDLyons, a osclaíodh le gairid.*

## Oideachas & Taithí na Mac Léinn

I mBealtaine 2016 bhí a gcead fhóram oideachais ar fud an Choláiste ag grúpa Oideachais agus Oiliúna ar théama foghlama agus mheasúnachta atá breisithe ag an teicneolaíocht. Ba í an tOllamh Katharine Boursicot an príomhchainteoir, bean a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aici mar shaineolaí ar oideachas sláinte, agus rinne sí láithriú ar *Designing an Assessment Strategy*. Ansin, rinne cainteoirí as gach comhScoil cur i láthair faoi chleachtais mheasúnachta nuálacha agus éifeachtacha, ó fheitheoireacht ar líne go dtí measúnacht atá bunaithe ar chleachtas.

Rinne Scoil an Leighis Tréidliachta forbairt ar thogra nuálach do chineál nua straitéise measúnachta a shainíonn cur chuige foirmleach i dtaca le measúnacht agus luíonn sé go dlúth le torthaí ó chláir i dtrí réimse an eolais, scileanna agus tréithe. Forbraíodh an straitéis i gcomhairle le comhairleoir measúnachta sláinte, an tOllamh Katherine Boursicot. Déanann sé ailíniú ar uirlisí leis an réimse inniúlachta atáthar a thástáil; déanann sé ailíniú ar mhíreanna measúnachta leis na torthaí céime agus aithníonn sé an dóigh a ndéantar measúnachtaí do gach céim a ailíniú le torthaí na gclár. Ní úsáideann sé ach uirlisí measúnachta oiriúnacha a léiríonn fianaise bailíochta.

**Cúig scoil atá i gColáiste na Sláinte agus na nEolaíochtaí Talmhaíochta UCD:**

**Scoil na Talmhaíochta & na hEolaíochtaí Bia**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Alex Evans

**Scoil na Tréidliachta UCD**
*Ceann na Scoile*
*An tOllamh Grace Mulcahy*

**Scoil an Leighise**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Patrick Murray

**Scoil an Altranais, an Cnáimhseachais agus na gCóras Sláinte**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Martin McNamara

**Scoil na Sláinte Poiblí Fisiteiripe & na hEolaíochta Spóirt**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Giuseppe De Vito

**Ó Mheán Fómhair 2015*




*An tOllamh John O'Doherty, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia, UCD, ag fáil Dhuais Chuimhneacháin Sir John Hammond ón Dr Caroline Rymer, Uachtarán an British Society of Animal Science.*




*Connected One Health - cruinniú idir Scoil an Leighis Tréidliachta, UCD agus Scoil an Leighis Tréidliachta Scoil Davis UC chun socrúcháin taighde a éascú.*

## Comhpháirteachas agus Comhpháirtíocht

I mí na Samhna 2015, d'eagraigh Scoil na Liachta, i gcomhar leis an Harvard Medical School agus Scoil Samhraidh Altranais UCD 2016, an ócáid *Introduction to the Practice of American Medicine*. Tá sé seo ina ócáid bhliantúil anois agus déanfar é a reáchtáil arís i mí na Samhna 2016. Rinneadh tuilleadh forbairtí i Scoil na Sláinte Poiblí Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt, mar go bhfuil a bpríomhchéim Máistreachta sa Sláinte Phoiblí bunaithe freisin i gColáiste Leighis Penang.

Ba é 2016 an 60ú bliain ó bunaíodh Scoil na Fisiteiripe UCD atá comhtháite anois le Scoil na Sláinte Poiblí Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt. Rinneadh ceiliúradh air sin le seoladh an ghrúpa nua, Grúpa Cliniciúil agus Acadúil na Fisiteiripe. Cuireann an tionscnamh seo riocht foirmeálta agus comhdhlúite ar an gcomhpháirtíocht chliniciúil agus acadúil idir na rannóga cliniciúla fisiteiripe atá in Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae, Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann agus an Disciplín Acadúil Fisiteiripe ag UCD. An fhís atá ann ná barr feabhais a bhrú chun cinn ar na ceithre phríomhphiléar: Cáilíocht; Sábháilteacht agus Éifeachtúlachta Chliniciúil i gcúram na n-othar; Oideachas; Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar; agus Forbairt Ghairmiúil.

Tá Scoil an Altranais an Cnáimhseachais agus na gCóras Sláinte ag leanúint den fhorbairt leis an gclár *Lean Six Sigma*, i gcomhar le hAcadamh na Barainne san Mater. Faoin am seo tá oiliúint curtha ar bhreis agus 1100 ball foirne ildisciplíneach i dtaca le *Fundamentals of Lean Six Sigma for Healthcare*, agus tionscadail dá thoradh a bhfuil an iomad buntáiste bainte astu ag othair, baill foirne agus teaghlaigh.






## Mic Léinn UCD in Éirinn




### Forbraíochtaí an Choláiste

Cuireadh borradh mór faoi Fheirm Thaighde Lyons UCD nuair a seoladh an tsaoráid taighde agus oideachais déiríochta den chéad scoth a chosain na milliúin. Tá an tionscadal ar thús cadhnaíochta ag UCD mar aon le ceannairí i dtionscal an agraibhia, ar nós Dairymaster, Devenish Nutrition, FBD, Glanbia, Grúpa Póraithe Eallach na Mumhan (Munster Cattle Breeding Group), Progressive Genetics agus Cumann Holstein Friesian na hÉireann (*Irish Holstein Friesian Association*). Beidh an tsaoráid Taighde agus Oideachais Déiríochta ag Feirm Thaighde Lyons UCD thar a bheith luachmhar do mhic léinn, taighdeoirí agus lucht tionscail chun cuidiú leis an daingniú ar cháil idirnáisiúnta na hÉireann mar thír atá tiomanta don bharr feabhais in earnáil an agraibhia.



An tOllamh
Cecily Kelleher,
Príomhoide and Choláiste

### Ioncam Taighde

**€34,555,000**

*Ghlac mic léinn ó Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia, UCD, páirt sa Díospóireacht Mhór faoi Bhia Talmhaíochta, a d'urraigh Dawn Meats agus McDonalds Ireland agus a bhí ar siúl UCD Seomra mór Díospóireachta Garret FitzGerald in UCD, chun an rún 'Ruminant Livestock Farming will Help Save the Planet' a phlé.*

# An Coláiste Eolaíochta UCD





I láthair ag NovaUCD, bhí an Dr Claire Gormley, Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí, UCD, agus imscrúdaitheoir maoinithe de chuid an Insight Centre for Data Analytics, UCD, agus Emily Duffy, iarchéimí de chuid Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí, UCD; comhbhunaitheoirí Game Changer, buaiteoir Chlár Insight Innovation Sprint UCD, 2016.



**An tOllamh Joe Carthy**
**Príomhoide/Déan an Choláiste**

Stiúrthóir Scoil na gCéimithe
Ollamh Comhlach Emma Sokell

Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama
Ollamh Comhlach Carmel Hensey

Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta
An tOllamh Fiona Doohan

Leas-Phríomhoide (Idirnáisiúnta)
An tOllamh Jeremy Simpson

Cúis áthais dom a thuairisciú go raibh bliain ghnóthach agus rathúil ag Coláiste na hEolaíochta UCD agus gur baineadh amach cuid mhaith forbairtí agus gaiscí i measc ár ngníomhaíochtaí in 2015/16.

## Teagasc agus Foghlaim

Is é cúrsa ceannais UCD, Eolaíocht DN200, an cúrsa coitianta iontrála eolaíochta is iomaíche sa tír anois agus íos-iontráil de 510 pointe CAO ag teastáil dó in 2016. Agus mórábhar nua i matamaitic an airgeadais curtha leis anois, tugann an cúrsa nua 27 ábhar céime, rud a fhágann gurb é an cúrsa eolaíochta is ilchineálaigh san Eoraip é. Glacann ár gcúrsa le beagnach 20% de mhic léinn ó bhealaí iontrála neamhthraidisiúnta, rud a léiríonn an straitéis atá ag UCD chun rannpháirtíocht a leathnú.

Tuairiscíonn an tOllamh Jeremy Simpson, Leas-Phríomhoide (Idirnáisiúnta) don Choláiste, go bhfuil sé mar thoradh ar ár straitéis don earcaíocht idirnáisiúnta go bhfuil méadú suntasach tagtha ar mhic léinn nach as an AE dóibh inár gcúrsaí fochéime agus céime ar fud na heolaíochta agus na ríomheolaíochta.

Tá forbairt gairme riachtanach chun mic léinn a ullmhú don saol tar éis na hOllscoile. Anois, tá Comhairleoir Gairme agus Scileanna tiomanta ar bord againn, Edel Caraway, mar aon le Bainisteoir Intéirneachta tiomanta, Carla Naltchayan. Dá thoradh sin, tá níos mó dár bhfochéimithe agus dár n-iarchéimithe ag baint feidhme as deiseanna intéirneachta atá níos ábhartha. Rinne an comhairleoir ó Ionad Forbartha Gairme UCD, an Dr Aisling Harkin, modúl nua acadúil, *Preparing for your Future Career*, a sheoladh go rathúil agus é dírithe go sainiúil ar mhic léinn fochéime. De bhreis air sin, d'eagraigh Ionad Forbartha Gairme UCD roinnt seimineár, ceardlann agus cuairteanna ó fhostóirí, mar aon le comhtháthú a dhéanamh ar ullmhúchán speisialaithe gairme le roinnt dár gclár Máistreachta.

Fuair an Ollamh Comhlach Maria Meehan, Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí UCD Gradam Saineolaí Teagaisc Ollscoile as a ról ceannasaíochta in oideachas na matamaitice.

Bhuaigh an Ollamh Comhlach Carmel Hensey, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus Bithleighis, mar aon leis an Ollamh ComhlachPatricia Kieran Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis, maoiniú do thionscadal chun tacú le dearadh agus forbairt ar uirlisí digiteacha foghlama do mhic léinn innealtóireachta agus eolaíochta.

## Taighde agus Tionchar

Ceann de bhuaicphointí na bliana ab ea Léacht Bhliantúil Eolaíochta Uí Bhriain 2015 dar teideal *Personalised Cancer Genomics: Precision Medicine Meets Prevention*, a chuir an Dr Kenneth Offit, Ceannasaí, Clinical Genetics Service at Memorial Sloan Kettering Cancer Centre i láthair.

Bliain iontach rathúil a bhí inti seo i dtéarmaí forbairtí agus nuálaíochtaí na gcuideachtaí campais agus buaicphointí i



Ghlac 183 dalta as bliain a cúig i 120 meánscoil ar fud na hÉireann páirt i gclár Eolaíochta na Scoileanna, UCD, sa Mheitheamh. Sa phictiúr atá an Dr Tony Keene, Scoil na Ceimice, UCD, in éineacht le daltaí ag glacadh páirte i gcur i láthair praiticiúil na Ceimice.

gceist mar a leanas:
Díoladh *Logentries*, a bhunaigh an Dr Trevor Parsons i gcomhar leis an Dr Viliam Holub, le Rapid7 ar $68 milliún geall leis. Déanann *Logentries* ceannródaíocht i mbainistíocht agus i gcuardach logaí néal-bhunaithe agus is mac-chuideachta é ó Shaotharlann Innealtóireachta Feidhmíochta an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath atá i Scoil na Ríomheolaíochta UCD.

Cuideachta campais is ea *OncoMark*, a chomhbhunaigh an tOllamh William Gallagher agus bronnadh €2.7 milliún de mhaoiniú Horizon 2020 orthu. Tá *OncoMark* ag forbairt diagnóisic nua d'othair ailse chíche.

Bhunaigh an tOllamh Barry Smyth *Heystaks* Technologies, i gcomhar leis an Dr Maurice Coyle agus an Dr Peter Briggs, Scoil na Ríomheolaíochta UCD, agus bhailigh siad €1.5 milliún chun cuidiú leo an t-ardán soghluaiste Intent Analytics a chur ar an margadh.

Bhunaigh an Dr Ken Fahy *SiriusXT*, i gcomhar leis an Dr Fergal O'Reilly agus an Dr Paul Sheridan, mar mhac-chuideachta ó Scoil na Fisice UCD, agus bhailigh siadsan €3 mhilliún sa bhabhta maoinithe is deireanaí den Horizon 2020 SME Céim 2. Tá deich mbliana caite ag SiriusXT ag forbairt na teicneolaíochta dá micreascóp X-gha bog ar a dtugtar SXT.

An Ollamh Comhlach Breandán Kennedy, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD, a bhunaigh *Phision* Therapeutics, a bhuaigh Gradam Tionscnaimh UCD 2015. Tá an chuideachta ag forbairt drugaí dílseánaigh teiripeacha chun cóir níos fearr a chur ar chailliúint amhairc d'fhonn cosc a chur leis an daille a bhaineann le haosú nó diaibéiteas.

Bhuaigh an tOllamh John Murphy agus an tOllamh Liam Murphy ón Saotharlann Innealtóireachta Feidhmíochta ag Scoil na Ríomheolaíochta UCD, Gradam Nuálaíochta Taighde SAM-Éireannach as a bhfeidhmchlár ar thionchar an chomhoibrithe taighde deich mbliana idir UCD agus Saotharlann Bogearraí IBM i mBaile Átha Cliath a raibh airgeadh 'an tInneall Comhchoibhnis Fíor-ama' mar thoradh air.

## Buaicphointí an Mhaoinithe Taighdes

An tOllamh Fiona Doohan: €1,071,308 ó Horizon 2020, agus €540,174 fón SFI/BBSRC (*Biotechnology and Biological Sciences Research Council, UK*) dá cuid taighde ar eolaíocht na mbarr.

An tOllamh Jennifer McElwain: €1,302,255 ó SFI don taighde ar phlandaí agus athrú aeráide.

An Dr Jonathan Yearsley: €568,131 ó Chlár Duaiseanna Imscrúdaitheoirí SFI don thaighde ar theacht aniar sa bhithéagsúlacht agus slándáil bia.

An tOllamh William Gallagher: €1,681,731 ó Chlár SFI do thaighde ailse.



*Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew J Deeks, an tOllamh Kevin O'Connor lena Dhámhachtain Nuálaíochta NovaUCD, 2016, agus an tOllamh Orla Feely, Leas-Uachtarán Taighde, Nuálaíochta agus Tionchair UCD.*

Leas-Phríomhoide (Idirnáisiúnta)
An tOllamh
Jeremy Simpson

Déan Comhlach an Léinn Idirnáisiúnta (Meiriceá Thuaidh)
An Dr. Tadhg Ó Cróinín

Déan Comhlach na Mór-Rannpháirtíochta
An tOllamh Comhlach
John O'Connor

**Seacht scoil atá i gColáiste na hEolaíochta UCD:**

**Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh
Jeremy Simpson

**Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Comhlach
Keith Murphy

**Scoil na Ceimice UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh
Gareth Redmond

**Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh
Pádraig Cunningham

**Scoil na nDomhaneolaíochtaí**
*Head of School*
An tOllamh
Frank McDermott

**Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh
Gary McGuire

**Scoil na Fisice**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh
Padraig Dunne

**Ó Mheán Fómhair 2015*

*Ollamh Taca Maria Meehan, Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí, UCD, ag fáil Dámhachtain Saineolaí Teagaisc, as a ról ceannródaíoch i léann na matamaitice, ón Ollamh Mark Rogers, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán.*



An tOllamh Brian Vohnsen: €498,579 ó Horizon 2020 do thaighde ar ghalar súl Beidh an Ollamh Comhlach Vladimir Lobaskin, Scoil na Fisice UCD, i gceannas ar staidéar €8 milliún Horizon 2020 i dtaca le riosca sláinte nanaitheicneolaíochta, chun modhanna a fhorbairt le measúnacht a dhéanamh ar na rioscaí sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le nana-ábhair mhonaraithe.

Bronnadh €4.8 milliún trí Horizon 2020 ar E-CAM atá comhordaithe agus faoi chathaoirleacht an Ollaimh Luke Drury, Scoil na Fisice UCD agus Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, chun comhábhair bhogearraí a fhorbairt d'ionsamhlú ábhar.

Bhí ról lárnach ag foireann eolaíoch faoi cheannas an Dr Jens Carlsson, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD, in aithint chorp dí-adhlactha Thomáis Cheannt, duine de seisear déag fear a cuireadh chun báis i 1916 tar éis Éirí Amach na Cásca. Baineadh úsáid as anailís eolaíoch DNA agus áirithe sa saothar bhí comhoibriú le hOifig Phaiteolaí an Stáit, leis an Oifig Náisiúnta um Chomhordú Fóiréinseach ag Biúró Teicniúil an Gharda Síochána, agus le hEolaíocht Fhóiréinseach Éireann.

Tá clár nua curtha i bhfearas ag IBM agus UCD a chuirfidh ar chumas a n-eolaithe oibriú i gcomhar lena chéile i dtaca le taighde agus teicneolaíochta nua a fhorbairt don chéad ghlúin eile de chathracha cliste agus inbhuanaithe. Beidh an clár seo, atá lonnaithe ag Lárionad Eolaíochta O'Brien UCD, dírithe ar theicneolaíochtaí cognaíocha ríomhaireachta a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar chinnteoireacht dhaonna.

Tá aitheantas faighte ó Chumann Ríoga na Ceimice ag an Ollamh ComhlachSusan Quinn as a saothar mar chuid d'fhoireann idirnáisiúnta taighde ag fiosrú an ghaoil atá idir Bunúis mhóilíneach galar agus ionsú fhuinneamh an tsolais ag an DNA. Seo an chéad uair a bhfuair cógaiseoir as UCD gradam ó Chumann Ríoga na Ceimice mar aitheantas ar a dtaighde agus tá an saothar foilsithe in *Nature*.



Rinne Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew J Deeks, Gradam Nuálaíochta Nova UCD 2016 a bhronnadh ar an Ollamh Kevin O'Connor, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD. Airithe ar na hábhair a bhfuil an tOllamh O'Connor gafa leo tá taighde ar fhorbairt polaiméírí in-bhithmhillte agus modhanna chun feabhas a chur ar athchúrsáil ábhar plaisteach agus eile.

Tionscadal oideachasúil garraíodóireachta a chruthaigh an Ollamh Comhlach Caroline Elliott-Kingston, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochtaí Bia UCD agus an tOllamh Paul McCabe, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil, a bhuaigh Bonn Óir ag an *Bloom Festival*. Seasann an tionscadal buacach, '*UCD Evolution of Land Plants Garden*', d'éabhlóid na bplandaí thar 500 milliún bliain ó tháinig siad ar domhan den chéad uair. Léirigh an gairdín coilíniú na talún ag plandaí a thosaigh leathbhilliún bliain ó shin, ag tosú le halgaí a d'aistrigh amach as an bhfíoruisce, ina dhiaidh sin tháinig na caonaigh agus na raithneacha, agus ar deireadh tháinig na plandaí bláthanna.

Toghadh an tOllamh Emma Teeling agus an tOllamh Frederic Dias mar bhaill d'Acadamh Ríoga na hÉireann, a mheastar a bheith ar an ngradam acadúil is airde in Éirinn. I mbliana freisin, toghadh an tOllamh Patrick Guiry mar Rúnaí Eolaíochta de RIA.

## Cumann STEM UCD


Cuireadh tús in 2016 le Cumann STEM UCD atá ina chomhthionscnamh idir Coláiste na hEolaíochta agus Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta agus é mar aidhm aige cruinnithe beaga téamaithe a reáchtáil i dtimpeallacht neamhfhoirmiúil agus sóisialta do ghrúpaí ildisciplíneacha de bhaill foirne acadúla agus taighde atá ag obair i réimsí STEM, a theacht le chéile chun eolas a fháil faoi obair agus ábhair spéise taighde a chéile. Tá dhá chruinniú eagraithe go dtí seo ar na téamaí *Sreabhcheimic agus Micrishreabhánaic* agus *Innealtóireacht Cheimiceach agus Fisic ar fud na Scálaí*.

*An Dr Caroline Elliott-Kingston, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia, UCD, agus an tOllamh Paul McCabe, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Timpeallachta, UCD, a chruthaigh an 'UCD Evolution of Land Plants Garden', a bhuaigh an Bonn Óir sa chatagóir 'An Coincheap is Fearr' ag Féile Bloom i bPáirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath.*



*An Dr Kenneth Offit (sa lár) in éineacht leis an Dr Jennifer Westrup, stiúrthóir leighis in Ospidéal an Beacon, agus Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew J Deeks.*

Tá Ionad Eolaíochta Uí Bhriain ina ionad iontach rathúil anois do cheardlanna agus do chomhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus óstáladh breis agus 20 ócáid den chineál sin ann in 2015/16 - leithéidí Chomhdháil Chumann Ollscoileanna na hEorpa (EUA), Comhdháil Bhliantúil Litearthachta Faisnéise na Leabharlannaithe (LILAC) agus Comhdháil an Chumainn Eorpaigh um Thaighde ar Oideachas (EERA/ ECER) an ceann is mó riamh a reáchtáladh i UCD.



An tOllamh Joe Carthy
Príomhoide an Choláiste/Dean

*An tOllamh Emma Teeling agus an tOllamh Frederic Dias, in éineacht leis an Ollamh Mary E. Daly, Uachtarán Acadamh Ríoga na hÉireann. Toghadh ina mbaill den RIA iad, a mheastar a bheith ar an onóir is gradamúla in Éirinn.*



## Mic Léinn UCD in Éirinn

Mic Léinn **Fochéime** (FTE) **2,818**

Mic Léinn **Iarchéime** (FTE) **1,454**

**Líon** Mac Léinn **4,272**

## Oibríochtaí Thar Lear

**Fochéimithe / Iomlán** Mac Léinn(FTE) **63**

* = Tuairim is 100 Duine

## Dámhachtainí Taighde

**€21,130,000**

# **Coláiste** na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí



*Seoladh Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí go hoifigiúil ag Scoil Earraigh Garret FitzGerald Dé Luain, an 19 Deireadh Fómhair i Scoil Dlí Sutherland UCD. Sa phictiúr tá, ó chlé go deas: Príomhoide an Choláiste, an tOllamh Colin Scott, an tOllamh Cass R Sunstein, Harvard, agus Leas-Uachtarán Taighde, Nuálaíochta, agus Tionchair UCD, an tOllamh Orla Feely*



**An tOllamh Colin Scott Príomhoide an Choláiste**

Príomhoide an Taighde, na Nuálaíochta agus an Tionchair
An tOllamh Tony Fahey (go Mí na Nollag 2015)
An tOllamh Alun Jones (ó Eanáir 2016 amach)

Leas-Phríomhoide naMúinteoireachta agus na Foghlama
An tOllamh Comhlach Eilis Hennessy

Leas-Phríomhoide an Staidéir Iarchéime
An tOllamh Comhlach Enda Murphy

Leas-Phríomhoide an Idirnáisiúnaithe
An Dr Johan Elkink

Is é Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD an t-ionad is mó in Éirinn don oideachas, taighde agus comhpháirteachas sna heolaíochtaí sóisialta agus na disciplíní a bhaineann leo. Bunaíodh an Coláiste ar an 1 Meán Fómhair 2015 mar chuid den athstruchtúrú níos leithne atáthar a dhéanamh ar an ollscoil agus áirithe ann tá aon scoil déag, Scoil Chéimithe na nEolaíochtaí Sóisialta agus Oifig an Choláiste. Tá UCD rangaithe i measc an dá chéad is fearr sa domhan i bhformhór de dhisciplíní an Choláiste agus tá sé sa 100 is fearr don seandálaíocht, staidéir fhorbartha, dlí, polaitíocht agus caidrimh idirnáisiúnta agus polasaí sóisialta.

Mar Phríomhoide an Choláiste, is é an ról atá agam ná tacú leis na scoileanna chun a bpleananna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, le tacaíocht ó mo chomhghleacaithe as Oifig an Choláiste agus ó Scoil na gCéimithe. I rith na bliana d'fhorbraíomar struchtúir nua chun feidhmiú gan trioblóid a chinntiú, ag oibriú i bpáirt le scoileanna i dtaca le constaicí ionchasacha a réiteach, bíodh siad ag leibhéal scoile, coláiste nó ollscoile. Ról eile atá chomh tábhachtach céanna do Phríomhoide an Choláiste is ea cur le forbairt fhoriomlán na hOllscoile i gcúinsí ar nós straitéis, airgeadas agus acmhainní daonna.

I rith na bliana ghlac mé orm an ról mar chathaoirleach ar Ghrúpa Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile agus bhí áthas orm a bheith in ann urraíocht a dhéanamh ar Imeacht de chuid Lá Idirnáisiúnta na mBan sa Choláiste mar chuid den ghréasán níos leithne d'imeachtaí. Tá imeachtaí den chineál sin ina gcuid bheag ach ina gcuid fhollasach de réimse níos leithne d'athruithe struchtúrtha agus cultúrtha atá an Ollscoil a dhéanamh chun níos mó den chomhionannais inscne a chur chun cinn agus chun seasamh lena tiomantas feabhas níos ginearálta a chur ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú ar an gcampas.

Bhí ríméad orm go raibh ár scoileanna in ann fiche ball foirne buan a earcú agus ghlac a bhformhór lena róil idir Meitheamh agus Meán Fómhair in am do thús na céad bhliana acadúla eile. Bhí sé mar thoradh ar an mblocfhógra do na poist sin, a cuireadh i bpreas idirnáisiúnta an ardoideachais, gur fógraíodh bunú an Choláiste agus freisin go raibh sé i mbun earcaíochta suntasaí acadúil. Bhí an-éileamh ar na poist, rud a d'fhág go rabhamar in ann iarrthóirí den scoth a roghnú. Tháinig an maoiniú do na poist sin as daoine a bheith ag dul ar scor nó ag éirí as oifig, breiseanna as ioncam scoile de bharr ardaithe ar tháillí, agus urraíocht ar phost. Chuaigh an tOllamh James Devenney le Scoil Dlí Sutherland mar go mbeidh McCann FitzGerald, an tOllamh le Dlí Idirnáisiúnta agus Gnó i Meitheamh 2016, agus go mbeidh an tOllamh Liam Delaney ag dul le Scoil na hEacnamaíochta mar an chéad Ollamh AIB in Eacnamaíocht Iompraíochta in Eanáir 2017. Tá ceapachán an Ollaimh Delaney agus tacaíocht AIB nasctha le pleananna chun saotharlann eacnamaíochta iompraíochta a bhunú i gcomhar le hInstitiúid Pholasaí Poiblí Geary UCD, agus clár nua Máistreachta san eacnamaíocht iompraíochta lena chois sin.

Mar chroílár do chumas an Choláiste a thimpeallacht ilchultúrtha a thógáil tá a straitéis chun lucht dáimh agus mic léinn a thabhairt isteach as gach ceard den domhan. Is féidir cuid lárnach dár rathúlacht i dtaca leis seo a leagann ar shaothar an Dr Jos Elkink, Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD, a chuir bailchríoch ar théarma den scoth mar Leas-Phríomhoide don Idirnáisiúnú ag deireadh na bliana airgeadais.

## Cláir Nua

Tá sé tábhachtach go gcoinneoimis ár réimse leathan de chláir oideachasúla faoi athbhreithniú, iad a chur in oiriúint do chúinsí ata ag athrú agus deiseanna a thapú le réimsí nua oideachasúla a chur ar fáil. Ar na cláir nua a cuireadh ar fáil den chéad uair in 2015/16 bhí céim Máistreacht i dTíreolaíocht Dheisceart an Domhain agus Coimeádaíocht Dhigiteach. Tá an Coláiste páirteach i bpróiseas ollscoile níos leithne chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuraclam ar fud na gclár go léir agus, mar chuid den phróiseas sin, táthar ag athbhreithniú struchtúr an oideachais fochéime sna heolaíochtaí sóisialta. Tá sé seo faoi cheannas an Chomhollaimh Sara O'Sullivan, Déan na nEolaíochtaí Sóisialta.

## Taighde agus Nuálaíocht

Tá láidreachtaí ag an gColáiste ar fud na bpríomhréimsí taighde sna heolaíochtaí sóisialta agus sa dlí. Le cuimsiú Scoil na Seandálaíochta tá dhá ghrúpa móra taighde tugtha isteach, ceann acu dírithe ar Ionad na Seandálaíochta Turgnamhaí agus na dTeicneolaíochtaí Ársa faoi cheannas an Ollaimh Aidan O'Sullivan agus an dara ceann ag scrúdú DNA Ársa faoi cheannas an Ollaimh Ron Pinhasi. De thoradh na ceannródaíochta atá déanta ag an Ollamh Ron Pinhasi i dtaca le hobair ar éabhlóid an duine, an stair dhéimeagrafach agus micréabhlóidiú, tá roinnt foilseachán déanta in *Nature* agus bhí tionchar forleathan aige sin ar na meáin is mó a bhfuil tóir orthu.

Leis an gcuimsiú foirmiúil ar Scoil Dlí Sutherland, tá tionscadal mór atá á mhaoiniú ag an gComhairle Eorpach um Thaighde tugtha isteach sa Choláiste i dtaca le hOllstruchtúr an Rialacháin Chomhshaoil atá faoi cheannas an Ollaimh Suzanne Kingston.


Tacaíonn an Coláiste le taighdeoirí chun cinntí a aithint agus a dhaingniú, tá an rath orthu le tionscadail bheaga agus mhóra araon, agus iad thar a bheith rathúil in aimsiú deontas taighde dochtúireachta agus iardhochtúireachta araon ó Chomhairle Taighde na hÉireann tar éis comórtais. Tá an tOllamh Tony Fahey, Scoil na hOibre Sóisialta, an Pholasaí Shóisialta agus na Córa Sóisialta UCD, ina Leas-Phríomhoide um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar, agus sa ról sin tá sé ina laoch don Choláiste i dtaca le comórtais thaighde agus leis an bhforbairt ar sheirbhísí athbhreithnithe d'iarratais ar dheontais a bhfuil tacaíocht an-éifeachtach tugtha acu do thaighdeoirí. D'éirigh Tony as a bheith ina Leas-Phríomhoide chun dul ar thréimhse saoire taighde, agus tá mé buíoch dó féin agus dá chomharba, an tOllamh Alun Jones, Scoil na Tíreolaíochta UCD.

## Comhpháirteachas agus For-rochtain

Eochairchuspóir de straitéis an Choláiste is ea próifíl na n-eolaíochtaí sóisialta a ardú agus feabhas a chur ar litearthachta agus tuiscint ar fud na réimsí éagsúla lasmuigh den Ollscoil, mar shampla leis an rialtas, lucht déanta beartas, gnóthais agus NGO-anna.

Sampla iontach rathúil is ea an mheastóireacht Ullmhú don Saol. Seo é an staidéar trialach rialaithe randamach is faide atá ar siúl ar chlár luath-idirghabhála in Éirinn. Ó 2008, tá sé ag leanúint shaol 200 teaghlach, ag glacadh

*D'eagraigh Preparing for Life, Northside Partnership agus Institiúid Geary um Pholasaí Poiblí, UCD, seimineár acadúil chun torthaí iomlána an staidéir Preparing for Life a roinnt lena chéile. Is éard atá ann 8 mbliana de shonraí ó mháithreacha, aithreacha, múinteoirí agus páistí. Thug na hacadúlaithe ceannródaíocha an tOllamh Richard Tremblay ó Ollscoil Montreal, agus an Dr Kieran O'Donnell ó Ollscoil McGill, aitheasc uathu ag an imeacht seo.*




Déan na hEolaíochta Sóisialta
An tOllamh Comhlach Sara O'Sullivan

Déan na nEalaíon
An tOllamh Comhlach Marie Clarke

**Aon scoil déag atá i gColáiste na nEolaíochtaí agus an Dlí UCD:**

**Scoil na Seandálaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Gabriel Cooney

**Scoil na hEacnamaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Karl Whelan

**Scoil an Oideachais UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Dympna Devine

**Scoil na Tíreolaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Comhlach Gerald Mills

**Scoil an Eolais agus An Staidéir Cumarsáide**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Kalpana Shankar

**Scoil an Dlí UCD**
*Ceann na Scoile/An Déan*
An tOllamh Joe McMahon

**Scoil na Fealsúnachta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh James O'Shea

**Scoil na Polaitíochta agus na gCaidreamh Idirnáisiúnta**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Ben Tonra

**Scoil na Síceolaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Comhlach Suzanne Guerin

**Scoil an Cheartais Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus an Pholasaí Shóisialta**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Comhlach Michelle Norris

**Scoil na Socheolaíochta**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Comhlach Diane Payne

**Ó Mheán Fómhair 2015*




*Imeacht de chuid Lá Idirnáisiúnta na mBan i gColáiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí. Bhí Lá Idirnáisiúnta na mBan ann an 8 Márta 2016 agus ar fud champas UCD, bhí imeachtaí ar siúl a bhain le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú chun an Lá seo a cheiliúradh. Bhí ceann de na himeachtaí sin, a d'óstáil Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus Dlí, UCD, ar siúl ar bhunurlár Áras Newman. Sa phictiúr (ó chlé go deas) tá an tOllamh, Scoil na Fisice, UCD, an tOllamh Colin Scott, Príomhoide an Choláiste, agus an Dr Maeve O'Rourke, Scoil an Dlí, UCD.*

páirte ina chlár cuartaíochta baile chun a fháil amach cén tionchar atá aige ar thuismitheoireacht, forbairt an linbh agus ullmhacht chun scoile. Rinne Ullmhú don Saol, Comhpháirtíocht Thuaisceart Bhaile Átha Cliath agus Institiúid Uí Ghadhra do Pholasaí Poiblí UCD óstáil ar sheimineár acadúil i mí Lúnasa chun na torthaí a bhí críochnaithe a roinnt lena chéile, ag bailiú 8 mbliana de shonraí le chéile ó mháithreacha, aithreacha, múinteoirí agus leanaí. Áirithe san ócáid bhí spreagaitheaisc í lucht ceannais léinn as UCD i gcomhar leis an Ollamh Richard Tremblay as Ollscoil Mhontréal agus an Dr Kieran O'Donnell ó Ollscoil McGill.

Lena chois sin, rinne Scoil an Oideachais UCD óstáil i mbliana ar an gComhdháil Eorpach um Thaighde ar Oideachas (ECER 2016) bliantúil, comhdháil bhliantúil an Chumainn Eorpaigh um Thaighde ar Oideachas (EERA), scátheagraíocht don iliomad cumann náisiúnta taighde ar oideachas ar fud na hEorpa. Tháinig breis agus 2,500 toscaire as breis agus 70 tír agus chuir siad breis agus 2,000 páipéar i láthair i rith na comhdhála. Thosaigh an tseachtain le réamh-chomhdháil ag ar ndearna 380 mac léinn PhD as 50 tír Eorpach a gcuid oibre idir lámha a chur i láthair agus chuir an fhoireann acadúil as Scoil an Oideachais UCD an mheantóireacht ar fáil. Ba í seo an chomhdháil ba mó a reáchtáladh in Belfield go dtí sin. Léirigh aiseolas ón EERA go raibh sí "ar cheann de na comhdhálacha ab fhearr riamh" ina stair a théann thar 20 bliain agus ar an líon céanna campas geall leis ar fud na hEorpa.

Seoladh an Coláiste go foirmiúil ag Scoil agus Léacht Fómhair Mhic Gearailt ag ar cuireadh 24 páipéar i láthair i bpainéil i dtaca le tábhacht na n-eolaíochtaí sóisialta. Bhí áthas orm a bheith i mo chathaoirleach ar phainéil a tháinig as saol na hiriseoireachta, an pholasaí phoiblí agus earnáil an NGO. Cuireadh bailchríoch ar an lá le ráitis shuntasacha ón Ollamh Orla Feely, an Leas-Uachtarán ar Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar i dtaca le tábhacht an taighde sna heolaíochtaí sóisialta d'Éirinn agus don saol mór, mar aon le léacht phoiblí ón Ollamh Cass Sunstein, Harvard Law School, a bhí tráth ina oifigeach sa Teach Bán i réimse an pholasaí rialála.

Rinne an Coláiste teagmháil le pobal níos leithne fós ar lá Fhéile UCD agus áirithe inár mbuaicphointí ansin bhí an Caifé Fealsúnaíochta, seisiúin faoin oideachas agus faoin tsíceolaíocht, díospóireacht faoi Brexit, taispeántas de mhapa ársa, taispeántas de dhéantáin agus d'fheistis a bhain le hÉirí Amach 1916, taispeántas de chláir póstaer socheolaíochta agus turais bhreátha ar Ionad na Seandálaíochta Turgnamhaí UCD.




*Mar chuid de pháirtnéireacht infheistíochta AIB le UCD, mhaoinigh an banc an chéad Chathaoir de chuid na hÉireann san Eacnamaíocht Iompraíochta. Glacfaidh an tOllamh Liam Delaney leis an gceapachán i mí Eanáir 2017.*



*Viking Dublin House, leis an Ollamh Aidan O'Sullivan agus an Dr Eileen Reilly, arna thógáil ag na scoláirí PhD Stephen Fox agus Brendan O'Neill san Ionad um Seandálaíocht Thrialach agus Cultúr Ábharach, UCD.*

Déanann an Coláiste urraíocht ar chlár ealaíontóra cónaithe agus tar éis an rannpháirteachais bhreá le Michael McLoughlin in 2015, an chéad ealaíontóir cónaithe a bhí sa Choláiste, táimid an-sásta go bhfuil Marie Brett linn anois. Amharc-ealaíontóir is ea Marie a oibríonn le fótagrafaíocht, fuaim, scannán agus le foirm dhealbhadóireachta. Déanann a cuid oibre ceistiú athfhillteach ar thopaicí a sheachnaíonn an cultúr agus atá deacair, agus is minic a fhiosraíonn sí tuairimí faoi chaillteanas, géarchéim agus fulaingt daonna i gcomhthéacsanna neamhchobhsaí.



An tOllamh Colin Scott
Príomhoide an Choláiste

## Mic Léinn UCD in Éirinn

Mic Léinn **Fochéimithe** (FTE) — **3,360**



Mic Léinn **Iarchéimithe** (FTE) — **1,667**

**Líon Iomlán** Mac Léinn — **5,027**


## Oibríochtaí Thar Lear

Mic Léinn **Iarchéimithe** (FTE) — **98**

* = Thart ar 100 Duine


## Ioncam Taighde

**€5,201,000**




*D'óstáil Scoil an Oideachais, UCD, Comhdháil Eorpach na bliana seo um Taighde Oideachais (ECER 2016) - d'fhreastail breis agus 2,500 toscaire ar an gcomhdháil, ceann de na cinn is mó a bhí in UCD riamh*

# Forbairt Airgeadais agus Chaipitil



*Íomhánna Coincheapa Áras Newman, UCD.*



**Gerry O'Brien**
**Spáranaí**

Don bhliain 2015/16, chruthaigh an Ollscoil barrachas de €0.58 milliún as a gníomhaíochtaí croí-mhaoinithe HEA. Léiríonn an toradh sin feidhmíocht láidir airgeadais, ag cur san áireamh gur baineadh amach é i mbliain nár tháinig aon fheabhas ar mhaoiniú an Stáit agus ina raibh cúinsí deacra eacnamaíocha fós ann ag leibhéal náisiúnta

## Maoiniú Stáit ar an Ardoideachas

Is é an dúshlán airgeadais aonair leanúnach is mó atá le sárú ag an Ollscoil sa timpeallacht eacnamaíoch reatha ná inbhuanaitheacht na n-oibríochtaí. Idir 2007/08 agus 2015, cuireadh laghduithe leanúnacha maoinithe Stáit i bhfeidhm ar an earnáil in ainneoin ardú a bheith ag teacht ar an éileamh ar ardoideachas. Ach sin ráite, d'éirigh le UCD dul chun cinn a dhéanamh i dtaca lena chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus fanacht laistigh den bhuiséad i rith na tréimhse, bíodh gur chuir sé sin as don chóimheasanna mac léinn:baill foirne, seirbhísí do mhic léinn agus bonneagar an champais.

In 2016, den chéad uair ó tharla an ghéarchéim eacnamaíochta, níor laghdaíodh bunmhaoiniú athfhillteach deontais UCD agus d'fhan sé ag leibhéal 2015. Ach sin ráite, tá imní fós ann faoin inbhuanaitheacht airgeadais go fadtéarmach agus caithfear díriú go práinneach ar an ngá atá le infheistíocht bhonneagair.

Foilsíodh Tuarascáil an tSainghrúpa um Mhaoiniú don Ardoideachas Amach Anseo i mí Iúil 2016. Is é an príomh-mholadh atá ann go gcaithfidh Éire méadú suntasach a chur ar leibhéal na hinfheistíochta san ardoideachas chun a chinntiú go bhféadfaidh an córas cloí go hiomlán lena ról mar thaca don fhorbairt náisiúnta eacnamaíochta agus sóisialta. Aithníonn an tuarascáil trí rogha ionchasacha maoinithe: córas a bheidh maoinithe ag an stát go príomha; méadú ar mhaoiniú an stáit agus leanúint le táillí ar mhic léinn; nó méadú ar mhaoiniú an stáit i gcomhar le híocaíocht iarchurtha táillí trí iasachtaí ioncam-theagmhasacha.

Mheas an Sainghrúpa go mbeidh gá ag an earnáil ardoideachais le maoiniú breise bliantúil de €600 milliún faoi 2021 agus de €1 billiún faoi 2030 chun torthaí ardcháilíochta a sheachadadh agus chun soláthar a dhéanamh do déimeagrafaic ardaithe na mac léinn. Leis sin chuirfí feabhas ar an gcóimheas mac léinn:baill foirne, bheadh comhpháirteachas níos fearr leis na mic léinn, agus chuirfí feabhas ar na seirbhísí tacaíochta don lucht dáimh agus do na mic léinn. Rinne an Grúpa éileamh freisin ar athbhreithniú práinneach ar an gclár caipitiúil tógála agus mheas sé go bhfuil gá le hinfheistíocht chaipitil de €5.5 billiún thar na 15 bliana seo romhainn chun déileáil mar is cóir leis an líon méadaithe mac léinn, uasghrádaithe caipitil, cúinsí sláinte agus sábháilteachta, athnuachan trealaimh agus cothabháil leanúnach. Lena chois sin, mhol sé go gcuirfí €100 milliún ar fáil in aghaidh na bliana chun córas níos éifeachtaí a chur ar fáil i dtaca le cabhair airgeadais do mhic léinn.

Tá sé iarrtha ag na hollscoileanna ar an Rialtas agus ar pháirtithe an fhreasúra go gcuirfí Tuarascáil an tSainghrúpa i bhfeidhm, agus cuireadh an bhéim ar an ngá atá ann go ndéanfadh an córas polaitíochta na cinntí deacra a theastaíonn chun feabhas a chur ar an maoiniú do na hollscoileanna agus sa bhealach a ndéantar an maoiniú a roinnt amach.

## Breis Forbairtí ar Shamhlacha Maoinithe HEA

Tá sé curtha in iúl ag an HEA go mbainfear leas as chinneadh fiosrúcháin an tSainghrúpa san athbhreithniú ar an tsamhail mhaoinithe don ardoideachas a gcuirfear tús leis i rith 2016. Beidh ionchur na bhforas ardoideachais criticiúil do rathúlacht an phróisis sin.

Tá an HEA tiomanta i gcónaí dá aidhm chun athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar a mheicníocht maoinithe reatha, RGAM (Samhail Leithdháilte do Dheontas Athfhillteach) chun ailíniú le moltaí na Straitéise Náisiúnta don Ardoideachas go dtí 2030 agus chun a chinntiú go dtacaíonn a phróisis leithdháilte maoinithe le cuspóirí na straitéise náisiúnta don ardoideachas.

## Samhail Mhaoinithe Fheidhmíochtbhunaithe UCD

Ba é 2015/16 an dara bliain de shamhail bhuiséadaithe fheidhmíochtbhunaithe trína ndéantar breis acmhainní a leithdháileadh ar bhunús foirmleach idir an scoil agus an coláiste atá ag cruthú an ioncaim bhreise, agus an Ollscoil. I mbliana, méadaíodh an tsamhail chun ioncam táillí ó fhochéimithe AE a chur san áireamh, mar léiriú ar thábhacht na príomhghníomhaíochta seo agus chun a chinntiú go gcuirtear acmhainní ar fáil dó go cothrom taobh le gníomhaíochtaí céimithe agus daoine nach as an AE dóibh. Tá fáilte curtha roimh leithdháileadh an ioncaim bhreise ar na scoileanna, agus cuireann sé ar chumas na scoileanna níos mó ceannais a bheith acu ar a n-airgeadas, rud atá tar éis cuidiú chun cúiteamh a thabhairt d'aonaid acadúla as an maoiniú dóthanach stáit nár tugadh ar ais.

Tá ardú suntasach curtha ar na rátaí táillí do mhic léinn nach as an AE dóibh agus lonnaíonn sé sin UCD níos fearr ar an margadh idirnáisiúnta i dtéarmaí institiúidí comparáide. Comhthreomhar leis na harduithe táillí sin, tá úsáid á baint as scoláireachtaí táillí mar uirlis chun laghdú a dhéanamh ar dheacrachtaí airgeadais mac léinn agus freisin mar straitéis chun bolscaireacht a thabhairt do chláir acadúla na hOllscoile. Tá sé sin tar éis cuidiú chun méadú a chur ar an nglanioncam táillí (tar éis scoláireachtaí) ó dhaoine nach as an AE dóibh.

Cuirtear leibhéal na scoláireachtaí san áireamh go hiomlán sa tsamhail bhuiséadaithe fheidhmíochtbhunaithe, agus tá leithdháilte d'acmhainní breise á ndéanamh ar bhunús glanioncaim seachas ollioncaim táillí.

Ar na bearta buiséadaithe eile atá pleanáilte don chéad bhliain eile tá meicníocht chun Scéim Sóisialta Costas a chur i bhfeidhm, chun na costais shóisialta a bhaineann le fostaíocht (ionadaíocht do shaoire mháithreachais, saoire thinnis fhadtéarmach agus iomarcaíocht) a leathadh amach thar am agus ar fud na n-aonad ionas go roinnfear na costais níos cothroime agus nach mbeidh costais neamhrialta nó aon uaire ag cur an iomarca trioblóide ar scoileanna nó aonaid tacaíochta aonaracha i dtaca le pleanáil foirne nó a bheith i mbun a gcuid gníomhaíochtaí. Tabharfaidh an tionscnamh seo tacaíocht freisin do thionscnaimh eile cothromais inscne. Tá an Scéim corpraithe i bpleananna foirne atá forbartha do bhuiséad 2016/17.

I rith na bliana, d'ullmhaigh na scoileanna agus na haonaid thacaíochta a mbuiséid agus rinne siad nuashonrú ar a bpleananna cúig bliana taobh lena bpleananna straitéiseacha. Fadhb shuntasach leanúnach atá ann go fóill d'aonaid agus iad ag ullmhú a bpleananna airgeadais is ea an éiginnteacht leanúnach maidir le leibhéal agus nádúr an mhaoinithe stáit.

## Forbairt ar Sheirbhísí Nua

Leis na córais nua a tugadh isteach i rith na bliana leanadh den fheabhsúchán ar thuairisciú airgeadais agus ar réamhaisnéisiú buiséid.

Rinneadh tuilleadh feabhsaithe ar an modúl pleanála foirne agus breis feidhmiúlachta uaslódála ann. I mbliana freisin, forbraíodh ioncam táillí agus tuairisciú ar chaiteachas a bhaineann le táillí de réir scoile agus de réir coláiste, rud atá ina chomhpháirt chriticiúil den tsaoráid réamhaisnéise cúig bliana. Tá béim níos mó freisin sna cuntais bhainistíochta ar thuairisciú ar chúlchistí tiomanta agus roghnacha ag leibhéal scoile agus leibhéal aonaid thacaíochta agus tá sraith chuimsitheach de thuairiscí bainistíochta tugtha isteach chun cinnteoireacht a chumasú ag an leibhéal scoile.

*Íomhánna Coincheapa na hEolaíochta, na Sláinte agus na hEolaíochta Talmhaíochta.*





Tugadh isteach teicneolaíocht nua freisin chun feabhas a chur ar bhainistiú ár gclár trealamh agus tá tionscadal idir lámha faoi láthair chun taifid de threalamh atá ar chóras Excel-bhunaithe a thabhairt trasna chuig córas bunachair ar líne, rud a cheadóidh na gnéithe teicniúla den trealamh a thaifead mar aon le híomhánna agus doiciméadú, ar nós sonraisc cheannaigh. Beidh an bunachar nua ar líne níos daingne agus leis sin beifear ina aistriú chuig lipéid sócmhainní barrachódaithe agus léitheoirí barrachódaithe.

## Soláthar

Reáchtálann an Oifig Sholáthair na tairiscintí soláthair thar cheann na hOllscoile agus tugann sí tacaíocht agus oiliúint leanúnach don fhoireann ar fud na hOllscoile. I rith na bliana, cuireadh réimse clár oiliúna ar fail don fhoireann d'fhonn feabhas a chur ar chomhordú na gníomhaíochta ceannacháin ar fud na hOllscoile agus chun feabhas i gcoitinne a chur ar an leibhéal comhlíontachta ceannacháin.

Tá UCD ag oibriú go gníomhach freisin leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) chun a chinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí soláthair i UCD ailínithe le cuspóirí an OGP a bhfuil sainchúram soiléir curtha ag an Stát uirthi sábháil shuntasach a sheachadadh don cháiníocóir trí sholáthar láraithe ar fud na hearnála poiblí.

## Méadú ar an Maoiniú Neamhstáit

Lean UCD dá infheistíocht in earcaíocht mac léinn idirnáisiúnta trí obair an Ghrúpa um Chomhpháirteachas Domhanda agus bunaíodh tuilleadh ionaid earcaíochta mac léinn in ionaid thar sáil d'fhonn mic léinn nach ón AE iad a earcú.

Lean an t-ioncam ó ghníomhaíochtaí tráchtála ag cur go luachmhar le hairgeadas na hOllscoile, agus áirithe leo sin bhí ioncam ó tháillí ceadúnas ó oibríochtaí lónadóireachta ar champas agus ioncam ó dhíol scaireanna i gcuideachtaí campais.

Lean an méadú atá ag teacht ar ioncam ó ghníomhaíochtaí coimhdeacha eile agus in 2015/16 chonacthas saothrú suntasach á chruthú i ngnó cónaitheach samhraidh ar an gcampas. I gcomhar le hOifig Idirnáisiúnta UCD, tháinig fás ar ghníomhaíochtaí samhraidh ar fud na n-earnálacha oideachais dhomhanda, go háirithe trí leathnú na gcomhpháirtíochtaí le hollscoileanna móra i SA, Ollscoil California ach go háirithe. Lena chois sin, trí óstáil a dhéanamh ar ócáidí a raibh próifíl ard acu, ar nós GAA Word Games, cuireadh ardán den scoth ar fáil chun saoráidí acadúla, cónaitheacha agus spóirt den scoth atá ag UCD a chur os comhair an phobail.

## Forbairt Champais

Mar chuid den ollscoil is mó agus domhanda in Éirinn, tá thart ar 389,000 m.cr d'urlár foirgneamh in eastát UCD agus luach athsholáthair árachais de c. €1.17 billiún air.

Cinnteoidh an infheistíocht leanúnach i saoráidí an champais go mbeidh an rochtain is fearr ag mic léinn agus lucht dáimh ar chuir chuige nua don oideachas, taighde agus nuálaíocht, agus ag an am céanna a bheith ag tacú le timpeallacht champais atá inbhuanaithe, sláintiúil agus beomhar.

Rinne an tUachtarán an seoladh foirmiúil ar phlean nua, Plean Forbartha Straitéiseach Campais UCD 2016-2021-2026 le linn cuairte a thug na hAirí Richard Bruton TD, Simon Coveney TD agus Damien English TD ar an áit le gairid. An sprioc atá leis an bplean ná faisnéis a thabhairt faoin treo leathan a bheidh ag forbairtí fisiciúla ar champas Belfield amach anseo.

Tacaíonn Plean Forbartha Straitéiseach Campais UCD 2016-2021-2026 le heochairchuspóirí na hOllscoile i dtéarmaí thaithí na mac léinn; neartú na ndisciplíní; taighde, nuálaíocht agus oideachas láidir idirdhisciplíneach; agus pobal campais éagsúil agus den scoth a mhealladh.

Aithníonn an Plean freisin go mbeidh an fhorbairt champais amach anseo ina chumasc d'fhoirgníocht nua chun tacú le fás sa todhchaí mar aon le hathchóiriú forleathan ar fhoirgnimh níos sine atá ag an tráth dá saol a bhfuil gá le hinfheistíocht shuntasach a dhéanamh iontu.

## Forbraíochtaí Caipitil a Rinneadh le Gairid agus Cinn atá Pleanáilte

Chun athshamhlú a dhéanamh ar an gcampas chun tacaíocht fheabhsaithe a sholáthar do UCD agus dár bpobal i gcoitinne, tá an fhorbraíocht chaipitil



*Íomhánna Coincheapa Chlós Theach Merville UCD.*

fócasaithe ar shaoráidí acadúla, breis ionaid chónaithe ar champas, comhpháirteachas sóisialta agus cultúrtha níos mó, agus cur chun cinn shaoráidí taighde agus nuálaíochta atá eolasbhunaithe agus bainteach le hearnáil na tionsclaíochta. Chun an t-oideachas is fearr a chur ar fáil, tá forbraíochtaí campais curtha chun cinn ag UCD i réimsí a léiríonn ár láidreachtaí mar aon le riachtanais na heacnamaíochta agus an tsochaí domhanda.

Ceapadh ailtirí chun forbairt a dhéanamh ar an tionscnamh nua 2,500 m.cr, Coláiste an Ghnó Todhchaí na Foghlama UCD ina mbeidh teicneolaíochtaí tumthacha agus ilionad i spásanna teagaisc agus iad deartha chun aithris a dhéanamh ar thimpeallacht fhíorúil oibre.

Cuireadh tús leis an obair thógála ar láthair an ionaid nua 2,200 m.cr, Institiúid Confucius na hÉireann UCD, in Aibreán 2016 agus nuair a bheidh sé críochnaithe beidh an foirgneamh ina láthair cheannais don tSínis agus do chomhpháirteachas cultúrtha na Síne. Sa tionscnamh sin, cuirfear cláir ar fáil do mhic léinn ó réimse na bunscoil go dtí an tríú leibhéal, agus lena chois sin cuirfear tacaíocht shaineolaíoch ar fáil do ghnóthaí Éireannacha atá ag iarradh dul i mbun trádála leis an tSín, ag spreagadh infheistíochta ón tSín go hÉirinn agus ag cur le for-rochtain UCD go domhanda.

Tá athchóiriú céimneach ar fhoirgnimh na 1970idí chun cur lena saolré tairbheach ina chuid lárnach de Straitéis Eastát UCD. Leis an gcóiriú forleathan a rinneadh ar fhuinneoga agus ar oibreacha athchóirithe i mBloc C agus D d'Fhoirgneamh Newman in Belfield bhíothas in ann Scoil an Léinn Eolais agus Cumarsáide UCD a chomhshuíomh le disciplíní gaolmhara an samhradh seo. Tá sé sin ar aon dul le cuspóir na hOllscoile chun comhdhlúthú agus treisiú a dhéanamh ar dhisciplíní acadúla. Tá an dearadh nua ag feidhmiú mar cheannródaí don fhorbairt ar na hurláir uachtaracha den fhoirgneamh iomlán, ag cur fáil ar spásanna atá tarraingteach agus mealltach mar aon le breis solais nádúrtha a ligean isteach chuig na hionaid teagaisc, cruinnithe agus comhroinnte.

Tá céim tosaigh den fhorbairt críochnaithe ag Feirm Thaighde Lyons UCD chun tacú leis na gníomhaíochtaí feabhsaithe páirce do theagasc agus taighde sna disciplíní talmhaíochta, eolaíocht an bhia agus tréidliachta.

Tá sé cinn de scoileanna innealtóireachta agus ailtireachta ag an Ollscoil, agus iad scaipthe ar fud aon cheann déag d'fhoirgnimh champais atá idir 25 agus 100 bliain d'aois. Tá grúpa oibre bunaithe chun físeanna nua a chur i láthair i dtaca le Clós na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD a láithriú ag croílár an champais acadúla.

Tá foireann deartha ceaptha chun Clós Thoir Theach Merville a fhorbairt do mhéadú gníomhaíochta Nova UCD atá pleanáilte. Cuirfidh an fhorbairt fáil ar bhreis cóiríochta ina bhféadfadh borradh a theacht faoin bhfiontraíocht agus faoi nuálaíocht agus leanfaidh an t-ionad iomlán air mar fhócas don chomhoibriú agus don tráchtálú ar thaighde Ollscoile-Tionscail ar an gcampas. De bhreis ar a bheith ag seachadadh saoráidí feabhsaithe campais don Rochtain agus don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil UCD, do UCD Inniúil agus do chláir bhunaidh UCD, áirithe ar na tionscnaimh fhorbartha cóiríochta eile tá bunú na comhshaotharlainne IBM mar chomhpháirtíocht tionscail in Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD.

Le seoladh rathúil Áras Cónaithe Ghort na Fuinseoige ina bhfuil 354 seomra codlata i mí Lúnasa 2016, tá méadú curtha ar chóiríocht an champais go dtí 3,170 seomra codlata agus tá se ina chuid den mháistirphlean uaillmhianach d'Áras Cónaithe Mic Léinn atá deartha chun cumas cóiríochta UCD a mhéadú go dtí thart ar 6,000 seomra codlata. Beidh sraith de chlóis chónaithe, spásanna conláiste agus láithreacha fóillíochta ar fáil chun timpeallacht bhríomhar chónaithe a chruthú. An cuspóir atá leis na mic léinn ó chultúir agus ó chúlraí socheacnamaíocha difriúla a thabhairt le chéile agus ag an am céanna a bheith ag cur fáil ar thaithí fheabhsaithe do na mic léinn mar aon leis na tacaíochtaí ábhartha. Tá an cháipéisíocht phleanála ullmhaithe chun éascú a dhéanamh ar sholáthar cóiríochta cónaithe ardchaighdeáin le freastal ar an daonra mac léinn atá ag dul i méid. Tá an tionscnamh ailínithe le Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine an Rialtais a fógraíodh le gairid.

Ullmhaíodh treoracha tionscadail don leagan nua de Chlub na hOllscoile UCD mar láthair shainiúil chomhpháirteachais don lucht dáimh agus don fhoireann ar fud na hOllscoile mar aon le bheith ina lárionad do chéimithe agus do bhaill chorparáideacha UCD ag láthair iomráiteach ar an gcampas. Tá foireann deartha ceaptha chun forbairt a dhéanamh ar shaoráidí ardchaighdeáin caifé, bialainne agus cruinnithe, a bheidh comhlánaithe ag na saoráidí comhdhála agus ócáide den scoth atá i Halla Uí Raghallaigh in aice láimhe. Feidhmeoidh Club na hOllscoile UCD mar mhol a bheidh deartha chun tacú le forbairt caidrimh le céimithe, ollscoileanna comhpháirteacha, gníomhaireachtaí agus cuideachtaí, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.



*Íomhánna Coincheapa Chlub na hOllscoile, UCD.*

Leis an soláthar de shaoráidí tarraingteacha agus fáilteacha Spóirt agus Fóillíochta atá le fáil i UCD, tá saol cothromaithe, sláintiúil a chur chun cinn do na mic léinn, an lucht dáimh agus an fhoireann mar aon leis an bpobal áitiúil máguaird. Bunaíodh Grúpa Oibre um Fhorbairt Spóirt go luath in 2016, faoi cheannaireacht an Ollaimh Patrick Guiry, agus e mar dhualgas orthu athbhreithniú a dhéanamh ar na saoráidí reatha agus straitéis a ullmhú d'fhorbraíochtaí spóirt amach anseo. Beidh an Grúpa Oibre ag bualadh leis na comhlachtaí ábhartha mic léinn agus spóirt sna míonna seo romhainn agus déanfar measúnacht freisin ar réimse leathan de bhonneagar spóirt.

## Comhpháirteachas leis an bPobal


Tá oidhreacht shuaithinseach liteartha ag UCD, ó James Joyce go dtí Flann O'Brien, ó Mary Lavin go dtí Marina Carr, agus ó Austin Clarke go dtí Colm Tóibín, ag táirgeadh sruth de scríbhneoirí iontacha a bhfuil meas ar a saothair ar fud an domhain. Tugadh toilithe pleanála i Lúnasa 2016 chun Ionad Ulysses a fhorbairt ag Teach Newman, Faiche Stiabhna. I gcomhar le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, beidh an ceannphointe sainiúil seo do chomhpháirteachas poiblí agus scolártha ag ceiliúradh oidhreacht cháiliúil liteartha na hÉireann agus ag tabhairt spreagadh don chéad ghlúin eile de scríbhneoirí cruthaitheacha. De bhreis ar Bhailiúcháin UCD agus NLI, le gairid chuir deontóir punann reatha de bhunábhar agus d'ábhair ghearrshaolacha Joyce ar fáil d'Ionad Ulysses.

Tá campas Belfield ina acmhainn shainiúil náisiúnta ina bhfuil fáil go poiblí ar an réimse is éagsúlaí de shaoráidí oideachasúla, cultúrtha, spóirt agus fóillíochta. Tá UCD gafa le réimse leathan de chláir fhor-rochtana agus, mar phointe fócais don phobal áitiúil máguaird, cuireann Belfield fáil ar pháirceanna imeartha, linn snámha, siúlóidí coille, tithe oidhreachta, conairí dealbhadóireachta ealaíne, taispeántais chultúrtha, amharclann, seimineáir, cineama agus saoráidí fóillíochta eile.

Aithníodh na tosaíochtaí atá i bPlean Forbartha Straitéiseach Campais UCD 2016-2021-2026 trí chomhairliúchán le bainistíocht shinsearach na hOllscoile, le lucht dáimh, an fhoireann agus na mic léinn mar aon leis na cónaitheoirí áitiúla agus na húdaráis áitiúla. Cuireadh taispeántas ar fáil, ag imlíniú na bhforbairtí móra campais a bhí beartaithe do Belfield, ag Féile UCD, ag seoladh Áras Cónaithe Ghort na Fuinseoige, ag Lárionad na Mac Léinn UCD agus faoi láthair tá sé le feiceáil ag Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD.

Mar chuid de na tionscnaimh eile chun próifíl agus infheictheacht na hOllscoile a ardú, cuireadh tús leis an ullmhúchán ar íomhánna coincheapa chun roghanna a aithint d'ionchur ailtireachta at an mbealach isteach chuig campas Stigh Lorgan ina bhféadfaí obair ealaíne, tírdhreach agus gnéithe poiblí eile a chorprú chun nasc sainiúil, tarraingteach agus fáilteach a dhéanamh leis an gcathair mháguaird.

Cuireann an suíomh coillteach ina bhfuil campas Belfield lonnaithe leis an mbraistint áite agus aitheantais araon, mar aon le híomhá fabhrach a chruthú de UCD mar áit foghlama. Faoi chlár leanúnach bithéagsúlachta agus bainistíochta crann, tá tús curtha ag an Ollscoil le haithint acmhainní éiceolaíocha ar an gcampas, lena n-áirítear an flóra agus an fauna éagsúil, mar aon leis na tírdhreacha agus na héiceachórais éagsúla. Tá réamh-athbhreithniú déanta ag an gCoiste um Champas Glas UCD ar dheiseanna a bhaineann le timpeallacht an champais chun tionscadail ionchasacha a aithint ina bhféadfadh mic léinn agus an fhoireann oibriú le chéile ar thionscnaimh Campais Ghlais. Tugadh faoin ullmhúchán ar rannpháirtíocht phleanáil UCD sa chomórtas idir-ollscoileanna Bith-bhlitz a tharraingeoidh aird agus a



*Íomhánna Coincheapa na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta, UCD*

dhéanfaidh bolscaireacht ar bhithéagsúlachta an champais, a fheabhsóidh an t-eolas atá ar fáil agus a chabhróidh leis an gcinnteoireacht amach anseo i gcomhthéacs fhorbraíocht bhonneagair ghlas Belfield. Déanfar forbairt ar chonair bithéagsúlachta chun eolas a thabhairt do mhic léinn, baill foirne agus cuairteoirí faoi na hacmhainní nádúrtha atá lonnaithe ar an gcampas.

Tá UCD ag leanúint de bheith ag oibriú go gníomhach leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le Comhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin chun plean inbhuanaithe taistil a chur chun cinn do champas Belfield. De thoradh na rathúlachta a bhí ar an tseirbhís fóirdheontais tointeála bus UCD ó Belfield go dtí Paráid Sydney in 2014, tugadh isteach seirbhísí trialacha tointeála bus idir UCD agus Line Ghlas LUAS ag na Glasáin, agus idir UCD agus Tamhlacht. Tá ceadúnas tugtha ag an NTA le gairid d'oibritheoir príobháideach bus don bhealach bus ó Chluain Dolcáin go dtí UCD via Tamhlacht, Teach na Giúise agus Ráth Fearnáin. Lena chois sin, feistíodh saoráidí breise do 400 rothar agus feabhsaíodh an leagan amach do pháirceáil shábháilte ag ionaid straitéiseacha. I ndeireadh 2015, chuir UCD tús shásúil le bainistiú ar an éileamh ar pháirceáil do charranna.

## Fuinneamh

I Lúnasa 2016, bronnadh deimhniú ISO50001 ar UCD, an chéad ollscoil Éireannach a bhain deimhniú eagraíochtúil amach as a mbainistíocht ar fhuinneamh agus uisce araon. Gnóthachtáil shuntasach is ea an deimhniú seo, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh scála na hOllscoile, na suíomhanna éagsúla atá i gceist mar aon leis bail agus próifíl aoise phunann foirgníochta UCD.

Tá UCD tiomanta do sheachadadh Spriocanna Fuinnimh 2020 na hEarnála Poiblí de 33% d'fheabhas éifeachtúlachta, tar éis laghdú de 25.6% a bhaint amach faoi dheireadh 2015. Tá na feabhsúcháin go dáta bainte amach trí chóras struchtúrtha bainistíochta fuinnimh, trí chomhtháthú a dhéanamh ar ghnéithe éifeachta deartha sna hoibreacha móra nua foirgníochta agus athchóirithe, agus trí fheabhas a chur ar iompraíocht na n-úsáideoirí, arna n-éascú ag feachtais feasachta agus comhpháirteachais fuinnimh.

Tá an fhorbairt chaipitil ina heilimint thábhachtach i gcónaí de straitéis mhóriomlán fuinnimh agus inbhuanaitheachta UCD. Mar chéad fhoirgneamh eolaíochta in ollscoil Éireannach a dearadh agus a tógadh ar chaighdeán idirnáisiúnta comhshaoil 'den Scoth' de chuid BREEAM, tá deimhniú athbhreithnithe iar-thógála bainte amach anois ag Foirgneamh Thoir Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD. Lena dhearadh fuinnimh A-rátáilte, tá éileamh íseal teasa agus riachtanais leictreachais ag Árais Chónaithe Pháirc na Fuinseoige agus gheofar cuid mhór de sin ó phainéil ghréine fótavoltacha atá feistithe ar an díon.

Cuir fáil ar roinnt tionscadal athchóirithe eile i rith na bliana seo caite as a bhfuil coigilteas fuinnimh mar thoradh orthu, lena n-áirítear soilse ísealfhuinnimh LED, uasghrádú ar chaidéil agus ar fheananna, de bhreis ar fheabhsúcháin ar fhuinneoga agus ar chreatlacha. Tá UCD ag déanamh feabhsúchán leanúnach ar rialaitheoirí cliste foirgneamh, rud a chuidíonn le feabhas a chur ar rialú na timpeallachta, an fhuinnimh agus an uisce. Mar léiriú ar thiomantas leanúnach UCD don inbhuanaitheacht, leanfaidh an Ollscoil lena cur chun cinn ar ghnéithe nuálacha deartha i bhfoirgníocht nua agus i dtionscadail athchóirithe.

Tá rath leanúnach ar ab bhfeachtas 'Múch É' ar dheirí seachtaine saoire bainc, agus táthar ag beartú feachtas bainistíochta fuinnimh a sheoladh do mhic léinn agus don fhoireann i rith na bliana acadúla atá le theacht chun cuidiú le dul chun cinn na gcoigilteas úsáideoirí seo.

Gerry O'Brien
Spáránaí

## Ídiú Fuinnimh UCD

| | 2012 / 13 | 2013 / 14 | 2014 / 15 | 2015 / 16 |
|---|---|---|---|---|
| Achar Iomlán $m^2$* | 297,565 | 314,400 | 314,400 | 314,400 |
| Leictreachas* kWh | 27,296,800 | 26,304,456 | 24,495,179 | 26,064,323 |
| Gás kWh | 70,706,905 | 70,970,958 | 66,771,867 | 61,444,804 |
| **Fuinneamh Iomlán kWh** | **98,003,705** | **97,275,414** | **91,267,046** | **87,509,127** |
| Úsáid kWh don $m^2$ | 329 | 309 | 290 | 278 |

**Níl cóiríocht chónaí áirithe san achar*

**↓12 úsáid kWh per $m^2$**

**Laghdú in 2015/16 i gcomparáíd le 2014/15**

*Painéil Dín Ghréine Fhótavoltacha.*



# Comhpháirteachas Domhanda






*Teaglaim Treoraithe Tionscnaimh as tíortha éagsúla á bprapáil féin chun cabhair agus tacaíocht a thabhairt do mhic léinn idirnáisiúnta le linn na Seachtaine Tionscnaimh.*



**Dolores O'Riordan**
**Leas-Uachtarán Comhpháirteachas Domhanda**

Tá sé beagnach bliain anois ó ceapadh mé mar Leas-Uachtarán ar Comhpháirteachas Domhanda. UCD Bliain ghnóthach a bhí inti ach go raibh sí táirgiúil, agus ba mhór an chabhair a bhí le fáil ó thacaíocht ó Leas-Uachtarán Ionaid an Chomhpháirteachais Dhomhanda, an tOllamh Mark Richardson.

Bhí an fócas i dtús na bliana ar an bhforbairt ar Straitéis Dhomhanda UCD atá críochnaithe anois. Tá cúig eochairchuspóir ag an straitéis:

1. Cultúr sainiúil domhanda a fhorbairt a chuimseoidh gach gné de shaol na hOllscoile
2. Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a leathnú agus a fhorbairt chun feabhas a chur ar ár gcomhpháirteachas domhanda
3. Méadú a chur ar ár gcáil dhomhanda i dtaca le barr feabhais san oideachas, taighde, nuálaíocht agus tionchair
4. Méadú a chur ar thionchar domhanda ár scoláireachtaí, taighde agus nuálaíocht
5. Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thimpeallacht chumasaithe do ghníomhaíochtaí domhanda UCD

Tá plean feidhmithe forbartha, mar sin tá an obair cheart faoi lánseol anois agus dul chun cinn á dhéanamh i ngach ceann de na cuspóirí straitéise.

Bhí bliain an-ghníomhach ag gach ceann de na haonaid atá sa Phunann Comhpháirteachais Dhomhanda (An Oifig Idirnáisiúnta, Lár-Ionad na dTeangacha Feidhmeacha, Instiitiúid na hÉireann um Staidéar Sínise agus Institiúid Confucius na hÉireann UCD).

Bhí an fhoireann san oifig Idirnáisiúnta gnóthach ag tacú le gníomhaíochtaí na Scoileanna agus na gColáistí. De thoradh na hoibre sin, tá méadú tagtha ar líon ár mac línn idirnáisiúnta go dtí 7,038, agus 5,591 mac léinn breise i mbun staidéir ar chláir UCD thar lear. Tá páirt níos lárnaí bainte amach ag ár ngréasán d'Ionaid Dhomhanda i SAM, an tSín, an India agus an Áise Thoir Theas, agus tugann siad tacaíocht an-tábhachtach anois dár n-iarrachtaí domhanda. Bhain mé taitneamh as a bheith ag castáil leis an bhfoireann sna hoifigí sin agus ag éisteacht lena dtuairimí faoi dheiseanna ionchasacha in réimsí féin faoi seach.

Eochairchuspóir do UCD is ea comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a bhunú agus i mbliana bunaíodh líon suntasach de chláir chomhoibríocha le comhpháirtithe lean n-áirítear Institiúid Teicneolaíochta Harbin, Ollscoil Chongqing, Ollscoil Chumarsáide na Síne, Cumann Croise Deirge na hIndia agus Cumann Croise Deirge na hÉireann. I SAM, áirithe ar na comhpháirtithe nua staidéir thar lear tá Ollscoil Haváí agus Ollscoil Minnesota.

Tá sé d'aidhm ag ár straitéis dhomhanda méadú a chur ar shoghluaisteacht na foirne, an lucht dáimh agus na mac léinn. I mbliana cuireadh tús leis na chéad soghluaiseachtaí faoin gclár nua Erasmus+Soghluaisteacht Idirnáisiúnta Creidmheasa (ICM); thaistil beirt bhall chuig Ollscoil Hasan Prishtina sa Chosaiv.

Cúis áthais dom a thuairisciú go bhfuil méadú tagtha ar líon na mac léinn malairte agus 670 mac léinn UCD ag baint úsáide as malartú staidéir/cúrsaí oiliúna agus as malairtí Neamh-AE.

Trí Universitas 21 (U21), bronnadh scoláireachtaí taistil ar chúigear fochéimithe UCD chun páirt a ghlacadh sa Scoil Samhraidh U21 ag Ollscoil Shanghai Jaio Tong sa tSín i dtaca leis an téama 'Míochaine Traidisiúnta na Síne agus a Chultúr' agus chuir triúr mac léinn UCD a dtionscadail thaighde i láthair ag an 12ú Comhdháil Thaighde Fochéimithe U21 i Meicsiceo.

Ceann de na chéad turais oifigiúla UCD a ndeachaigh mé féin orthu mar Leas-Uachtarán ar Chomhpháirteachas Domhanda ná chun freastal ar chluichí Áiseacha an CLG i Shanghai, áit ar thug ár bhfoireann idirnáisiúnta peile Gaelaí sárthaispeántas sa chomórtas idirmheánach do mhná ach níl ann ach gur buaileadh aid sa chluiche ceannais. Bhí foireann as Coláiste Idirnáisiúnta Béising-Baile Átha Cliath (BDIC) san iomaíocht ag na cluichí seo agus freisin sna cluichí Domhanda CLG a bhí i mBaile Átha Cliath i mí Lúnasa, ag léiriú mar atá ár ngníomhaíochtaí spórtúla náisiúnta ag aistriú go maith go dtí ár gcampas i mBéising.

Bliain ghnóthach eile a bhí ann do Shaorálaithe Thar Lear UCD (UCDVO) a raibh 134 saorálaí acu páirteach in imeachtaí san India, Nicearagua, an Tansáin, Uganda agus Háítí. Sa Bhealtaine, in éineacht leis an Uachtarán agus comhghleacaithe eile UCD, bhí deis iontach agam léargas pearsanta a fháil ar obair UCDVO in ionad tacaíochta ban i nDeilí.

Chomh maith le bheith ag tacú le mic léinn chun staidéar a dhéanamh thar lear, tá gach dícheall déanta freisin againn feabhas a chur ar thaithí idirnáisiúnta na mac léinn nach dtéann ag taisteal. I ith na bliana, rinneadh ceiliúradh ar lear suntasach imeachtaí idirnáisiúnta i dTolglann Domhanda UCD. Ní amháin go bhfuil na hócáidí ceiliúrtha sin ina n-imeachtaí maith sóisialta, cuidíonn siad freisin chun feasacht a fheabhsú agus ceiliúradh a dhéanamh ar chultúir agus ar ghníomhaíochtaí domhanda.

Bhí an fhoireann chomhpháirteachais dhomhanda páirteach freisin i roinnt imeachtaí céimithe i rith na bliana. Ar cheann de na himeachtaí ba acu ab ea an ceann a d'óstáil Ambasadóir na hÉireann chuig an India, A.O. Brian McElduff, ag a áit chónaithe i nDeilí a tharla ag an am céanna le bronnadh céime oinigh ar an Dr Mohini Giri.

Lean Institiúid na hÉireann um Staidéar Sínise lena n-iarrachtaí chun forbairt theanga agus chultúr na Síne a chur chun cinn. Tá líon na mac léinn atá cláraithe le cúrsaí agus cláir chéime a bhaineann le staidéir Sínise ardaithe go dtí 122 agus 646 faoi seach.

*Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew J. Deeks agus an chuid eile de thoscaireacht UCD leis an Dr Sunita Kaistha agus Amita Sahaya ón NGO, The Society of Working Life, taobh amuigh den ionad oideachais pobail a fhaigheann tacaíocht ó UCDVO i nDeilí.*






*Fáilte chroíúil roimh mhic léinn idirnáisiúnta ag teacht isteach go hAerfort Bhaile Átha Cliath.*

Bhí bliain an-ghnóthach ag Institiúid Confucius na hÉireann UCD a ghlac páirt i réimse de ghníomhaíochtaí agus d'imeachtaí for-rochtana lena n-áirítear: Lá Institiúide Confucius; Féile an Earraigh, Comórtais Bheiriste; Confucius-Cup Go Tournament; Confucius-Cup Table Tennis Tournament agus Fóram Confucius-PhD. Buaicphointe mór amháin ab ea dinnéar ceiliúrtha fhéile an earraigh a thug breis agus 2,000 duine chuig an Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath. Rinne UCD óstáil ar an dinnéar mór ceiliúrtha i gcomhar le hAmbasáid Dhaonphoblacht na Síne in Éirinn, mar aon leis an bpobal Síneach áitiúil. I mí Feabhra, bronnadh Boinn Confucius ar Xu Jianguo, Iar-Ambasadóir na






*Fágann Leon de chuid na Síne blas idirnáisiúnta ar Fhéile UCD.*

Síne go hÉirinn, agus Frank Keane, bunaitheoir agus Cathaoirleach Motor Import Ltd, as an méid ollmhór a bhí déanta acu don chaidreamh idir Éirinn agus an tSín. Rinne UCD óstáil ar Chomhdháil Phlean Eacnamaíochta na hÁise agus tháinig 30 scoláire agus eacnamaí as gach ceard den domhan le chéile ann chun a ndearcadh a roinnt lena chéile faoi chúinsí a bhain le heacnamaíocht na hÁise.

Sa Mhárta, chuir mé fáilte roimh cheapachán an Dr Rachael Fionda mar Stiúrthóir ar Lár-Ionad na dTeangacha Feidhmeacha UCD (ALC). Tá tamall rathúil idirthréimhseach déanta ag an ALC faoi Stiúrthóir nua. Ba é príomhfhorbairt an 12 mhí seo caite ná an t-athchumrú ar na róil thacaíochta agus an t-athbhreithniú ar an struchtúr móriomlán laistigh den Lár-Ionad. Tacaíonn an struchtúr nua leis an ALC i mbaint amach a spriocanna faoin Straitéis Chomhpháirteachais Dhomhanda 2016-2020 agus ina dhiaidh sin.

*Foireann peile Gaelaí as BDIC ag glacadh páirte i gCluichí Gaelacha FEXCO na hÁise, 2015*

Is mian liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh leis an lucht daimh agus an fhoireann go léir a bhfuil a lán déanta acu don iomad gníomhaíocht chomhpháirteachais dhomhanda le bliain anuas. Tá mé ag tnúth a bheith ag obair libh go léir chun na mianta cróga atá i straitéis chomhpháirteachais dhomhanda UCD a thabhairt chun críche.



Dolores O'Riordan,
Leas-Uachtarán Comhpháirteachas Domhanda






*I láthair ag oscailt Ionad Leighis UCD/IEHG in Institiúid Conway, Meitheamh 2016, tá an tOllamh Owen Smith, CBE, Ollamh le Péidiatraic, UCD, Mary Day, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin IEHG Group, an tOllamh Des Fitzgerald, Leas-UachtaránChúrsaíSláinteUCD/CAOIEHG.*



**An tOllamh Desmond Fitzgerald Leas-Uachtaráin Gnóthaí Sláinte**

Rinneadh a lán athruithe ar chóras sláinte na hÉireann i rith na bliana le bunú na seacht ngrúpa ospidéal ar fud na tíre agus a gcomhpháirtithe acadúla ag gach ceann acu faoi seach. Is é UCD an comhpháirtí atá ag an ngrúpa is mó, Grúpa Ospidéal Éireann Thoir (IEHG) agus tá se freisin ar cheann de na comhpháirtithe acadúla cleamhnaithe atá ag an Ospidéal Náisiúnta Péidiatraiceach atáthar a thógáil faoi láthair. Is é an croístraitéis ná an grúpa a fhorbairt mar Ionad Eolaíochta Sláinte Acadúil, d'fhonn feabhas mór a chur ar chúram othar trí oideachas, oiliúint, taighde agus nuálaíocht.

Ireland East HOSPITAL GROUP

## Stiúrthóireacht Acadúil Cliniciúil Ailse (CaCAD) IEHG

Ar an 20 Meitheamh, 2016, sheol an IEHG i gcomhar le UCD an chéad Stiúrthóireacht Acadúil Cliniciúil Ailse (CaCAD) IEHG. Is é an CaCAD an t-ionad oinceolaíochta is mó in Éirinn agus beidh sé fócasaithe ar mhíochaine pearsantaithe don ailse.

An lá céanna ar seoladh an CaCAD, osclaíodh Saoráid Bheacht-mhíochaine CaCAD/IEHG atá lonnaithe in Institiúid Mhic Con Mí UCD arna mhaoiniú faoin gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal agus cómhaoinithe faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Tá an tsaoráid feistithe chun an géanóm daonna a sheicheamhú in aon lá amháin. Comhoibreoidh sé le Córais Bitheolaíochta Éireann, Ionad na Bithfhaisnéisíochta UCD agus an IEHG chun seirbhís agus oiliúint chuimsitheach ghéiniteach a bhunú do chliniceoirí agus d'eolaithe.

*Agus seasca bliain ar an bhfód á gceiliúradh ag foireann Fisiteiripe UCD, bhí na daoine seo a leanas i láthair, ó chlé go deas: Una Cunningham, Ceann an Athraithe, Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae; an Dr Catherine Blake, Scoil na Fisiteiripe, UCD; Dervilla Danagher, Bainisteoir Fisiteiripe, Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae; Mary Day, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin IEHG Group CEO; an tOllamh Brian Caulfield, Déan na Fisiteiripe, UCD agus Stiúrthóir na Cian-Sláinte; Ruth Maher, Stiúrthóir na bPáirtnéireachtaí Sláinte, UCD, an Oifig um Chúrsaí Sláinte; Catherine McLaughlin, Bainisteoir Fisiteiripe, Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann; agus Martina Fitzpatrick, Saineolaí Cliniciúil Matánchnámharlaigh, Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann.*






*I láthair ag seoladh Stiúrthóireacht Acadúil Chliniciúil Ailse IEHG, UCD, bhí (ó chlé go deas) an Dr Eileen Furlong, Scoil na hAltrachta, an Cnáimhseachais agus na gCóras Slainte; an tOllamh Des Fitzgerald, Leas-Uachtarán Chúrsaí Sláinte UCD/ CAO IEHG; Mary Day, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin IEHG; an tOllamh Owen Smith, CBE, Ollamh le Péidiatraic, UCD; an Dr Patricia Fox, Scoil na hAltrachta, an Cnáimhseachais agus na gCóras Slainte.*

CHESS

Initial Training Network – Connected Health

## Oideachas agus Oiliúint

In Eanáir, cuireadh tús leis an MSc nua sa Cothúchán Cliniciúil agus Bia-eolaíocht, an chéad chlár dá leithéid do chéimithe.

I mbliana freisin seoladh grúpa nua, Grúpa Cliniciúil agus Acadúil na Fisiteiripe a bunaíodh idir na rannóga fisiteiripe in Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae, Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann agus UCD. Déanfaidh an chomhpháirtíocht chliniciúil agus acadúil le chéile tuilleadh forbartha ar oideachas agus taighde an disciplín ar fud an ghrúpa ospidéal.

UCD Beacon Hospital Academy

## Acadamh Ospidéal an Beacon

Seoladh Acadamh Ospidéal an Beacon i mí Feabhra. De bhreis ar na cláir churaclam fochéimithe atá ag fás, tá tús curtha freisin le cláir chéimithe agus le comhshaothair thaighde in éineacht le INSIGHT i dtaca le hanailísíocht sonraí agus sláinte chomhghaolmhar. D'aistrigh an tAcadamh isteach i saoráidí nua idirdhisciplíneacha le gairid, rud a chuireann saoráidí ainmnithe ar fáil do na mic léinn fad a bhíonn siad ar shocrúchán le hOspidéal an Beacon.

*Dámhachtain an 'Tionscadal Cúram Sláinte is Inmharthana' á bronnadh ar Acadamh Mater Lean ag na Gradaim Bhliantúla Cúram Sláinte: Mary Day; Sean Paul Teeling; Paula Guerin, Stiúrthóir Gnóthaí Eachtracha, Abbvie; an Dr Martin McNamara, Scoil na hAltrachta, an Cnáimhseachais agus na gCóras Slainte; agus Una Cunningham.*

## An Córas Tacaíochta do Thaighdeoirí Luathchéime na Sláinte Comhleanúnaí (CHESS)

Trína chlár Marie Skłodowska-Curie, déanann an Coimisiún Eorpach maoiniú ar Ghréasán Oiliúna Tosaigh an Chórais Tacaíochta do Thaighdeoirí Luathchéime na Sláinte Comhleanúnaí agus áirithe ansin beidh iasachtaí idirearnálacha, scileanna cumarsáide idirdhisciplíneacha, comhpháirteachais leis an bpobal agus for-rochtain ina mbeidh fócas ar leith ar othair, cliniceoirí agus lucht déanta beartas.

Is mian liom an deis seo a thapú chun cuimhneamh ar ár gcomhghleacaí an tOllamh Aongus Curren a bhásaigh go tragóideach i mí Lúnasa. Go raibh suaimhneas síoraí aige.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas a ghlacadh lenár gcomhghleacaithe i UCD agus sa chóras sláinte níos iomláine as a dtiomantas don bharr feabhais trí oideachas, oiliúint, taighde agus nuálaíocht d'fhonn feabhas a chur ar chúram sláinte agus fionnachtain na heolaíochta laistigh de.

An tOllamh Desmond Fitzgerald
Leas-Uachtaráin Gnóthaí Sláinte
Príomhoifigeach Acadúil, Ireland East Hospital Group



# Acmhainní Daonna





Scoláirí Ad Astra ag imeacht de chuid an O'Brien Centre for Science chun Lá Idirnáisiúnta na mBan an 8 Márta 2016.



**Tristan Aitken**
**Stiúrthóir**
**Acmhainní Daonna**

Tá Acmhainní Daonna UCD ag leanúint dá bhfócas ar an mbealach is fearr chun straitéis daonna a sheachadadh a bheidh ailínithe le Straitéis 2020 na hOllscoile. Sa bhliain seo caite, de bhreis ar an seachadadh ar chuid mhór tionscnamh rathúla atá deartha le hionchas ár ndaoine a fhorbairt, tá forbairt déanta againn, tar éis comhairliúcháin fhorleathan, ar straitéis nua HR UCD. Dá thoradh sin, tá athchumrú leathan déanta ar an bhfeidhm d'fhonn an straitéis uaillmhianach seo a sheachadadh thar na trí bliana seo romhainn. Tá an straitéis roinnte ina cheithre réimse leathana:

1. *Ár seirbhís agus ár gcomhpháirtíocht a athrú ó bhonn* chun fáil a chur ar tháirge níos simplí agus níor dírithe ar sheirbhísí dár gcustaiméirí le gur féidir leo cinntí faoi dhaoine a dhéanamh níos fearr agus níos tapúla.

2. *Cultúr feidhmíochta a fhorbairt* a thacóidh le daoine aonaracha agus foirne chun díriú ar sheachadadh príomhchuspóirí agus feidhmíocht den scoth, agus deis acu freisin a bheith ag fás agus ag forbairt.

3. *Ár dtallann a fhorbairt trí rochtain a chur ar fáil ar idirghabhálacha sprioctha foghlama agus forbartha, ag cinntiú go dtugtar tacaíocht éifeachtúil agus shoiléir dár ndaoine san obair laethúil a dhéanann siad agus iad ag forbairt a ngairmeacha agus a scileanna*.

4. *Aitheantas a fháil mar ollscoil agus mar fhostóir is rogha le daoine* bunaithe ar láidreacht ár ndaoine agus timpeallacht á cur ar fáil a thugann cumas dóibh a bheith rathúil.

### Tá na tionscnaimh seo a leanas curtha ar fáil ag HR UCD in 2016 mar chuid de sheachadadh na straitéise 2020:

#### Ár Seirbhís agus ár gComhpháirtíocht a Athrú ó Bhonn

- Cuireadh tionscadal Pathfinder i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le UCD Agile, chun ár bpróisis a mhionchoigeartaigh agus a shimpliú le feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht ina hiomláine
- Cruthaíodh córas ar líne chun tacú le taighdeoirí iardhochtúireachta
- Tugadh isteach grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána chun tacú leis an dea-chleachtas reachtach is fearr
- Rinneadh dearadh agus óstáil ar chomhdháil náisiúnta IUA HR




*Toscairí ag an gceathrú Comhdháil déag de Chumann na nOllscoileanna (IUA) ar chúrsaí AD an 8 Deireadh Fómhair, 2015, i Halla O'Reilly, UCD.*

*Mar chuid d'Fhéile UCD 2016, d'eagraigh an Grúpa Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (EDI) imeacht dar teideal 'Come & Sing'. Thíos tá baill foirne de chuid UCD in éineacht lena dteaghlaigh a thug stéibh d'amhrán uatha ar stáitse na Féile.*



### Cultúr Feidhmíochta a Fhorbairt

- Tacaíodh le forbairt agus feidhmiú ar Phróiseas nua don Dul Chun Cinn Dámh agus Teicniúil
- Bunaíodh Grúpa Ceannasaíochta Breisithe do UCD agus tá siad ag cruthú cláir rollaigh dá bhforbairt agus dá rannpháirtíocht leanúnach

### Ár dTallann a Fhorbairt

- Cuireadh bailchríoch rathúil ar an gClár Aurora do Mhná i mBun Ceannaireachta agus seoladh clár 2016/17
- Óstáladh reifreann agus ina dhiaidh sin cuireadh athruithe i bhfeidhm ar theidil acadúla

*Toscairí Comhdhála i Seomra Díospóireachta FitzGerald le linn Chomhdháil AD Chumann na nOllscoileanna an 8 Deireadh Fómhair, 2015.*



### Aitheantas a fháil mar Rogha Ollscoile agus Fostóra

- Rannpháirtí príomha do Straitéis UCD Sláintiúil
- Bunú an Ghrúpa um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú chun díriú ar chúinsí lárnacha agus ar ghníomhaíochtaí príomhshrutha
- Bunaíodh an Grúpa Comhairliúcháin na bhFostaithe mar bhealach chun leasú a chur ar ár gcomhpháirteachas lenár gCeardchumainn aitheanta
- Oibríodh i gcomhar leis an bpobal Taighde chun fáil a chur ar Cheardlann um Chothroime Inscne ar fud na hOllscoile
- Bunaíodh Grúpa Tionscadail dár gcéad Shuirbhé Cultúir & Comhpháirteachais atá seolta anois
- Tacaíodh leis na trí ghrúpa Forbartha, Luaíochta agus Aitheantais i rith na bliana seo caite, chun beart suntasach de mholtaí daoine a chur ar fáil don UMT
- Cuireadh tús le hathbhreithniú cuimsitheach ar na trí pholasaí, Dínit & Meas, Smacht agus Casaoid

Tá an clár oibre atá againn don athrú agus don fhás uaillmhianach, cuimsitheach agus tá sé á imscaradh mar thacaíocht do na haidhmeanna agus na huaillmhianta níos leithne atá ag UCD.

Tristan Aitken,
Stiúrthóir Acmhainní Daonna




*An tOllamh Dolores O'Riordan, Leas-Phríomhoide an Idirchaidrimh Dhomhanda; an tOllamh Colin Scott, Príomhoide Choláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí; an tOllamh Andrew J Deeks, Uachtarán UCD; V Mohini Giri, ar bronnadh Céim Oinigh air; an tOllamh Jeremy Simpson, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil; an tOllamh Ravi Thampi, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis; agus an tOllamh Comhlach Eleni Mangina, Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta.*

# Dámhachtainí agus Gradaim


## Daoine ar bronnadh **Bonn Ulysses** UCD orthu



**An tOllamh Susan Haack** as an éacht atá déanta aici i réimse na ndán, go háirithe an fhealsúnacht agus an dlí.



**An tOllamh Axel Honneth** as an méid atá déanta aige le linn a shaoil i réimse na fealsúnachta sóisialta agus na teoirce critice.



**An Dr Lee Hood** as an éacht atá déanta aige i réimse na heolaíochta.




**Thomas Kilroy** as an éacht atá déanta aige i réimse litríocht chomhaimseartha na hÉireann.



**An tOllamh Jeffrey Sachs** as an méid atá déanta aige ar fud an domhain ar mhaithe le forbairt eacnamaíochta agus maicreacnamaíocht dhomhanda, agus ar mhaithe le bochtanas a chur de dhroim seoil.

# Dámhachtainí agus Gradaim

## Dámhachtaithe Alumni Lá Bunaithe UCD



### Yvonne Farrell & Shelly McNamara
Ailtireacht
**Grafton Architects**

Tá an bheirt acu ina n-ollúna cúnta in UCD, tá dámhachtainí go leor bronnta ar an mbeirt acu agus tá a lán foilsithe ag an mbeirt acu ar fud an domhain. Tá taispeántais déanta acu i mBaile Átha Cliath, Páras, Madrid agus Zurich agus léachtaí tugtha acu ar fud na hEorpa agus i Scoileanna Ailtireachta ar fud Mheiriceá.



### Tom Tynan
Talmhaíocht Agus Eolaíocht An Bhia

Tá an tUasal Tyan á cheiliúradh as na héachtaí atá déanta aige i réimse na talmhaíochta le linn a ghairm beatha, lena n-áirítear a cheapachán chuig comh-aireacht AE an Choimisinéara Talmhaíochta, Phil Hogan, ceapachán a rinneadh le gairid.



### An Dr Jim Sheridan
Na hEalaíona
**Stiúrthóir**

Tá an Dr Sheridan ar dhuine de na stiúrthóirí scannán is mó le rá ar domhan. Céimí de chuid Dhámh na nDán is ea a bhfuil an iliomad scannán scríofa, stiúrtha agus léirithe aige agus duaiseanna bronnta air as a n-ucht.



### Nóirín O'Sullivan
Gnó
**Coimisinéir an Gharda Síochána**

Tá Nóirín O'Sullivan, Uasal, ag plé le cúrsaí póilíneachta ar bhonn gairme le beagnach 30 bliain. Ba í an chéad bhean í a ceapadh mar Choimisinéir an Gharda Síochána.



### An Dr Dave Burke
Innealtóireacht
**Leas-Uachtarán na hInnealtóireachta in Google**

D'fhorbair an Dr Burke seirbhís ar líne darb ainm "Street Wise", ceann de chéad aipeanna mapa an domhain a úsáidtear ar fhóin phóca. Tá sé i bhfeighil foireann 300 innealtóir in Google.



## Miriam O'Callaghan
Dlí
**Craoltóir**

Tá dámhachtain á bronnadh ar Miriam O'Callaghan, Uasal, as an méid atá déanta aici i réimse na craoltóireachta. Tá sí ag cur Prime Time, clár ceannródaíoch cúrsaí reatha RTÉ, i láthair ón mbliain 1996 agus duais IFTA buaite aici mar Phearsa Theilifíse na Bliana.



## An Dr Patrick Bradley
Leigheas
**Máinlia Ceannródaíoch**

Tá aithne ar an Dr Bradley i bhfad is i ngearr as an obair agus an taighde atá déanta aige san otairinealaraingeolaíochta: obráidí ar an gceann agus ar an muinéal. Ceapadh é chuig Acadamh Eorpach na hOtairinealaraingeolaíochta agus tugann sé léachtaí ar fud an domhain.



## Virginia Pye
Altranas, Cnáimhseachas Agus Córais Sláinte
**Stiúrthóir Altranas na Sláinte Poiblí**

Aithnítear í as an obair inniúlach atá déanta aici maidir le leas leanaí agus seirbhísí sláinte. Ceann de na héachtaí is mó atá déanta aici ná an Creat Measúnachta um Riachtanais Teaghlaigh don tSláinte Phoiblí a bhunú in 2014 i Lár na Tíre.



## Rena Buckley
Fisiteiripe
**Fisiteiripeoir Cairte agus Réalta CLG**

Tá aithne ar Rena Buckley, Uasal, as a thiomanta atá sí don spórt agus don tsláinte. Is Fisiteiripeoir Cairte í Rena Buckley, Uasal, agus tá sí ar dhuine de na himreoirí is rathúla i stair CLG, agus 14 bonn Uile-Éireann buaite aici.



## Dr Tony Holohan
Sláinte Phoiblí
**Príomhoifigeach Leighis, an Roinn Sláinte agus Leanaí**

Tá an Dr Holohan ina Phríomhoifigeach Leighis le breis agus ocht mbliana anuas agus ról fíorthábhachtach aige maidir le beartais sláinte na tíre seo, lena n-áirítear an tionscadal trasearnála, Healthy Ireland Initiative. Áirítear é mar cheannródaí i gcleachtadh an Leighis Sláinte Poiblí atá bunaithe ar fhianaise.



## An tAthair Peter Mcverry
Eolaíocht
**Gníomhaí Sóisialta**

Tá onóir á tabhairt don Athair McVerry as a shaol ag caitheamh ag iarraidh deireadh a chur le bochtaineacht agus easpa dídine. In 2013, d'oibrigh Peter McVerry le beagnach 3,600 ógánach leochaileach.



## Orlaith Blaney
Eolaíocht Shóisialta
**Príomhfheidhmeannach, McCann Blue**

Tá dámhachtain na hEolaíochta Sóisialta á bronnadh ar Orlaith Blaney, Uasal, as an méid atá déanta aici i dtionscal na fógraíochta in Éirinn. Nuair a ceapadh Orlaith ina stiúrthóir bainistíochta in aois a 32, ba í an Stiúrthóir Bainistíochta ab óige í ar ghníomhaireacht líonra idirnáisiúnta in Éirinn.



## Dermot Weld
Leigheas Tréidliachta
**Traenálaí Capall Rása**

Tá meas agus cion ag daoine ar fud an domhain ar Dermot Weld, Uasal, agus aithne air mar dhuine de na traenálaithe capall rása is rathúla in Éirinn. Is tréidlia díograiseach é an tUasal Weld agus is Ambasadóir é d'Oideachas agus Taighde Treidliachta.

# Dámhachtainí agus Gradaim




## **Céimeanna** Oinigh



### Michael Dowling

An 1 Meán Fómhair 2015. Gradam i réimse na bainistíochta cúram sláinte agus seirbhíse poiblí - Céim Oinigh Dochtúra Eolaíochta.



### Dermot Gallagher

An 1 Meán Fómhair 2015. Gradam sa tseirbhís phoiblí - Céim Oinigh Dochtúra Dlíthe.



### Karsten Harries

An 2 Meán Fómhair 2015. Gradam san fhealsúnacht, i stair na healaíne, sa teoiric ailtireachta - Céim Oinigh Dochtúra Litríochta.



### Rosemary Cramp

An 3 Meán Fómhair 2015. Gradam san fhealsúnacht, i stair na healaíne, sa teoiric ailtireachta - Céim Oinigh Dochtúra Litríochta.



### Áine Hyland

An 3 Meán Fómhair 2015. Gradam as cur leis an oideachas in Éirinn ar gach leibhéal agus le saol poiblí na hÉireann - Céim Oinigh Dochtúra Litríochta.




### Stephen Katz

An 2 Deireadh Fómhair 2015. Gradam sa Leigheas, go háirithe sa taighde ar an imdhíoneolaíocht agus ar an deirmeolaíocht - Céim Oinigh Dochtúra Eolaíochta.



### Máire Geoghegan Quinn

An 2 Nollaig 2015. Aitheantas a thabhairt do "ghairm bheatha Éireannaigh mná a bhí ina ceannródaí maidir le hathruithe sóisialta agus inniúlacht a bhrú chun cinn, trína cuid gníomhartha agus eiseamláire." - Céim Oinigh Dochtúra Eolaíochta.



### Paul Haran

An 4 Nollaig 2015. Gradam i réimse na heolaíochta bainistíochta agus an riaracháin gnó, go háirithe as an méid atá déanta aige i réimse na seirbhíse poiblí - Céim Oinigh Dochtúra Dlíthe.




## Maureen O'Hara

An 4 Nollaig 2015. Gradam san Airgeadas - Céim Oinigh Dochtúra Dlíthe.



## Catriona Crowe

An 25 Aibreán 2016. Gradam sna cartlanna, sa stair phoiblí, agus i gcur chun cinn na n-institiúidí náisiúnta cultúir - Céim Oinigh Dochtúra Litríochta.




## Roy Foster

An 25 Aibreán 2016. Gradam sa scoláireacht, go mór mór mar staraí agus beathaisnéisí liteartha - Céim Oinigh Dochtúra Dlíthe.



## Gerard Hogan

An 25 Aibreán 2016. Gradam sa Dlí - Céim Oinigh Dochtúra Dlíthe.



## Joe Lee

An 25 Aibreán 2016. Gradam i Stair na hÉireann, mar acadóir atá tar éis tionchar a bheith aige ar an saol poiblí agus a bhfuil a ainm in airde mar dhuine a thacaíonn go láidir leis an Léann Éireannach - Céim Oinigh Dochtúra Dlíthe.



## Michael Mann

An 25 Aibreán 2016. Gradam san acadúlacht - Céim Oinigh Dochtúra Litríochta.



## Victor Laing

An 25 Aibreán 2016. Gradam i réimse Nua-Stair na hÉireann, go háirithe as cartlanna a bhaineann leis an stair mhíleata sa tréimhse 1910 go 1923 - Céim Oinigh Dochtúra Dlíthe.




## V. Mohini Giri

An 7 Bealtaine 2016. Gradam i réimse na hoibre sóisialta agus an taighde shóisialta - Céim Oinigh Dochtúra Eolaíochta.



## Conor Ward

An 2 Meitheamh 2016. Gradam sa Leigheas (an Phéidiatraic agus an Chairdeolaíocht Phéidiatraiceach) - Céim Oinigh Dochtúra Eolaíochta.




# Ceapacháin

## Ceapacháin Nua

Leagtar amach sa tábla thíos na ceapacháin acadúla a rinneadh sa tréimhse an 1 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Lúnasa 2016, maidir le poist mar Ollamh agus Lán-Ollamh, agus tá idir dhaoine nua a earcaíodh agus bhaill foirne UCD i gceist.

### Ceapacháin Lán-Ollaimh

| | |
|---|---|
| An tOllamh James Devenney | **Scoil an Dlí UCD** |
| An tOllamh Fengzhou Fang | **Scoil na hInnealtóireachta agus Ábhar UCD** |
| An tOllamh Federica Pazzaglia | **Scoil Ghnó UCD** |
| An tOllamh Ronan Powell | **Scoil Ghnó UCD** |
| An tOllamh Andy Prothero | **Scoil Ghnó UCD** |
| An tOllamh Owen Smith | **Scoil Leighis UCD** |

### Arduithe Céime Lán-Ollaimh

| | |
|---|---|
| An tOllamh Danielle Clarke | **Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD** |
| An tOllamh Sheila O'Donnell | **Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil UCD** |

### Ceapacháin Ollaimh

| | |
|---|---|
| An tOllamh Kalpana Shankar | **Scoil an Léinn Eolais agus Cumarsáide UCD** |

### Arduithe Céime Ollaimh

| | |
|---|---|
| An tOllamh Porscha Fermanis | **Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD** |
| An tOllamh Suzanne Kingston | **Scoil an Dlí UCD** |
| An tOllamh Valerio Poti | **Scoil Ghnó UCD** |



# Scor d'Oifig

## Seirbhísí TF

**Seamus Shaw**

Scoir Seamus Shaw, Príomhoifigeach Teicneolaíochta UCD, d'oifig i mí Iúil 2016. Tháinig Seamus isteach in UCD sa bhliain 2000 agus bhí freagracht air i ndáil le Seirbhísí TF na hollscoile ar fad. I rith a théarma oifige 16 bliana, leag sé béim ar sheirbhís custaiméara chomh maith le tús áite a thabhairt do chláir agus do thionscadail agus cláir agus tionscadail a chur i bhfeidhm. Guímid gach rath air.

## An Chlárlann

**Sandra Doyle**

Scoir Sandra Doyle d'oifig i Seirbhísí Riaracháin i mí na Samhna 2015 tar éis a bheith ag obair in UCD ó bhí an bhliain 1977 ann. D'oibrigh Sandra in Oifig an Chláraitheora/sa Chlárlann ar feadh an chuid is mó dá gairmréim ach ba é an ról is déanaí a bhí aici ról mar phríomhbhall d'fhoireann na dTaifead Mac Léinn áit a raibh meas mór ar a thuiscint agus ar a taithí.

## An Leabharlann

**Stella Bowers**

Tháinig Stella isteach i bhfoireann Leabharlann UCD i Márta 1981 agus scoir sí d'oifig sa bhliain 2016. D'oibrigh Stella i réimse na Bainistíochta Bailiúchán ar feadh a chuid is mó dá gairmréim, áit a raibh meas uirthi mar gheall ar chruinneas agus ar chríochnúlacht a cuid oibre.

**Helena Finnegan**

Tháinig Helen isteach i bhfoireann Leabharlann UCD i mí Dheireadh Fómhair 1992 agus scoir sí d'oifig sa bhliain 2016. D'oibrigh Helena mar Chúntóir Leabharlainne i réimse na Seirbhísí Cliaint agus seirbhís agus treoir á soláthar d'úsáideoirí aici.

**Maria McCormack**

Tháinig Maria isteach i bhfoireann Leabharlann UCD i mí Iúil 1997 agus scoir sí d'oifig sa bhliain 2016. D'oibrigh Helena mar Chúntóir Leabharlainne i réimse na Seirbhísí Cliaint agus seirbhís agus treoir á soláthar d'úsáideoirí aici.

**Sarah McLaughlin**

Tháinig Sarah isteach i bhfoireann Leabharlann UCD i mí Dheireadh Fómhair 2007 agus scoir sí d'oifig sa bhliain 2016. Ina ról mar Leabharlannaí Dualgais, d'oibrigh Sarah sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine de ghnáth. Saintréith dá gairmréim in UCD ab ea an suaimhneas a léirigh sí nuair a bhí brú oibre ann agus a tiomantas i leith seirbhís ardchaighdeáin a thabhairt do gach duine.

**Maeve Tannam**

Tháinig Maeve isteach i bhfoireann Leabharlann UCD i mí Lúnasa 2000 agus scoir sí d'oifig sa bhliain 2016. I rith ghairmréim Maeve, d'oibrigh sí sa Leabharlann Altranais i nDroichead na Dothra, i Leabharlann Richview agus, le deireanas, mar Cúntóir Sinsearach Leabharlainne sa Leabharlann Eolaíochtaí Sláinte. Bhí meas mór ar a stuamacht agus ar a críonnacht.

## Seirbhísí Eastáit

**Margaret Wyer**

Tháinig Margaret go UCD an 27 Samhain 1978 agus d'fhreagraíodh sí an guthán ag an Lasc-Chlár i UCD. Bhí sí groíúil geanúil agus í ag caint le comhghleacaithe ar an bhfón. Scoir sí an 10th Samhain 2015.

# Scor d'Oifig



## Taighde in UCD

### Institiúid Conway UCD

**Pádraig O Murchú**

Thug Pádraig seirbhís thiomanta, dhíograiseach ar feadh 47 bliain in UCD. Tar éis dó tosú sa Roinn Cógaseolaíochta ag tabhairt aire d'ainmhithe i mí Feabhra 1969, cuireadh ag obair sa cheardlann mheicniúil é, áit a bhfuair sé a ghairm le fírinne. Thug sé faoi roinnt cúrsaí páirtaimseartha ansin agus tá cáilíochtaí bainte amach san innealtóireacht mheicniúil, sa leictreonaic, san innealtóireacht cuisniúcháin, agus san fheistiú agus sa chasadh. Ón mbliain 2003 amach, tá Pádraig i bhfeighil na ceardlainne meicniúla in Institiúid Conway in UCD, ag freastal ar riachtanais an phobail taighde ansin. Níl teorainn lena chuid scileanna agus a chumas fadhbanna a réiteach. Dhear agus thóg Pádraig go leor feirí chun earraí ar nós spreagthóirí bitheolaíochta agus soláthair chumhachta leictreafóiréise a stóráil ar an mórchóir, mar aon le dearadh 'aon-uaire' saincheaptha a dhéanamh. Níor theip ar oiread is rud amháin dár thóg sé go meicniúil riamh. Chuir Pádraig seirbhís fhíorthábhachtach ar fáil agus b'eiseamláireach an t-oibrí maidir le tiomantas agus díograis. Braithfimid uainn go mór é.

### Séiplínigh

**An tOirmhinneach John McNerney**

Tháinig an tAthair John go Séiplíneacht UCD i 1994 agus ba é an príomhshéiplíneach é ar feadh breis agus leath an ama a thug sé anseo, nó gur éirigh sé as i mí Feabhra 2016. Anuas ar na dualgais riaracháin agus cheannaireachta a bhí air mar phríomhshéiplíneach, ba thréadaí breá é. Thug sé sé sólás agus suaimhneas do mhic léinn agus do bhaill foirne araon nuair a bhí an saol ag dul dian orthu. Ba léir an méid sin nuair a bhuail tubaiste do mhic léinn, (lena n-áirítear na mic léinn a chuir lámh ina mbás féin, a raibh líon nach beag acu ann) agus bhíodh an tAthair John i gcónaí i dteannta ghaolta agus chairde na ndaoine a cailleadh chun tacaíocht agus sólás a thabhairt dóibh. Lena chois sin, bhí sé ina chathaoirleach ar Choiste Leasa na Mac Léinn ar feadh cuid mhaith blianta agus, ar an ábhar sin, thuig sé na deacrachtaí a bhí ag mic léinn agus d'fhéach leis na deacrachtaí sin a réiteach trína chuid gníomhartha. Bronnadh PhD san Fhealsúnacht air in UCD agus chuir sé a chuid réasúnaíochta fealsúnachta agus suáilcí na Críostaíochta ag obair i dteannta a chéile agus é ag tabhairt faoina chuid dualgas acadúil agus tréadach san ollscoil.

## Coláiste na nDán agus na nDaonnachtaí

### Scoil Stair na hEalaíne agus Beartais Chultúir

**An tOllamh Paula Murphy**

Thosaigh Paula ag múineadh stair na healaíne in UCD i 1980, ag díriú ar ealaín na tréimhse nua-aimseartha. Dhírigh sí ina cuid taighde ar dhealbha na hÉireann, ar bronnadh Bonn Óir an RHA uirthi as a ucht in 2015. Is é an foilseachán is deireanaí dá cuid ná Art and Architecture of Ireland, Vol 3 Sculpture 1600-2000 (Yale, 2014).

### Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta

**An Dr Catherine Leeney**

Bhí Cathy ina léachtóir le drámaíocht ó thús na 1990í amach agus tá an grá atá aici don amharclannaíocht roinnte aici le go leor leor mac léinn, glúin i ndiaidh glúine, ó shin i leith. Tá sí ar thús cadhnaíochta ina cuid scoláireachta i réimse na hamharclannaíochta Éireannaí; d'fhoilsigh sí Irish Women Playwrights, 1900-1939, saothar ceannródaíoch, sa bhliain 2010, agus bhí sí ar dhuine d'eagarthóirí an leabhair The Theatre of Marina Carr (2003). Is í a roghnaigh agus a chuir faoi bhráid an phobail an chéad chnuasach de dhrámaí nua le mná as Éirinn, sa saothar Seen and Heard (2001).

**An tOllamh Anthony Roche**

Tháinig Tony go Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta i 1990 agus chuir sé go han-mhór le múineadh, taighde agus saol cultúrtha na Scoile. Tá a lán lán foilsithe aige, ina measc, The Irish Dramatic Revival, 1899-1939 (2015); Synge and Modern Irish Drama (2013) agus Contemporary Irish Drama [Second Edition] (2009).

### Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta

**An Dr Annette Flynn**

Tháinig Annette go UCD i Meán Fómhair 2002 agus d'oibrigh i Scoil na Litríochta agus na dTeangacha (Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta na linne seo). Ba léachtóir le Spáinnis í. Chuaigh sí ar scor an 1ú Eanáir 2016.

### Coláiste an Ghnó

**Sheila Baynes**

Chuaigh Sheila ar scor i mí an Mhárta tar éis di a bheith ag obair ar feadh 30 bliain. Thosaigh Sheila ag plé le Cuntasaíocht sa Dioplóma sa Chuntasaíocht Phroifisiúnta (DPA), arb ionann é an Clár Máistir Cuntasaíochta atá anois ann, i 1986, agus ba i gCaisleán na Reabóige a bhí sí lonnaithe. Bhog sí go campas na Carraige Duibhe i 1990. In Oifig Chlár Scoile Smurfit a bhíodh sí lonnaithe ar maidin agus in Oifig an Chláir Leighis Tréidliachta i mBelfield a bhíodh sa tráthnóna. Chuir Sheila go mór le hobair na Scoileanna Gnó agus Tréidliachta ar bhonn gairmiúil agus ar bhonn pearsanta fad a bhí sí ag obair ann.

**An Dr Dan Golden**

D'éirigh Dan as a phost mar léachtóir le hairgeadas i mBealtaine na bliana 2016. Bhain sé céim innealtóireachta amach in Ollscoil Princeton agus thug faoi dhochtúireacht in Ollscoil North Carolina in Chapel Hill. Tháinig Dan go UCD i mí Mheán Fómhair 1996 agus bhí an-mheas ar a chuid oibre i Scoil Smurfit agus i Scoil Quinn araon. Bhunaigh Dan an cúrsa MSc san Airgeadas Cainníochtúil i Scoil Smurfit, cúrsa ar éirigh an-mhaith leis, agus bhí sé ina Stiúrthóir ar an gcúrsa sin idir 2003 agus 2007.

## Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta

### Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil

**Gerard Cahill**

Mhúin Gerry, Léachtóir Stiúideo, ar an gcúrsa ailtireachta le breis agus 30 bliain. Is mór an tionchar a bhí aige le linn an ama sin. Múinteoir ionspioráideach a bhí ann agus spreag sé na glúine mac léinn lena thiomantas do ról sóisialta na hailtireachta, a chuid léargas ar an bpróiseas dearaidh agus an grá a bhí aige don líníocht agus don sceitseáil.

**Michael Murphy**

Bhí Michael i gceannas an Fhoirgnimh Saotharlainne in Richview ó 2001 amach, agus chuir sé an áit in oiriúint don mhúineadh agus don taighde. Thugadh sé misneach agus tacaíocht do mhic léinn i gcónaí agus iad ag déanamh samhlacha agus turgnamh. Dhéanadh sé ceardlanna agus mhíníodh teicnící tógála agus ceirde, ag tarraingt ar a chuid taighde agus a chuid eolais féin. Ba mhór an tionchar a bhí aige ar éiteas na scoile.

## Coláiste na Sláinte agus na nEolaíochtaí Talmhaíochta

### Lyons Farm

**Michael Hegarty**

Tháinig Michael go UCD i 1970 agus chaith sé a shaol oibre ag tacú le cláir thalmhaíochta agus leighis tréidliachta, ar chuid d'áiseanna teagaisc agus taighde feirme UCD iad.

### Scoil an Altranais, an Chnáimseachais agus na gCóras Sláinte

**Anne Marie Fahy**

Tháinig Anne go UCD i mí Lúnasa 2006. D'oibrigh sí mar léachtóir le haltranas leanaí agus bhí ról fíorthábhachtach aici sa roinn maidir lena chinntiú gurbh fhéidir an méid a mhúintear agus a fhoghlaimítear san ospidéal i dtaca le haltranas leanaí a thabhairt isteach sa seomra léachta san ollscoil.

### Scoil an Leighis

**Bríd McCormack**

Fostaíodh Bríd i Scoil an Leighis i 1997, áit a raibh sí ag plé le Leigheas Fóiréinse agus Dlí. I mbliana a chuaigh sí ar scor. Ba í an t-aon riarthóir sa Scoil í, ról a raibh saineolas aici air, agus bhí sí ina Cúntóir Feidhmiúcháin ar feadh breis agus 18 bliain. Bhí sí díograiseach agus tiomanta dá cuid comhghleacaithe, do na mic léinn agus don Scoil féin ar bhealach nach bhféadfaí dearmad a dhéanamh air.

**Gary Perry**

Tháinig Gary go UCD i 1985 mar fhreastalí saotharlainne i Saotharlainne Diagnóiseacha na Paiteolaíochta (Scoil an Leighis). Tugadh ardú céime dó agus ceapadh é ina oifigeach teicniúil san Anatamaíocht. I 1998 ceapadh ina chomhordaitheoir é ar an gClár Deontóirí Coirp agus lean leis an obair fhíorthábhachtach sin gur éirigh sé as le gairid.

### Scoil an Leighis Tréidliachta

**An tOllamh Stephen Carrington**

Ceapadh Stephen ina Ollamh le hAnatamaíocht Tréidliachta in UCD i 1999, tar éis dó bheith i Scoil Tréidliachta Bristol, nuair a bhí foireann Roinn Leighis Tréidliachta á n-ullmhú féin chun bogadh go campas Belfield. Bhain sé cáilíocht amach sa Leigheas Tréidliachta agus sa Mháinliacht in Ollscoil Dhún Éideann. Tá PhD aige ó Ollscoil Learpholl agus is saineolaí é i réimse na hOftailmeolaíochta Tréidliachta. Le linn dó a bheith ag obair in UCD, ba é Ceann na nEolaíochtaí Bitheacha Tréidlia é agus bhí sé i bhfeighil grúpa mac léinn céime agus Comhaltaí iardhochtúireachta a fuair maoiniú go leor agus a raibh an-toradh ar a gcuid oibre. Is mór is cás le Steve múineadh na hatamaíochta tréidliachta dóibh siúd a bheidh ina dtréidlianna amach anseo agus thug sé isteach a lán modúl inniúlach i dtoll a chéile sa réimse sin. Tá sé tar éis cur go han-mhór le dul chun cinn Scoil Tréidliachta UCD ó bogadh go campas Belfield í sa bhliain 2002.

### An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Víreas

**Anne Casey**

Fostaíodh Anne sa tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Víreas in UCD mar Chúntóir Feidhmiúcháin in 2005 agus ba bhall tábhachtach den fhoireann riaracháin í. Bhí Anne chomh tiomanta dá cuid oibre is a chonaic tú riamh.

**Winifred O'Connor**

Fostaíodh Winnie sa tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Víreas in UCD i mí na Nollag 1993. Mar Oifigeach Teicniúil Sinsearach, rinne Winnie go leor fiosrúchán diagnóise víreas bunaithe ar shamplaí othar. B'eiseamláir í chomh fada lena tiomantas agus a díograis.

### Cleachtas Teaghlaigh an Choim

**Deirdre Langton**

Tháinig Deirdre go UCD i mí Feabhra 1996 agus chuaigh ar scor i mí an Mhárta 2016. Ba bhainisteoir cleachtais í ag Cleachtas Teaghlaigh an Choim.

## Coláiste na hEolaíochta

### Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Timpeallachta UCD

**William Clarke**

Ba bhall den fhoireann theicniúil é Billy ó 1980 go dtí 2015. Thosaigh sé in UCD leis na Grúpaí Éiceolaíochta a raibh an tOllamh John Bracken agus an Dr Brenda Healy i gceannas orthu. Ina dhiaidh sin, chuaigh sé ag obair leis an Dr Michael Ryan ar Éiceolaíocht Cheimiceach na gcaidreamh idir feithidí agus plandaí. Ón mbliain 1999 amach, chuaigh sé ag plé le hÉiceolaíocht na Mamach leis an Ollamh Tom Hayden. Tá aithne ar William mar ghrianghrafadóir cumasach; sna 1990í chuir sé dhá leabhar i dtoll a chéile ar éin na hAfraice Thiar agus ceann eile ar mhamaigh na hÉireann. Tá sé i mbun na grianghrafadóireachta i gcónaí.

**An tOllamh Philip Newsholme**

Fostaíodh Philip Roinn na Bithcheimice i 1993, áit a ndearna sé staidéar ar rialú thál na hinsline agus tionchar athraitheach na haclaíochta ar an meitibileacht. In 2008, ceapadh ina Cheann ar Bhithcheimic é i Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis. Is é Ceann Scoil na nEolaíochtaí Bithleighis é in Ollscoil Curtin san Astráil faoi láthair.

### Scoil na nDomhaneolaíochtaí

**An tOllamh Ian Somerville**

Fostaíodh Ian i Roinn na Geolaíochta, UCD, i 1979. Rinneadh Léachtóir Sinsearach de i 1996 agus Ollamh Cúnta in 2008. Is é an réimse taighde atá aige ná an phailé-ointeolaíocht Charbónmhar agus an bhithstratagrafaíocht. Spreag Ian na glúine mac léinn sa seomra ranga agus réimse taighde seo. Is Ollamh Emeritus anois é i Scoil na nDomhaneolaíochtaí.

## Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí

### Scoil na Fealsúnachta UCD

**An tOllamh Gerald Casey**

Bhí Gerald ina Cheann Scoile agus ina bhall tofa den Údarás Rialaitheach. Chaith sé tríocha bliain ag obair in UCD agus le linn an ama sin, chuir sé léann agus oideachas chun cinn i gcuid mhaith réimsí staidéir, ina measc an fhealsúnacht liobraíoch agus mhorálta.


**An tOllamh Fran O'Rourke**


Chuir Fran go mór le réimse na meitifisice clasaicí agus leis an scoláireacht a bhaineann le saothair James Joyce le linn a ghairm bheatha ghradamúil in UCD. Mhúin sé i réimsí leathana fealsúnachta fad a bhí sé ann.


### Scoil na Socheolaíochta UCD


**An Dr Anne Cleary**


Ba Scoláire Fulbright agus Scoláire Sinsearach IRCHSS í Anne. Bhí sí ina Leas-Cheann Scoile agus chuir sí go mór leis an tsocheolaíocht a bhaineann le sláinte, folláine agus inscne an duine, agus le forbairt an oideachais agus na scoláireachta i réimse na socheolaíochta in Éirinn.









PERCIVAL HAVELOCK ACHESON
JAMES FRANCIS ADAMS
HENRY THOMAS WARD ALLATT ● THOMAS ALLEN
BRIDGET ALLEN ● JOSEPH CHRISTOPHER ANDREWS
JOHN HERBERT ARMSTRONG ● JOHN BALLANTYNE
ALICE BAMBRICK ● ARTHUR BANKS
FREDERICK CHARLES BANTING ● GEORGE WILLIAM BARKS
GEORGE WILLIAM BARNETT ● HAROLD BARRATT
JOHN BARRATT ● BRIDGET BARRY ● WILLIAM BARTER
PATRICK BEALIN ● JOHN BEIRNES ● OSCAR BENTLEY
JAMES BLAYNEY ● JOHN SAMUEL BLISSETT ● JAMES BLUNDELL
HENRY BOND ● HAROLD BOURNE ● JOHN REGINALD BOWCOTT
JAMES HORACE BRADFORD ● JAMES BRADY ● JOHN BRENNAN
FRANCIS A BRENNAN ● MALACHY BRENNAN ● JOHN BRENNAN
HAROLD BRINDLEY ● PATRICK BROSNAN
GEORGE BROWN ● MONTAGUE BERNARD BROWNE
FRANCIS HENRY BROWNING
JULIA BRUNELL ● MARY BRUNSWICK
LUCY BUCKLEY ● WILLIAM FRANCIS BURKE
FREDERICK WILLIAM ROBERT BURKE
RICHARD BUTLER ● LOUIS BYRNE
JOHN BYRNE ● PATRICK BYRNE
EDWARD BYRNE ● JAMES BYRNE
ANDREW JAMES BYRNE ● JAMES BYRNE
CHRISTINA CAFFREY ● GEORGE WILLIAM CAHILL
ANNE JANE CALDWELL ● JAMES HOWARD CALVERT
MICHAEL CARR ● WILLIAM CARRICK
CHARLES CARRIGAN ● JAMES JOSEPH CARROLL
ROGER CASEMENT
JOSEPH CASEY ● JAMES CASHMAN
CHRISTOPHER CATHCART ● JAMES CAVANAGH
EAMONN CEANNT
THOMAS HENRY CHAPMAN ● JAMES CHICK
JOSEPH CLARKE ● PHILIP CLARKE ● RICHARD CLARKE
THOMAS J CLARKE
JAMES CLEARY ● REGINALD FRANCIS CLERY
JAMES JOSEPH COADE ● ARTHUR ELIAS COBBOLD
CORNELIUS COLBERT ● MARY ANNE COLE
THOMAS ALBERT COLLINS ● JULIA CONDRON
JOHN CONNOLLY ● WILLIAM CONNOLLY
PETER CONNOLLY
JAMES CONNOLLY
MARY CONNOLLY ● CHRISTOPHER CONNOR
JOHN COOKE ● CORBIN ● JAMES CORCORAN
HERBERT JOHN CORDWELL ● JAMES HAMLET CORNWELL
MARY ANNE CORRIGAN ● EDWARD COSGRAVE
EDWARD JOSEPH COSTELLO ● JOHN COSTELLO

JOHN COSTELLO
JANE COSTELLO ● THOMAS COUGHLAN
CLEMENT COURTNEY ● THOMAS KEARSE COWLEY
RICHARD COXON ● HENRY COYLE ● JOHN COYLE ● JULIA CRAWFORD
JOHN CREAVEN ● JOHN CRENIGAN ● CHARLES LOVE CROCKETT
JOHN CROMIEN ● JOSEPH CULLEN ● JAMES CUNNINGHAM
MARY CUNNINGHAM ● ANDREW CHRISTOPHER CUNNINGHAM ● FRANCIS CURLEY
HAROLD CHARLES DAFFEN ● MARGARET DALY ● EDWARD DALY ● CHARLES DARCY
ERNEST DAVENPORT ● CATHERINE DAVIS ● JOHN DAWSON ● PATRICK DERRICK
HARRY DICKINSON ● THOMAS DICKSON ● FREDERICK CHRISTIAN DIETRICHSEN
PATRICK DIGNAM ● ROBERT DILLON ● HENRY CHARLES DIXEY
CHARLIE THOMAS DIXON
STEPHEN PATRICK DOYLE
CECIL EUSTACE DOCKERAY
THOMAS DOYLE ● JOHN DOYLE
BRENDAN DONLAN ● JOHN DONNELLY
DANIEL DOYLE ● JAMES DUFFY
THOMAS DONNELLY
CORNELIUS DUGGAN ● RICHARD DUNLEA
MOSES DUNNE ● EDWARD DUNNE
DOMINICK THOMAS DONOHOE
JOHN DUNPHY ● JOHN DWAN
JOSEPH DONOHOE
MARY DWYER ● ALFRED GODDARD ELLIOTT
JAMES DOOLEY ● DENIS DORGAN
ALFRED ELLIS ● PETER ENNIS
MOSES DOYLE ● JOHN DOYLE
GEORGE ENNIS ● EDWARD ENNIS
PATRICK DOYLE ● JOHN DOYLE
PETER FAHEY ● ERNEST FARNSWORTH
JEREMIAH FARRELL ● PATRICK FARRELL ● JOHN FARRELLY ● PAUL FEENEY ● JOHN JOSEPH FENNELL
PATRICK FENNELL ● ARTHUR FERRIS ● PATRICK FETHERSTON ● FRANCIS FINLAY
JAMES FINNEGAN ● WILLIAM FINNEGAN ● JOHN HENRY FLETCHER
JOHN FLYNN ● MICHAEL FLYNN ● THOMAS FORAN ● JOHN ROBERT FORTH ● JOHN FRANCIS FOSTER
WILLIAM FOX ● JAMES FOX ● ERNEST FOX ● JAMES FRAZER ● PATRICK FRIEL
WILLIAM FRITH ● NEVILLE NICHOLAS FRYDAY ● ROBERT GAMBLE
GEORGE GEOGHEGAN
JOHN HENRY GIBBS ● JOHN GIBNEY
ROBERT GLAISTER ● DAVID GLENNON
PATRICK JOSEPH GERAGHTY
MICHAEL GLYNN ● JAMES GORMLEY
JOSEPH GERAGHTY
JOSEPH GOSS ● ANDREW GOULDING
GEORGE GRAY ● ALEXANDER GRAY
PATRICK GREEN ● WILLIAM GREGG
HENRY HARE
ROBERT CANTEBURY HALL
ABRAHAM HARRIS
WILLIAM JAMES HALLIDAY ● JOHN HANNA
PATRICK HARRIS
ELIZABETH HANRATTY ● THOMAS HARBORNE
THOMAS HARRISON ● WILLIAM VICTOR HAWKEN ● MORGAN HAYES
CHARLES HAYTER ● JAMES DAVID ARTHUR HEADLAND ● JOHN HEALY
JAMES PATRICK HEALY ● WILLIAM HEAVEY ● ROBERT PATRICK HEENEY
SEAN HEUSTON ● HENRY MEYRICK HEWETT ● JAMES HICKEY ● THOMAS HICKEY
CHRISTOPHER HICKEY ● CHRISTOPHER HEGGINS ● PATRICK HOEY ● JOHN HOEY
JEREMIAH HOGAN ● JAMES HOGAN ● ARTHUR HOLBROOK ● LUKE HOLLAND
JOSEPH HOSFORD ● JOHN BERNARD HOWARD ● CHARLES HOYLE
FREDERICK JOHN HUGHES ● MICHAEL HUGHES ● JOHN WILLIAM HUMFREY HUMPHREYS
WILLIAM HENRY HUMPHRIES ● GODFREY JACKSON HUNTER ● JOHN HURLEY
SÉAN HURLEY ● CHARLES HACHETTE HYLAND ● PATRICK IVORS
WILLIAM EDGAR MOY JAMES ● PERCY JEFFS
JAMES JESSOP ● FRANK JOBBER
ROBERT JOHNSTON

Irish Independent


www.akgraphics.ie
11783B











CHRISTOPHER JORDAN
THOMAS MORAN JOZÉ ● JANE KANE
ERNEST KAVANAGH ● CHARLES KAVANAGH
MICHAEL KAVANAGH ● ALEXANDER KEANE ● JOHANNA KEARNS
CORNELIUS KEATING ● FRANCIS KEEGAN ● JOHN KEELY ● ALBERT KEEP
MARGARET KEHOE ● LAURENCE KELLY ● JAMES KELLY ● DENIS KELLY
PATRICK KELLY ● MARY KELLY ● MARY KENNY ● RICHARD KENT
THOMAS KENT ● THOMAS KENYON ● MICHAEL KEOGH ● GERALD KEOGH
JOHN KIRWAN ● ALBERT JAMES KITCHEN
HENRY KNOWLES ● FRANCIS WILLIAM WHITE KNOX
MICHAEL LAHIFF ● WILLIAM LANG
PETER JOSEPH LAWLESS ● CHRISTOPHER LAWLOR ● MICHAEL LEAHY
PATRICK LEEN ● MARY LENNON ● KATE LENNON ● WILFRED LLEWELLYN
SAMUEL LONG ● FRANCIS LUCAS ● ALGERNON LUCAS
PATRICK LYNCH ● JOHN HENRY MACNAMARA
SEAN
MACDIARMADA
THOMAS
MACDONAGH
FRANCIS MACKEN ● PETER (PAUL) MACKEN
ROBERT ANDERSON MACKENZIE
WILLIAM MAGUIRE ● MICHAEL MALLIN
JOHN MALLON ● MICHAEL MALONE
PETER PAUL MANNING ● PATRICK MARTIN
JOHN MCBRIDE ● HARRIET MCCABE
MICHAEL MCCABE ● JOHN MCCARTHY
JAMES MCCARTNEY ● ALEXANDER MCCLELLAND
JAMES MCCORMACK ● JAMES MCCORMACK
JAMES MCCULLOUGH
ANDREW MCDONNELL
WILLIAM MCDOWELL ● JOHN MCELVERY
EDWARD MCGALEY ● CHARLES MCGEE
MARGARET MCGUINESS ● RICHARD MCHALE
PATRICK MCINTYRE ● BRIDGET MCKANE
MICHAEL MCKILLOP ● JAMES MCLOUGHLIN
RAPHAEL MCLOUGHLIN ● PATRICK MCMANUS
JOHN MEAGHER ● JOHN MEEGAN
THOMAS MELEADY ● JULIA MERON
THOMAS HENRY MILLER
CHRISTOPHER MILLER ● CHARLES MONAHAN
CHRISTOPHER MOORE ● WILLIAM MOORE
JAMES MOORE ● ELIZABETH MORAN
MARY MORRIS ● NATHANIEL MORTON
JOHN MULHERN ● WILLIAM MULLEN

LAURENCE MULLIGAN
WILLIAM MULRANEY ● JAMES ARTHUR MULVEY
MICHEAL MULVIHILL ● EDWARD MURPHY ● RICHARD MURPHY
JOHN MURPHY ● GEORGINA MURPHY ● CATHERINE MURPHY
JOHN MURRAY ● JOSEPHY MURRAY ● DANIEL JOSEPH MURRAY ● ANNIE MYERS
MARGARET NAYLOR ● JOHN NEAL ● PATRICK NEALAN ● JAMES CRAWFORD NEIL
GERALD ALOYSIUS NEILAN ● MARY NEILL ● ALBERT NEWLAND ● JAMES NOLAN ● MARGARET NOLAN
MICHAEL NUNAN ● ROBERT F. O'BEIRNE ● JAMES O'BRIEN ● JOHN O'CALLAGHAN ● RICHARD O'CARROLL
JOHN O'CONNOR ● MICHAEL O'CONNOR ● PATRICK O'CONNOR ● ELLEN O'CONNOR ● JOHN O'DONOGHUE
JOHN O'DUFFY ● RICHARD O'FLAHERTY ● JOSEPH O'FLAHERTY ● PATRICK JOSEPH O'FLANAGAN
CHARLES O'GORMAN ● PATRICK O'GRADY ● JOHN O'GRADY ● EDWARD O'GRADY
MICHAEL O'HANRAHAN ● MARTIN O'LEARY ● WILLIAM O'NEILL ● JOHN O'REILLY
RICHARD O'REILLY ● THOMAS JOSEPH O'REILLY
O'TOOLE ● MICHAEL JOSEPH O'RAHILLY ● CLARENCE OSBORNE ● JOHN OWENS
PADRAIG
PEARSE
WILLIAM PEARSE
THOMAS PENTONY
PERCY VIVIAN CLAUDE PERRY
HARRY PHILLIPS ● GEORGE PIERCE
GUY VICKERY PINFIELD
GEORGE ALEXANDER PLAYFAIR
JOSEPH MARY PLUNKETT
JAMES POWER ● CHRISTINA PURCELL ● PHILIP ADDISON PURSER ● JAMES QUINN
ELIZABETH QUIRK ● THOMAS RAFFERTY ● ALAN LIVINGSTONE RAMSAY ● MARY REDMOND
CHRISTOPHER REDMOND ● REILLY ● JOHN REILLY ● THOMAS REILLY ● GEORGE REYNOLDS
PATRICK REYNOLDS ● WILLIAM JOHN RICE
HAROLD RODGERS ● THOMAS F. ROURKE
WILLIAM NELSON ROWE ● PATRICK RYAN
FREDERICK RYAN ● GEORGE PERCY SAINSBURY
FRANCIS SALMON ● CHARLES SAUNDERS
ARTHUR JAMES SCARLETT ● ABSLONE SCHERZINGER
WALTER ERIC SCOTT ● JOHN SHANAGHER
JOSEPH SHARGINE ● DANIEL SHEEHAN
FRANCIS JOSEPH CHRISTOPHER SHEEHY-SKEFFINGTON
FLORENCE SHEILS ● HENRY SHEPHERD
JOHN HENRY SHERWOOD ● PATRICK SHORTIS
ALFRED SIBLEY ● VINCENT PAUL SIMPSON
ARTHUR CHARLES SMITH ● HENRY SMYTH
ELIZABETH SMYTH ● BERT SPEED
TIMOTHY SPELLMAN ● PATRICK STEPHENSON
BRIDGET STEWART ● JOHN STILLMAN
HOLDEN STODART ● GEORGE SYNNOT
ROSANNA TAAFFE ● DAVID PERCIVAL TEMPEST
JOHN A THOMPSON ● MARY TIMMONS
JOHN JOSEPH TRAYNOR ● THOMAS TREACY
PATRICK TREVOR ● WALTER ASTLE TUNNICLIFFE
ALFRED TYLER ● PRUDENCE VANTREEN
EDWARD CARDEN VARNALS
MARGARET MARY VEALE ● WILLIAM WALKER
KATE WALSH ● PHILIP WALSH ● EDWARD WALSH
JOHN WALSH ● PHILIP WALSH
JAMES JOSEPH WALSH ● AUSTIN JOSEPH WALTON
ELEANOR WARBROOK ● ALFRED ERNEST WARMINGTON ● ARTHUR WARNER ● ABRAHAM WATCHORN
RICHARD WATERS ● WILLIAM WATSON ● FELIX JOSEPH WATTRES
THOMAS JOSEPH WEAFER ● WILLIAM WEST ● PATRICK WHELAN ● PATRICK WHELAN
CHRISTOPHER WHELAN ● DANIEL WHELAN ● SARAH WHELAN
JOHN WHELAN ● MYLES WHITE ● ELIZABETH WILKINSON
DAVID WILSON ● PETER WILSON ● ALBERT EDWARD WOOD
RICHARD WOODCOCK ● BASIL HENRY WORSLEY-WORSWICK
WILLIAM THOMAS PERCY WRIGHT ● GEORGE WYLD
SIDNEY LEONARD YOUNG
JOHN YOUNG

UCD DECADE of CENTENARIES

UCD DUBLIN



An Coláiste, Baile Átha Cliath
Belfield, Baile Átha Cliath 4, Éire
www.ucd.ie